

Tuarascáil Bhliantúil OT Baile Átha Cliath



mar a dtagann an fhoghlaim agus
an fíorshaol le chéile

Clár Ábhar

Ráiteas ón gCathaoirleach	6	6	Taighde agus Nuálaíocht	52
Focail Fáilte ón Uachtarán	7		6.1 Gníomhaíocht Taighde	54
Achoimre Fheidhmeach	8		6.2 Baill Foirne atá Gníomhach i dTaighde	54
Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath – Príomhfhíricí agus Príomhfhiúirí	12		6.3 Mic Léinn Taighde Iarchéime	55
Rún Straitéiseach 2030 – Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile	14		6.4 Cistiú Taighde	56
			6.5 Aistriú Eolais agus Gníomhaíocht Fiontraíochta	58
DAOINE	16	COMHPHÁIRTÍOCHT		62
1 Oideachas Claochlaitheach	18	7 Ár gComhpháirtíochtaí – tionchar a chruthú		64
1.1 Ár Mic Léinn – intinní éirimiúla, cruthaitheacht agus uailmhian a chothú	18	7.1 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an Lucht Léinn		64
1.2 Rath na mac léinn a spreagadh agus a cheiliúradh	24	7.2 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an Lucht Tionscail agus le Fiontair		66
1.3 Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn	26	7.3 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an bPobal		70
2 Forbairt Campais a Spreagadh	34	CUMASÓIRÍ		72
2.1 Ár mbonneagar campais	34	8.1 Inbhuanaitheacht Airgeadais		74
2.2 Úsáid ár saoráidí a bharrfheabhsú	35	8.2 Solúbthacht agus Aclaíocht Eagraíochtúil		74
3 Eiseamláir Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe	36	8.3 Claochlú Digiteach		74
3.1 An Plean Athena SWAN Uainn	36	8.4 Brandáil agus Cumarsáid Margaíochta		75
3.2 An Plean um Chothromas Cine Uainn	37			
3.3 An Plean um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach Uainn	37	9 Athbhreithniú Cáilíochta Institiúideach		79
4 Ár nDaoine – Díriú Lárnach	40	10 Ráiteas Comhionannais		83
4.1 Creat Gairmeacha Acadúla	40	11 Ráiteas Inbhuanaitheachta		87
4.2 Caidreamh leis an bhFoireann	42	12 Rialachas		91
4.3 Earcaíocht agus Coinneáil Foirne	43	12.1 Comhlacht Ceannais		91
4.4 Oiliúint agus Forbairt Foirne	44	12.2 An Chomhairle Acadúil		94
		12.3 Ráitis Airgeadais		96
DOMHAN	46	12.4 An Dualgas Earnála Poiblí – Acht na dTeangacha Oifigiúla		96
5 Ceannaireacht Inbhuanaitheachta	48	12.5 An Dualgas Earnála Poiblí – Comhionannas agus Cearta an Duine		96
5.1 An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide	48	12.6 An Dualgas Earnála Poiblí – Gníomhú ar son na hAeráide		97
5.2 Oideachas agus Oiliúint Inbhuanaitheachta	50			

Ráiteas ón gCathaoirleach

Leanann OT Baile Átha Cliath le misean bródúil a institiúidí bunaithe, agus é ag soláthar rochtana, sármhaitheasa agus oideachas atá bunaithe ar an saol réadúil do na mílte mac léinn gach bliain. Mar Chathaoirleach ar an gComhlacht Ceannais, is ábhar fóirbhróid dom tionchar claochlaitheach obair ár nOllscoile a fheiceáil. Ar fud na gcampas uile, tá dúthracht na foirne teagaisc agus na foirne neamhtheagaisc ag athrú saol daoine, ag oscailt conairí chuig oideachas, cáilíochtaí agus fostaíocht agus ag neartú todhchaí daoine aonair, teaghlach agus pobal.

Tá OT Baile Átha Cliath fréamhaithe go domhain sna pobail a bhfreastalaíonn sé orthu. Tá meas aige ar a ról mar áit foghlama agus mar spreagthóir deiseanna, cuimsithe agus nuálaíochta. Tá rún daingean ag an gComhlacht Ceannais a chinntiú go leanfaidh an Ollscoil le bheith ina tairseach chuig saol níos fearr do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do mhuintir na hÉireann go ginearálta.

Cosúil le haon institiúid óg agus uaillmhianach, bhí dúshlán le sárú ag OT Baile Átha Cliath. Bhí firinní an fháis agus an chomhdhlúthaithe ina ndúshlán dár gcórais agus dár struchtúir. Ba dhúshlán deacair é dul isteach i bpróiseas Alt 64 de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas. Mar sin féin, ba dhúshlán é lenar tugadh deis don Ollscoil athshocrú agus í féin a chur ar bhonn níos inbhuanaithe don todhchaí.

Bhí an t-ádh linn leas a bhaint as ceannaireacht stuama an Ollaimh John Doran, a ghlac ról an Uachtaráin eatramhaigh i mí an Mhárta 2024. Ag obair dó i ndlúthchomhar leis an gComhlacht Ceannais, chabhraigh an tOllamh Doran le plean cuimsitheach téarnaimh a fhorbairt agus a stiúradh. Bhí a cheannaireacht shocair, a aoibh mhaith agus a dhíograis shoiléir do OT Baile Átha Cliath thar a bheith luachmhar le linn tréimhse machnaimh riachtanaigh agus athnuachana riachtanaí. Táimid buíoch as a sheirbhís.

Is ar siúl atá an obair atá i gceist le OT Baile Átha Cliath a athnuachan agus le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach a thógáil. I bhfómhar na bliana 2024, chuir an Comhlacht Ceannais tús le cuardach cuimsitheach, oscailte agus cuimsitheach le haghaidh Uachtarán nua. Bhí ríméad orainn an Dr Deirdre Lillis a cheapadh, a thosaigh sa phost i mí Eanáir 2025. Chuir an Dr Lillis leis an ról tiomantas domhain do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann neamhtheagaisc, mar aon le rúndaingne dhiongbháilte agus le soiléire chuspóra. Tá a ceannaireacht ina foinse inspioráide cheana féin agus táimid ag tnúth leis an gcéad chéim eile d'fhorbairt OT Baile Átha Cliath faoina treoir.

Is maith is eol domsa, mar Chathaoirleach, agus don Chomhlacht Ceannais an mhuinín a chuireann mic léinn, baill foirne, an mórfhobal agus an pobal ionainn. Tugaimid an-aird ar an bhfreagracht sin. Ar fud na bliana atá imithe thart, rinneamar iarracht feidhmíocht agus cuntasacht na hOllscoile a neartú agus leanfaimid le formhaoirseacht ghníomhach chuiditheach a dhéanamh, rud atá ina dhualgas orainn faoin reachtaíocht.

Mar a léirítear ar na leathanaigh seo a leanas, is institiúid speisialta é OT Baile Átha Cliath, agus é óg, uaillmhianach agus lán d'acmhainneacht. Tá a éachtaí ina léiriú ar thallann, dícheall agus tiomantas a dhaoine. Molann an Comhlacht Ceannais na héachtaí sin go croíúil agus geallann sé go dtabharfaidh sé a thacaíocht iomlán sna míonna agus sna blianta atá le teacht chun a chinntiú go leanfaidh an Ollscoil ar aghaidh ag fás agus ag teacht faoi bhláth.

Charles J. Larkin, B.A. (Mod.), Ph.D. [TCD]
Cathaoirleach, an Comhlacht Ceannais, OT Baile Átha Cliath

Focail Fáilte ón Uachtarán

Is cúis áthais dom fáilte a chur romhat chuig an Tuarascáil Bhliantúil 2024 ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, ina gceiliúrtar dul chun cinn, cuspóir, agus tionchar claochlaitheach an oideachais atá gafa le fostóirí agus atá cleachtasbhunaithe.

In OT Baile Átha Cliath, creidimid gur inneall cumhachtach deiseanna é an t-ardoideachas. Táimid bródúil as conairí uathúla oideachais a thairiscint, idir phrintiseachtaí agus chláir PhD, lena dtacaítear le foghlaimeoirí ó gach cúlra lán a gcumais a bhaint amach. Mar an chéad ollscoil teicneolaíochta de chuid na hÉireann, tá ár ról sa tsochaí soiléir: bacainní ar an oideachas a bhriseadh síos agus na scileanna fíorshaoil a theastaíonn go géar ónár sochaí agus ónár ngeilleagar a thabhairt do chéimithe.

Tá ag éirí lenár samhail foghlama cleachtasbhunaithe. Deimhnítear sa leagan is déanaí den Suirbhé ar Thorthaí Céimithe Ardoideachais go bhfuil céimithe OT Baile Átha Cliath ag ceann an tslua ó thaobh na hinfhostaitheachta de, agus torthaí den scoth faighte acu i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna níos faide anonn sa tír. Laistigh de naoi mí ón gcéim a bhaint amach, is i bhfostaíocht lánaimseartha atá 78% dár gcéimithe a bhain céim Leibhéal 8 amach agus 82% dár n-iarchéimithe múinte. Léirítear sna figiúirí sin cé chomh luachmhar agus atá ár gcur chuige atá praiticiúil agus ailínithe le fiontair, rud lena n-ullmhaítear mic léinn do bheith inoiriúnaithe, nuálach, agus réidh le tionchar láithreach a bheith acu ar earnálacha tábhachtacha amhail Teicneolaíochtaí Digiteacha, Cógaisíocht agus Eolaíochtaí Beatha, Tionscail Chruithaitheacha agus Dearadh, Turasóireacht, Fuinneamh Glas, Foirgníocht Inbhuanaithe agus Innealtóireacht Bhithleighis.

Táimid fite fuaite go domhain inár bpobail freisin, agus muid ag réachtáil nithe amhail cláir litearthachta digití i scoileanna áitiúla agus comórtais eolaíochta lena spreagtar an chéad ghlúin eile, mar aon le comhpháirtíochtaí lena gcuirtear síocháin, ceartas agus inbhuanaitheacht chun cinn. Tá na tionscnaimh sin ina léiriú ar ár dtiomantas don chuimsiú sóisialta agus don chaidreamh sóisialta.

Ag féachaint chun cinn, táimid ag infheistiú os cionn €500 milliún i saoráidí ceannródaíocha ar fud ár líonra dhosháraithe campas. Osclófar forbairtí nua i mBaile Bhlainséir, i dTamhlacht agus i nGráinseach Ghormáin sa bhliain 2025 agus cothófar leo an nuálaíocht, an taighde agus an t-eispéireas mac léinn sna blianta amach romhainn.

De réir mar a leanaimid ar aghaidh ag fás agus ag forbairt, leagaimid ár ndíriú fós ar oideachas a sholáthar a bhfuil tábhacht leis, lena gcumhachtaítear foghlaimeoirí, lena neartaítear pobail, agus lena mbrúitear dul chun cinn na hÉireann chun cinn i ndomhan a bhíonn ag athrú go mear.

Go raibh maith agat as a bheith i do chuid dár n-aistear.

An tOllamh John Doran
Uachtarán Eatramhach, OT Baile Átha Cliath



Achoimre Fheidhmeach

Is é OT Baile Átha Cliath an chéad ollscoil teicneolaíochta de chuid na hÉireann riamh. Bunaíodh OT Baile Átha Cliath i mí Eanáir 2019 agus tá sé mar mhisean aige sármhaitheas a bhaint amach san fhoghlaim atá dírithe ar an mac léinn, sa taighde cleachtastreoraithe agus tionchardhírithe, sa rannpháirtíocht dhomhain i ndisciplíní agus sa chomhchruthú teagaisc, foghlama agus taighde. Agus é fite fuaite go domhain sa réigiún, tá campais ag OT Baile Átha Cliath i lár cathrach Bhaile Átha Cliath (i nGráinseach Ghormáin, ar Shráid Aungier, agus ar Shráid Bolton), i mBaile Bhlainséir agus i dTamhlacht.

Sheol an Ollscoil an [Rún Straitéiseach 2030](#) uaithi i mí Eanáir 2020. Leagadh amach ansin treocharlár deich mbliana le haghaidh fhorbairt na hOllscoile, agus é mar fhís aige 'Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile'. I gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna), tá an straitéis dírithe ar thrí phríomhcholún, eadhon Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht.

Sa bhliain 2023, sheol OT Baile Átha Cliath an [Plean Straitéiseach 2024-2028](#) uaidh, atá ar an dara céim den Rún Straitéiseach 2030. Leantar ansin de bheith ag díriú ar na trí cholún arb éard iad Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht, agus leagtar amach ann na spriocanna agus cuspóirí foriomlána do na cúig bliana atá romhainn. Ba í an bhliain 2024 an chéad bhliain den chur chun feidhme agus léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo na gníomhaíochtaí agus an dul chun cinn a rinne an Ollscoil sa bhliain 2024, rud atá leagtha amach faoi na trí cholún straitéiseacha.

Daoine

Chun tacú le cuspóirí náisiúnta don ardoideachas, ba thosaíocht straitéiseach sa bhliain 2024 é an líon rolluithe mac léinn a mhéadú, á chinntiú go bhfuil an Ollscoil solúbtha agus freagrúil maidir le ganntanais scileanna a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn, agus rannpháirtíocht níos mó i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus i spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta 2022-28 á cothú ag an am céanna.

Sa bhliain 2024, bhí breis agus 28,000 mac léinn in OT Baile Átha Cliath. Tá an Ollscoil freagrach as 9% de na rolluithe mac léinn ardoideachais ar fad sa tír agus tacaíonn sí freisin le líon suntasach printíseach ceardaíochta, mac léinn thar lear agus mac léinn ceoil shóisearaigh. Is é OT Baile Átha Cliath an soláthraí is mó ar an leibhéal náisiúnta i réimsí na hInnealtóireachta, na Monaraíochta agus na Foirgníochta, agus i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Maidir le rolluithe mac léinn san earnáil, bhí sé sa tríú háit san Eolaíocht agus sa tríú háit sa Ghnó, sa Riarachán agus sa Dlí freisin. Is soláthraí mór i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí freisin é OT Baile Átha Cliath, agus soláthraíonn sé 35% den oideachas 'Ealaíon Cruthaitheach agus Taibhiúcháin' i réigiún Bhaile Átha Cliath. Leanann an Ollscoil de bheith ina ceannaire i soláthar oideachais pháirtaimseartha, agus 8,500 mac léinn páirtaimseartha, beagnach, rollaithe inti sa bhliain 2024.

I gcomhréir le spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta 2022-2028, bhí an líon ab airde mac léinn rochtana againn sa tír (ar fud na gcatagóirí uile), agus é cothrom le 12.5% den iomlán. Áirítear leis sin breis agus 3,000 mac léinn ó chúdraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, agus breis agus 1,800 mac léinn a bhfuil míchumas orthu. Leanamar lenár dtiomantas do chothromas rochtana agus rannpháirtíochta san oideachas a chur chun cinn, agus do chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn i ngach gné dár gcuid oibre. Tá an t-iarratas institiúideach ar athnuachan Chré-umha Athena SWAN ar an mbóthar ceart lena chur isteach ag deireadh na bliana 2025.

Tá Dearcadh Domhanda a Bheith Againn ina chuid lárnach dár ngníomhaíochtaí agus, sa bhliain 2024, bhí breis agus 1,700 mac léinn neamh-AE againn, dá raibh breis agus 1,100 mac léinn cláraithe ar ár gclár thar lear. Ba mhéadú é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Bhí méadú againn freisin ar an líon mac léinn Erasmus agus malairte (1,000 mac léinn, beagnach), lena bhain 28 dtír.



Is táscaire tábhachtach ar rath mac léinn iad rátaí dul chun cinn agus, sa bhliain 2024, bhí feabhas 2% ann ar dhul chun cinn iontrálaithe nua chéad bhliana i gclárí fochéime, i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ba é fionnachtain ár suirbhé ar mhic léinn ná go ndéanadh 83% dár mic léinn *a gclár a mholadh do dhuine eile*. Bhí sé sin bunaithe ar cheist chomhchosúil i Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn (ISSE) agus is é an sprioc atá againn ná 85% a bhaint amach faoin mbliain 2028.

Agus feabhas á chur againn ar cháilíocht na timpeallachta foghlama fisiciúla agus na saoraidí campais dár mic léinn, dár bhfoireann agus dár ngeallsealbhoirí, chuireamar roinnt tionscadail mhóra tógála i gcrích sa bhliain 2024, mar aon le hathchóiriú leanúnach a dhéanamh ar dhéanmhais chosanta. Leanadh leis an tógáil

agus leis na hathchóirithe ar fud na bliana 2024 ar fud ár gcampas i mBaile Bhlainséir, i nGráinseach Ghormáin agus i dTamhlacht.

Leanamar sa bhliain le hinfheistiú i dtimpeallacht atá tacúil agus dírithe ar dhaoine a chruthú. Rinneamar an-dul chun cinn ar chreat gairmeacha a chur chun cinn do bhaill foirne acadúla agus ar shamhail leithdháilte ualaigh oibre a fhorbairt. Sheolamar an chéad *Suirbhé ar Chaidreamh le Fostaithe de chuid OT Baile Átha Cliath* agus, sa bhliain 2024, sheolamar THRIVE freisin. Is creat iomlánaíoch taighdebhunaithe um fholláine san ionad oibre do bhaill foirne é sin. Dámhadh an gradam creidiúnaithe 'Sármhaitheas Acmhainní Daonna sa Taighde' (HRS4R) do OT Baile Átha Cliath i mí Feabhra 2024.

Domhan


Is é an aidhm atá againn aitheantas a fháil as ár dtiomantas d'fhiorghníomhaíocht maidir le hinbhuanaitheacht, dár lorg carbóin a laghdú agus do chaighdeán inbhuanaitheachta domhanda a chomhlíonadh. Bunaíodh Comhairle Inbhuanaitheachta na hOllscoile (USC) i dtús na bliana 2024 chun inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn in OT Baile Átha Cliath, agus muid ag aistriú ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár sainorduithe de réir reachtaíochta isteach i Straitéis Inbhuanaitheachta na hOllscoile. Agus an t-iaratas uainn curtha isteach againn, táimid ag súil go mbeidh rátáil STARS® againn sa bhliain 2025. (Is é STARS an Córas Rianaithe, Measúnachta agus Rátála Inbhuanaitheachta lena gcuirtear ar chumas Institiúidí Ardoideachais a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a rianú agus a thomhas). I Ranguithe Tionchair Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ardoideachais ó The Times sa bhliain 2024, bhí OT Baile Átha Cliath rangaithe sa 100 ollscoil is fearr ar domhan ar thrí Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG): bhíomar rangaithe sa 29ú háit ar domhan le haghaidh SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide, sa 69ú háit le haghaidh SDG 1: Deireadh le Bochtaineacht, agus sa 72ú háit le haghaidh SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe.

I réimse an Taighde agus na Nuálaíochta, tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath aitheantas a fháil as eolas nua a chruthú agus as réitigh thráthúla phraiticiúla a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ([Straitéis Taighde agus Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath 2023-2028](#)). Chun tacú leis sin, d'fhorbraíomar an chéad Chreat Tionchair Taighde uainn riamh, rud lena soláthraítear cur chuige struchtúrtha do bhaill foirne agus do mhic léinn i leith tionchar a gcuid taighde a phleanáil, a bhaint amach agus a léiriú. D'fhoilsíomar freisin an [Plean Gníomhaíochta um Chomhghuaillíocht chun Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn](#) uainn, rud ina leagtar amach straitéis OT Baile Átha Cliath le haghaidh measúnú taighde a athchóiriú thar na trí bliana atá romhainn.

Mar chuid dár straitéis taighde agus nuálaíochta, d'fhógraíomar bunú 21 Ionad Taighde Ainmnithe, atá ailínithe lenár gcúig thosaíocht taighde ar leith. An tionscnamh ARISE (*Amplifying Research and Innovation Supporting Enterprise*) in OT Baile Átha Cliath, a bhfuil infheistíocht €13.6 milliún faighte aige ón Aontas Eorpach agus ó Rialtas na hÉireann

mar thacaíocht, tá naisc idir an lucht léinn agus an lucht tionscail á gcur chun cinn aige ar fud cúig phríomhearnáil.

Leanann an líon mac léinn taighde iarchéime in OT Baile Átha Cliath ar aghaidh ag fás. D'fheidhmíomar níos fearr ná ár spriocanna maidir leis an líon mac léinn iarchéime agus d'fheidhmíomar níos fearr ná ár spriocanna maidir le haistriú eolais, lenár áiríodh comhaontuithe ceadúnais nua agus seach-chuideachtaí ollscoile. Leanaimid de thacú le gníomhaíocht fiontraíochta agus, i mbliana, ba faoi stiúir ag mná a bhí 53% de na gnólachtaí a bhí ag glacadh páirt sa chlár New Frontiers.



Comhpháirtíocht

Sprioc ardleibhéil sa Phlean Straitéiseach 2024-2028 uainn is ea leanúint dár gcomhpháirtíochtaí gníomhacha leis an lucht léinn, leis an lucht tionscail, leis an bpobal agus leis an tsochaí a thógáil agus a fhás chun fíorluach agus tionchar a chruthú. Sa bhliain 2024, thugamar tús áite do chur lenár gcomhpháirtíochtaí leis an lucht léinn agus lenár gcaidrimh reatha leis an lucht tionscail, agus comhghuaillíochtaí nua á mbunú againn ar fud príomhearnálacha eacnamaíocha.

Ar an leibhéal náisiúnta, ba é OT Baile Átha Cliath an príomh-chomhpháirtí sa tionscadal [Building Change](#), atá ina thionscadal de Cholún 3 de chuid an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna i measc na sé scoil ailtireachta in Éirinn. Tá sé mar aidhm leis sin athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar churaclam na haitireachta, agus céimithe amach anseo á gcumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inbhuanaitheachta a mbíonn an tsochaí ag déileáil leo. Ar leibhéal an Aontais

Eorpaigh, neartaíomar ár rannpháirtíocht laistigh d'Ollscoil [Teicneolaíochta na hEorpa \(EUT+\)](#) agus sheolamar [Céim Mháistreachta sa Cheannaireacht Inbhuanaitheachta Domhanda](#) i gcomhoibriú le [hInstitiúid Oiliúna agus Taighde na Náisiún Aontaithe](#).

Tacaíodh le ceann dár gcomhpháirtíochtaí domhanda faoin gCreat um Gníomhaíocht Chomhoibrioch idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Polytechnics Canada. Shínigh OT Baile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le roinnt Institiúidí Ardoideachais i gCeanada, lena n-áirítear British Columbia Institute of Technology, Humber Polytechnic, agus Mount Royal University, agus fiosrú á dhéanamh ar chomhoibriú san oideachas cógaisíochta do thionscail áitiúla, ar chlár chomhpháirteacha san inbhuanaitheacht ghnó, ar chlár conairí, ar chomh-mhaoirseacht, agus ar mhalartuithe do bhaill foirne agus do mhic léinn.

Le linn na bliana 2024, lean ár gcomhpháirtíochtaí leis an bpobal agus tionscail de rath a bhaint amach freisin, agus tugtar samplaí díobh sin i gcorp na tuarascála



Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath

Príomhfhíricí agus Príomhfhigiúirí



28K+
mac léinn



7k
céimí in aghaidh
na bliana



3
champas



8K+
mac léinn
páirtaimseartha



1 : 15
cóimheas ball foirne
is mac léinn



3K+
mac léinn idirnáisiúnta
ó níos mó ná 100 tír



1,000+
mac léinn ag obair
le heagraíochtaí pobail



STEM
15%
den soláthar
náisiúnta



Gnó
12%
den soláthar
náisiúnta



Seirbhísí
18%
den soláthar
náisiúnta



Ealaíona
Cruthaitheacha agus
Taibh-ealaíona 35%
de sholáthar réigiún
Bhaile Átha Cliath



Printíseachtaí
Ceirde
20%
den soláthar náisiúnta



28%
an céatadán
d'fhochéimithe nua
a tháinig isteach
trí **bhealaí rochtana**



Breisoideachas
21%
d'iarratais náisiúnta



Baill Foirne a
bhfuil Gradaim
Buaite acu



Gradam Cré-umha
Athena SWAN



€28M
Caiteachas Taighde




1,000+
comhoibriú
acadúil



14.6M+
íoslódáil taighde rochtana
oscailte ó arrow@TUDublin

Réimsí staidéir ár mac léinn



800+
comhoibriú leis
an lucht tionscail



Gníomhaíochtaí
Aistrithe Teicneolaíochta
a bhfuil Gradaim
Buaite acu



7,000m²
de spás goir



120+
gnólacht nuathionscanta
in aghaidh na bliana
(a éascaítear ar an gcampas)



200+
Rannpháirtí i gcláir
do ghnólachtaí
nuathionscanta

Rún Straitéiseach 2030

Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile

Sa [Rún Straitéiseach 2030](#) ó OT Baile Átha Cliath, cuirtear fíis in iúl chun ‘Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile’ agus tá sí bunaithe ar thrí cholún – **Daoine**, **Domhan** agus **Comhpháirtíocht**.

Daoine – áit a bhfuil sé mar uailmhian againn buanna daoine aonair a chothú i ndomhan a bhíonn ag síorathrú

Domhan – áit a bhfuil sé mar uailmhian againn a bheith inár lárionad cumhachta don inbhuanaitheacht bheomhar

Comhpháirtíocht – áit a bhfuil sé mar aidhm againn comhthionchar a sholáthar

Tá an Ollscoil ag cur an [Phlean Straitéisigh 2024-2028](#) uathí chun feidhme anois, rud atá ag léiriú na n-aidhmeanna sin. Tá príomhréimsí dírithe an phlean tugtha thíos.

Fíor 1: Réimsí Dírithe don Phlean Straitéiseach 2024-2028

DOMHAN

DAOINE



- Oideachas Claochlaitheach
- Forbairt Campais a Spreagadh
- Eiseamláir Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe
- Daoine – Díriú Lárnach



- Ceannaireacht Inbhuanaitheachta
- Uailmhian Taighde agus Nuálaíochta

COMHPHÁIRTÍOCHT




- Comhpháirtíochtaí le haghaidh Tionchair

CUMASÓIRÍ

- Inbhuanaitheacht Airgeadais
- Solúbthacht agus Aclaíocht Eagraíochtúil
- Claochlú Digiteach
- Brandáil agus Cumarsáid Margaíochta



DAOINE



Ár nUaillmhian

Buanna Daoine Aonair a Chothú i nDomhan a Bhíonn ag Síorathrú

- » tá sé de rún againn samhlaíocht na mac léinn, na mball foirne agus na gcomhpháirtithe a spreagadh agus tacú le daoine a mbuanna a fhiosrú agus lán a gcumais a bhaint amach


1 Oideachas Claochlaitheach

Bunaithe ar ár samhail oideachais, tá sé mar aidhm againn rolluithe na hOllscoile a mhéadú – mic léinn nua agus éagsúla a mhealladh agus rath ár bhfoghlaimoirí a chinntiú, agus rátaí méadaithe dul chun cinn agus bronnta céime agus eispéireas feabhsaithe foriomlán mac léinn ann.

1.1 Ár Mic Léinn – intinní éirimiúla, cruthaitheacht agus uaillmhian a chothú

Sa bhliain 2023/24, bhí pas beag níos lú ná 266,000 mac léinn rollaithe san ardoideachas in Éirinn. Léirítear i bhFíor 2 thíos go bhfuil pas beag níos mó ná 9% de na rolluithe mac léinn ardoideachais ar fad sa tír ag OT Baile Átha Cliath. Ní chuirtear san áireamh san fhigiúr sin an líon suntasach printíseach, mac léinn thar lear agus mac léinn ceoil shóisearaigh san Ollscoil, áfach. Agus breis agus 7,000 céimí á gceiliúradh aige gach bliain, tá OT Baile Átha Cliath ar cheann de na hollscoileanna is mó in Éirinn fós. Tá an líon is mó mac léinn fochéime lánaimseartha nua ar fud na tíre ag an Ollscoil, agus breis agus 5,000 mac léinn fochéime ag tosú gach bliain.

Fíor 2: Rolluithe Mac Léinn – Miondealú de réir Institiúidí Ardoideachais ar fud na tíre, 2023/24



Source: HEA Statistics
Excludes Apprenticeships, Overseas, Incoming Exchange, and Junior Music students

Tá an Ollscoil suite i réigiún Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, ar mol eacnamaíoch mór é atá freagrach as thart ar 50% den fhostaíocht ar fad sa tír, ar fud tionscail éagsúla. Meastar go dtiocfaidh méadú 17% ar dhaonra EMRA go 2.7 milliún duine faoin mbliain 2031, agus píblíne láidir foghlaimoirí ionchasacha atá ag dul isteach san Ardoideachas á soláthar. Beidh tionchar acu seo a leanas ar an méadú sa todhchaí ar rolluithe mac léinn OT Baile Átha Cliath: (i) suíomh na hOllscoile laistigh de EMRA, (ii) forbairt ár dtairisceana clár, agus (iii) ár bplean chun ár rolluithe mac léinn neamh-AE a mhéadú.

Mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2024-2028, tá uaillmhian na hOllscoile mar a leanas:

- » An líon iomlán rolluithe mac léinn a mhéadú faoi 12%. Leis sin, tacófar le cuspóirí náisiúnta don ardoideachas, á chinntiú go bhfuil an Ollscoil solúbtha agus freagrúil maidir le ganntanais scileanna a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn, agus rannpháirtíocht níos mó i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus i spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta 2022-28 á cothú ag an am céanna.
- » An céatadán d'iontrálaithe nua atá ag déanamh dul chun cinn ar leibhéal an disciplín agus na dámhachtana a mhéadú go dtí an norm náisiúnta ar a laghad
- » Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn ionas go mbeidh 85% de mhic léinn sásta lena n-eispéireas ollscoile in OT Baile Átha Cliath

Próifíl Mac Léinn OT Baile Átha Cliath

Sa bhliain 2023/24, b'ionann agus 28,188 mac léinn an líon iomlán mac léinn in OT Baile Átha Cliath – áirítear leis sin na grúpaí mac léinn uile, lena n-áirítear printíseachtaí, mic léinn thar lear agus ár mic léinn Ceoil Shóisearaigh. Ba iad 67% agus 33% faoi seach an miondealú idir mic léinn lánaimseartha agus mic léinn pháirtaimseartha. I dTábla 1, tugtar miondealú ar mhic léinn ó Leibhéal 6 den NFQ (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) go Leibhéal 10 den NFQ, agus idirdhealú á dhéanamh idir mic léinn lánaimseartha, mic léinn pháirtaimseartha, mic léinn fochéime agus iarchéime (múinte), agus mic léinn taighde iarchéime (Leibhéil 9 agus 10 den NFQ). Leanann an Ollscoil de bheith ina ceannaire i soláthar oideachais pháirtaimseartha. Sa bhliain 2023/24, bhí 8,500 mac léinn páirtaimseartha, beagnach, ag an Ollscoil ar leibhéil ardoideachais, dá raibh 72% ar an leibhéal fochéime.

Tábla 1: Líon Mac Léinn OT Baile Átha Cliath, 2023/24

Cineál Cláir	NFQ	Full Time	Part Time	Total
Céim Onóracha – Leibhéal 8	8	13,827	1,212	15,039
Céim Ghinearálta – Leibhéal 7	7	2,936	795	3,731
Ardteastas – Leibhéal 6	6	557	714	1,271
Teastas	6	-	1,006	1,006
Dioplóma	8	-	6	6
Cáilíocht Oiliúna Gairmiúla (Fochéime)	6,7,8	43	706	749
Printíseacht / Sainleas QQI	6	-	1,676	1,676
Bonnchlár (Fochéime)	6	106	-	106
Clár Ócáideach (Fochéime)	7,8	-	-	-
Rochtain/Uasóiliúint nach Rochtain/Uasóiliúint 3ú Leibhéal (e.g., an Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL))	99	-	-	-
Iomlán na bhFochéimithe		17,469	6,115	23,584
Céim Mháistreacht Mhúinte (Iarchéime)	9	609	847	1,456
Ard-Dioplóma (Iarchéime)	8	50	272	322
Dioplóma (Iarchéime)	9	25	127	152
Teastas (Iarchéime)	9	-	450	450
Cáilíocht Oiliúna Gairmiúla (Iarchéime)	9	-	445	445
Clár Ócáideach (Iarchéime)	9	-	-	-
Iomlán na gCéimithe Múinte	-	684	2,141	2,825
Céim Mháistreacht Taighde (Iarchéime)	9	42	34	76
PhD (Iarchéime)	10	419	185	604
Iomlán na gCéimithe Taighde	-	461	219	680
Ceol Sóisearach	-	-	723	723
Malairtí Isteach	-	376	-	376
Mór-Iomlán	-	18,990	9,198	28,188



Ár bPróifil Mac Léinn san Earnáil Ardoideachais

Tá cáil ar OT Baile Átha Cliath as a thairiscintí oideachais atá cleachtasbhunaithe agus atá dírithe ar fhiontair.



Tá céatadán ard mac léinn ag an Ollscoil i réimsí STEM, a chuimsíonn na réimsí staidéir seo a leanas: Innealtóireacht, Déantúsaíocht agus Foirgníocht; TFC; agus Eolaíocht. Sa bhliain 2023/24, b’ionann na rolluithe STEM agus leath mhic léinn ardoideachais OT Baile Átha Cliath, beagnach, agus bhí an Ollscoil freagrach as 15% de na mic léinn STEM sa tír.



Is é OT Baile Átha Cliath an soláthraí is mó i réimsí na hInnealtóireachta, na Monaraíochta agus na Foirgníochta, agus é freagrach as 18% den soláthar náisiúnta.



Tá sé ar cheann de na soláthraithe is mó sa TFC freisin, agus é freagrach as breis agus 16.5% den soláthar náisiúnta.



San Eolaíocht, bhí 3,000 mac léinn, beagnach, ag an Ollscoil. Bhí an figiúr sin coibhéiseach le 11% den soláthar náisiúnta, agus é sa tríú háit, tar éis an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



Sa Ghnó, sa Riarachán agus sa Dlí, agus pas beag níos lú ná 6,000 mac léinn iontu, tá OT Baile Átha Cliath i measc na dtí sholáthraí is mó, agus é freagrach as 12% den soláthar náisiúnta.



Is soláthraí mór i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí freisin é OT Baile Átha Cliath, agus soláthraíonn sé 35% den oideachas ‘Ealaíon Cruthaitheach agus Taibhiúcháin’ i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Réimse tábhachtach gníomhaíochta don Ollscoil is ea oideachas printíseachta. Oibríonn OT Baile Átha Cliath i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí chun sraith éagsúil cúrsaí oideachais agus oiliúna printíseachta a sholáthar, i réimsí amhail meicnic aerárthaí, innealtóireacht leictreach thionsclaíoch, teileachumarsáid, agus foirgníocht. Sa bhliain 2024, bhí 1,676 mhac léinn cláraithe ar chlár thraidisiúnta printíseachta ceardaíochta agus bhí 258 mac léinn eile cláraithe ar phrintíseachtaí a bhí faoi stiúir cuibhreannas, i réimsí amhail ionstraimiú próisis, uathoibriú, lóistíocht agus ríomhaireacht i dteicneolaíochtaí líonraithe.

Agus punann éagsúil clár aici, cuireann an Ollscoil conairí éagsúla dul chun cinn ar fáil do mhic léinn ar fud na ndámh uile freisin. Is féidir le foghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh ó Leibhéal 6 den NFQ chuig Leibhéal 7 agus 8 (Céim Ghinearálta agus Céim Onóracha), agus chuig léann iarchéime (Ard-Diplóma, Cálíocht Oiliúna Gairmiúla, Céim Mháistreachta, agus PhD). Freastalaíonn an Ollscoil ar dhaoine ar mian leo a gcuid scileanna a fheabhsú/a gcáilíochtaí a mhéadú, lena n-áirítear trí mhicridhintiúir, agus cuireann sí clár thiontúcháin ar fáil lena dtugtar deis d’foghlaimeoirí a gcuid scileanna a fheabhsú agus/nó a gconair gairme a athrú.

Conairí a Chruthú do Chách

Tá sé mar aidhm againn a bheith ar an ollscoil is soroachtana in Éirinn, agus an líon is mó foghlaimeoirí éagsúla aici.

I gcomhréir le huaillmhianta an [Phlean Rochtana Náisiúnta \(NAP\)](#), tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath earnáil ardoideachais atá cuimsitheach agus éagsúil a chruthú, agus tá spriocanna sonracha socraithe do na grúpaí tosaíochta atá sainaitheanta san NAP¹. Chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach, thugamar ‘Plean OT Baile Átha Cliath um Rochtain agus Rannpháirtíocht 2024-28’ chun críche le linn na bliana 2024. Leagtar amach ansin mionsonraí faoi conas atá sé beartaithe againn rochtain chóir agus rath mac léinn a chumhdach agus a chur chun cinn trínár ngníomhaíochtaí for-rochtana, trí thacaí do mhic léinn agus trí thionscnaimh eile.

Tá achoimre i dTábla 2 ar na héachtaí is suntasaí a baineadh amach sa bhliain 2024 maidir leis an bPlean Rochtana Náisiúnta a chur chun feidhme. Tá na sonraí comparáideacha sin bunaithe ar rolluithe na mblianta roimhe, ach tá siad ar an mbonn le leithdháileadh an chistiúcháin deontais ón Údarás um Ard-Oideachas le haghaidh mic léinn rochtana sa bhliain 2024. Laistigh den earnáil oideachais, bhí ag OT Baile Átha Cliath:

- » An líon ab airde mac léinn rochtana (ar fud na gcatagóirí uile) sa tír = 12.5% den iomlán
- » An dara líon ab airde mac léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, tar éis Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (2,718 mac léinn agus 2,795 mac léinn faoi seach)
- » An dara líon ab airde mac léinn lánfhásta faoi mhíbhuntáiste, tar éis Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- » An dara líon ab airde mac léinn faoi mhíchumas, tar éis an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

¹ Áirítear le grúpaí tosaíochta an NAP (an Plean Rochtana Náisiúnta um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíocht agus Rath san Ardoideachas 2022–2028) daoine a bhfuil taithí acu ar an easpa dídine, daoine a bhfuil taithí acu ar mhíchumas (lena n-áirítear cineálacha míchumais intleachta), mic léinn lánfhásta, tuismitheoirí aonair, daoine den Lucht Siúil agus den phobal Romach, imircigh, dídeanaithe, mionlaigh eitneacha, agus daoine atá ar ioncam íseal nó ar leas sóisialach.

Tábla 2: Feidhmíocht OT Baile Átha Cliath maidir le Rochtain agus Rannpháirtíocht

Rolluithe na gCohórt Spriocdhírthe	Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	Gach Institiúid	% den Soláthar Náisiúnta	Rangú
Mic Léinn faoi Mhíbhuntáiste Socheacnamaíoch	2,718	20,510	13.2%	2
Mic Léinn Lánfhásta faoi Mhíbhuntáiste – Iontrálaithe Nua	118	919	12.8%	2
Mic Léinn faoi Mhíchumas	1,853	17,057	10.9%	2
Daoine den Lucht Siúil	12	133	9%	5
Iomlán na Mac Léinn Rochtana (arna gcistiú ag an tSamhail Leithdháilte Deontais Atréimhsigh)	7,419	59,129	12.5%	1



Mic Léinn leis an tSeirbhís Tacaíochta Rochtana

Forbraíodh an tionscnamh dar teideal **Taste of TU Dublin** trí chaidreamh le comhpháirtithe pobail, agus tugadh tacaíocht dó faoi [PATH 3](#), rud a bhfuil sé mar aidhm aige earnálacha difriúla a thabhairt le chéile chun tacú le cothromas rochtana ar an Ardoideachas. Sa chás seo, chomhoibriú OT Baile Átha Cliath le heagraíochtaí pobail chun clár a dhearadh agus a sholáthar lena dtabharfaí deis d’foghlaimeoirí aosacha OT Baile Átha Cliath a eispéiriú, cuairt a thabhairt ar an gcampas, na roghanna ardoideachais atá ar fáil dóibh a fhiosrú, agus foghlaim faoi na tacaí agus faoin gcúnamh atá ar fáil dóibh.

Triailleadh an clár sa bhliain 2021, agus deich rannpháirtí ann. Ón uair sin i leith, tá 19 n-imeacht de chuid Taste of TU Dublin éascaithe ag an Ollscoil, agus 335 rannpháirtí iontu. Bhain na rannpháirtithe leas as trí fhaisnéis shoiléir a fháil faoi dheiseanna ardoideachais agus trí thuiscint a ghnóthú ar na bealaí iontrála, ar na conairí agus ar an bpróiseas iarratais, ar na tacaí airgeadais atá ar fáil agus ar ionchais ghairme agus fostaíochta. Oiriúnú tábhachtach a rinneadh ar Taste of TU Dublin ba ea seisiún a chruthú a bhí spriocdhírthe go sonrach ar dhaoine atá sa chóras um larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.

Ár Mic Léinn Idirnáisiúnta – Bheith Domhanda

Is é ár n-uaimhian ná a chur ar chumas ár mac léinn feasacht agus inniúlachtaí a fhorbairt maidir le feidhmiú agus obair i gcomhthéacsanna ilchultúrtha, trí thimpeallacht a chruthú lena mealltar líon méadaithe mac léinn idirnáisiúnta chun staidéar a dhéanamh in OT Baile Átha Cliath agus lena gcuirtear deiseanna soghluaisteachta thar lear, lena n-áirítear Erasmus, chun cinn agus lena dtacaítear le mic léinn páirt a ghlacadh iontu.

Tá an sprioc mar a leanas:

- » An líon mac léinn neamh-AE a íocann táillí atá againn a mhéadú go 10% de na mic léinn lánaimseartha uile
- » Soghluaisteacht mac léinn (Erasmus) a mhéadú go 2% ar a laghad de na rolluithe fochéime lánaimseartha iomlána

Sa bhliain 2024, bhí 1,729 mac léinn neamh-AE ag OT Baile Átha Cliath, dá raibh 646 mhac léinn ag déanamh staidéar i mBaile Átha Cliath agus dá raibh 1,129 mac léinn eile rollaithe ar ár gcláir thar lear, sa tSín mar shampla (suas ó 924 mhac léinn sa bhliain 2023). Bhí 451 mhac léinn isteach agus malairte Erasmus againn freisin (ar méadú 6% é ar an mbliain roimhe), agus iad ag teacht ó 23 thír, mar aon le 514 mhac léinn a bhí ag dul amach, agus iad ag baint leas as seimeastar amháin ar a laghad thar lear – i 28 dtír.

I bhFíor 3, léirítear ár gcuallacht mac léinn idirnáisiúnta de réir a n-áite sainchónaithe. Sa bhliain 2024, bhí méadú ann sa líon mac léinn ón Áise, ó 55% i gcomparáid le 52% sa bhliain roimhe, agus fás suntasach ann sa líon mac léinn ón mBanglaidéis agus ón bPacastáin. Tháinig laghdú coibhneasta 3% ar an líon mac léinn ón Eoraip (ó 38% go 35%). Bhí mic léinn ón Afraic, ón Áise Láir agus ó Mheiriceá Laidineach ann freisin.

Fíor 3: Mic Léinn Idirnáisiúnta OT Baile Átha Cliath de réir an Réigiúin Bunaidh, 2023/24



Bhí leath ár mac léinn neamh-AE, beagnach (46%), rollaithe ar chláir iarchéime. Bhí a bhformhór ar chláir Mháistreachta Mhúinte Leibhéal 9 sa Ghnó, san Innealtóireacht agus sa TFC. I gcomparáid leis an mbliain roimhe, bhí fás ann sa líon mac léinn a bhí rollaithe ar chláir TFC, Eolaíochta agus Ghnó.

Tábla 3: Mic Léinn Neamh-AE ar Chláir Mháistreachta (Mhúinte) Leibhéal 9

Dámh	2022/23	2023/24	Athrú mar %
Na hEalaíona agus na Daonnachtaí	44	41	-7%
Gnó	80	107	34%
An Ríomhaireacht, na Teicneolaíochtaí Digiteacha agus na Sonraí	26	52	100%
An Innealtóireacht agus an Timpeallacht Thógtha	61	70	15%
Na hEolaíochtaí agus an tSláinte	17	24	41%
Iomlán	228	294	29%

1.2 Rath na mac léinn a spreagadh agus a cheiliúradh

Bunaithe ar ár samhail oideachais, tá sé mar uailmhian againn rath ár bhfoghlaimoirí a chinntiú, agus rátaí méadaithe dul chun cinn agus bronnta céime agus eispéireas feabhsaithe foriomlán mac léinn ann.

Leagtar amach sa [Bheartas i dtaca le Tréithe Céimithe](#) ón Ollscoil na scileanna, na cáilíochtaí agus na cumais a bheidh mar shainghnéithe dár gcéimithe agus a fhorbrófar agus a shaihbheofar trína gcláir acadúla, trína ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, agus trína n-eispéiris foghlama agus oibre. Maidir lenár gcéimithe:

- » Is foghlaimoirí ar feadh an tsaoil atá cumasach ó thaobh cúrsaí digiteacha de iad: Céimithe atá cumhachtaithe chun oiriúnú agus rath a bhaint amach i ndomhan atá nasctha ó thaobh cúrsaí digiteacha de agus a bhíonn ag síorathrú
- » Is saoránaigh dhomhanda atá dírithe ar an inbhuanaitheacht iad: Céimithe atá rannpháirteach i gcúrsaí sóisialta agus atá freagrach, agus iad ag treorú na gclár oibre inbhuanaitheachta agus cothromais le díograis, le cuspóir agus le hathléimneacht
- » Is réiteoirí comhoibríocha fadhbanna fíorshaoil iad: Céimithe atá trealmhaithe leis na scileanna agus na cumais chun freagairt go réamhghníomhach agus go héifeachtach do dhúshláin amach anseo

Leagtar amach sa bheartas conas a leabóidh an Ollscoil na tréithe céimithe isteach sa churaclam – i ngníomhaíochtaí foghlama, i measúnuithe múnlaítheacha agus i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim/comhchuraclaim – chun feabhas a chur ar eispéireas foghlama foriomlán ár mac léinn. Is táscaire tábhachtach ar rath na mac léinn agus ar thimpeallacht thacúil foghlama iad rátaí dul chun cinn, rud atá taobh thiar dár ndíriú ar fheabhas a chur ar dhul chun cinn na mac léinn agus ar eispéireas na mac léinn.

Díriú ar Dhul Chun Cinn na Mac Léinn

Sa bhliain 2024, sheol an ÚAO staidéar fianaisebhunaithe ar dhul chun cinn na mac léinn² ar fud na tíre dar teideal ‘[Exploring Student Progression in Higher Education](#)’. Léiríodh sa staidéar ar dhul chun cinn iontrálaithe nua ón mbliain 2021/22 go dtí an bhliain 2022/23 méadú 3% ar rátaí neamhdhul chun cinn ar fud na tíre (i gcomparáid le cohórt na bliana 2020/21). Léiríodh ann freisin rátaí ní b’airde neamhdhul chun cinn i measc mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle, i measc mic léinn den inscne fhireann i gcomparáid le mic léinn den inscne bhaineann, agus i measc mic léinn a raibh líon ní b’ísle pointí Ardeistiméireachta acu ar ligean isteach dóibh.

Léiríodh sna rátaí dul chun cinn de réir leibhéal NFQ gur bhain an ráta neamhdhul chun cinn ab airde le hiontrálaithe nua Leibhéal 7 den NFQ (31%), agus gur bhain na rátaí neamhdhul chun cinn ab airde ina dhiaidh sin le Leibhéal 6 den NFQ (25%), agus le Leibhéal 8 den NFQ (14%). Luadh tionchar COVID-19 mar phríomhthoisic a leanann de dhífead a dhéanamh do mhic léinn san fhadtéarma de réir mar a bhogann siad tríd an gcóras oideachais. Tá an fhionnachtain sin ag teacht le haiseolas ó shuirbhéanna náisiúnta rannpháirtíochta ar mhic léinn, ina dtaifeadtar méadú sa líon mac léinn atá thíos le braistintí scoiteachta, le heaspa braistinte cómhuintearais, le meabhairshláinte níos measa, agus le leibhéal níos ísle inspreagtha. Tugtar faoi deara nach bhfuil sé sin uathúil d’Éirinn agus go dtuairiscítear treochtaí comhchosúla ar fud thíortha ECFE (ECFE, 2023).

² Sa staidéar ón ÚAO, meastar go bhfuil dul chun cinn déanta ag mac léinn má tá sé/sí i láthair san institiúid chéanna sa bhliain acadúil dár gcionn.



Tábla 4: Rátaí Neamhdhul Chun Cinn in OT Baile Átha Cliath i gcomparáid leis an Meán Náisiúnta, de réir Leibhéal NFQ

Leibhéal NFQ	OT Baile Átha Cliath 2021/22	An Meán Náisiúnta 2021/22
6	17%	25%
7	25%	31%
8	14%	14%
All	17%	15%

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do rath ár bhfoghlaimoirí a chinntiú, agus tá fianaise luath ann á léiriú go bhfuil rátaí dul chun cinn mac léinn ag filleadh ar na leibhéil a bhí ann roimh phaindéim COVID-19, agus feabhas foriomlán ann go sonrach ag leibhéal 7 agus 8. Tá sprioc leagtha síos ag an Ollscoil go mbeidh na rátaí iosta dul chun cinn d’iontrálaithe nua i ngach clár cothrom leis an norm náisiúnta faoin mbliain 2028. Sa bhliain 2024, bunaíodh tascghrúpa tiomnaithe chun cabhrú le haghaidh a thabhairt air sin; diríonn sé ar theaghlaim straitéisí a chur chun feidhme chun coinneáil mac léinn a spreagadh, lena n-áirítear trí fheabhas leanúnach a chur ar an gcuraclam, trí chaidreamh feabhsaithe le mic léinn, trí fhaireachán feabhsaithe ar thinreamh mac léinn, agus trí thacaí feabhsaithe do mhic léinn.

In OT Baile Átha Cliath, bímid ag déileáil le dúshláin ar leith mar gheall ar éagsúlacht ár dtairisceana (tá rátaí níos airde neamhdhul chun cinn ag cláir leibhéal 6 agus 7) agus ar éagsúlacht ár mboinn mac léinn (áit arb é is dóichí go staitistiúil go mbeidh rátaí níos ísle dul chun cinn ag mic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, arb ionann iad agus 23% i gcomparáid le 12% i measc mic léinn shaihbhe). Bhunaíomar raon tacaí a sholáthraítear do mhic léinn, agus iad deartha chun dul chun cinn a fheabhsú – e.g., ranganna teagaisc, ceardlanna scileanna staidéir, meantóireacht, tacaí airgeadais, agus tacaí do mhic léinn atá ag athdhéanamh cúrsa, lena n-áirítear Tacaí Foghlama Matamaitice agus Scríbhneoireachta Acadúla seisiúnacha agus samhraidh fadaithe.

Infhostaitheacht

Agus fás láidir ag teacht ar mhargadh iomaíoch fostaíochta Bhaile Átha Cliath, tá céimithe OT Baile Átha Cliath ag ceann an tslua, rud a chruthaíonn luach an oideachais atá bunaithe ar chur i bhfeidhm fíorshaoil.

Tarraingítear aird sa [Suirbhé ar Thorthaí Céimithe ón ÚAO](#) a foilsíodh i mí na Nollag 2024 an

fheidhmíocht láidir fostaíochta i measc chéimithe OT Baile Átha Cliath. Ní hé amháin go dtéann siad isteach san fhórsa saothair go rathúil ach éiríonn go geal leo ina ngairmeacha beatha freisin. Deimhnítear sna sonraí an áit atá ag OT Baile Átha Cliath ag ceann an tslua i margadh fostaíochta Bhaile Átha Cliath, agus an Ollscoil á bunú mar an rogha is fearr le haghaidh infhostaitheachta sa réigiún. Is díol suntais gurb amhlaidh, laistigh de naoi mí tar éis dóibh céim a bhaint amach,

- » a bhí 78% de chéimithe leibhéal 8 i bhfostaíocht lánaimseartha, rud a fhágann gurb í OT Baile Átha Cliath an ollscoil is airde rangú i mBaile Átha Cliath agus an dara hollscoil is airde rangú in Éirinn.
- » atá poist lánaimseartha faighte ag 82% de chéimithe ó chlár iarchéime mhúinte, rud a fhágann freisin gurb í OT Baile Átha Cliath an ollscoil is airde rangú i mBaile Átha Cliath agus an dara hollscoil is airde rangú sa tír.
- » atá 96% de chéimithe i bhfostaíocht in Éirinn, seachas thar lear.

Sa Suirbhé ar Chéimithe, tugtar mionsonraí faoin líon céimithe a mheas go raibh a gclár staidéir ábhartha dá bpost – feadh scála ó ‘an-ábhartha’ go ‘an-neamhábhartha’. Bhain céimithe OT Baile Átha Cliath scóir os cionn an mheáin náisiúnta amach ar fud ár bpríomhréimsí staidéir. San Innealtóireacht, sa Déantúsaíocht agus san Fhoirgníocht, mheas 81% de chéimithe go raibh a gcuid staidéir an-ábhartha nó ábhartha (i gcomparáid le meánscore 72.7% do ‘gach institiúid’). Ba é 77.4% an figiúr sa tSláinte agus Leas, agus ba é 68% an figiúr sa Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé rath shamhail foghlama cleachtasbhunaithe uathúla OT Baile Átha Cliath, rud lena gcomhcheanglaítear taithí phraiticiúil le sármhaitheas acadúil chun mic léinn a ullmhú d’fhírinne an ionaid oibre.

1.3 Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn

Cuirfimid feabhas ar eispéireas na mac léinn ionas go mbeidh 85% de mhic léinn sásta lena n-eispéireas ollscoile in OT Baile Átha Cliath.

Bhí ár dtomhas bunaidh ar shástacht na mac léinn bunaithe ar an gceist seo i Suirbhé náisiúnta na hÉireann ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn (ISSE): “An rachfá chuig an institiúid chéanna a bhfuil tú ag freastal uirthi anois?” Ba é an cuspóir ná an céatadán de mhic léinn a thabharfaidh ‘rachainn’ nó ‘rachainn go cinnte’ mar fhreagra a mhéadú go 85% sa bhliain 2028. Ós rud é go bhfuil ISSE ar sos, is é ár suirbhé inmheánach ar mhic léinn ár bpríomhfhoinsé aiseolais mac léinn. Mar thomhas ar shástacht fhoriomlán na mac léinn, d’úsáideamar an cheist seo: “An molfá do chlár do dhuine eile?” Ba é 83% an toradh i suirbhé na bliana 2024. Is é cuspóir an tsuirbhé ar shástacht mac léinn ná léargas iomlánaíoch a ghnóthú ar eispéireas foghlama na mac léinn ar leibhéal an chlár, eadhon, sástacht lena gclár, sástacht leis an Ollscoil, agus sástacht le cáilíocht na gcaidreamh lena bpiaraí agus leis an bhfoireann acadúil. Tá na fionnachtana go maith ar an iomlán, agus freagraithe ag léiriú ardleibhéil sástachta lena gcúrsa agus lena n-eispéireas ginearálta san Ollscoil.

Rinneadh anailís mhionsonraithe ar thorthaí an tsuirbhé agus, i gcomhar le haiseolas ó shuirbhéanna clár (atá mar chuid den phróiseas bliantúil dearbhaithe agus feabhsaithe cáilíochta), bhí siad mar bhonn eolais faoinár bpleananna chun feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaím, ar thacaí do mhic léinn agus ar sheirbhísí do mhic léinn. Áirítear leo sin feabhsuithe ar ár saoráidíampaís, seirbhísí leathnaithe do mhic léinn trínár nlonaid Tacaíochta Foghlama, agus pleananna chun feabhas a chur ar shaol na mac léinn, lena n-áirítear trínár gClubanna Spóirt agus trínár gCumainn, atá i gcroílár Shaol na hOllscoile.

Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn trí fhoghlaím dhúshlánbhunaithe

I mí Dheireadh Fómhair 2024, seoladh **Dúshlán Fiontraíochta Inbhuanaitheachta Gnó Huawei** in OT Baile Átha Cliath.

Tugadh dúshlán na mac léinn ó Scoil na Margaíochta agus na Fiontraíochta agus ó Scoil na Bainistíochta, na nDaoine agus an Eagrúcháin cás gnó a thógáil ar son tionscal in Éirinn inar féidir le [Huawei](#) gléasraí grianphainéal fótavoltach agus ceallraí atá ar mhórsála a chur chun feidhme. Bhí ceanglas breise ann go gcaithfeadh na moltaí a bheith ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna).


Bhí sé mar aidhm leis an dúshlán na nithe seo a leanas a thabhairt do mhic léinn:

- » **Taithí Phraiticiúil** – Chun a fhoghlaím conas an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mheasúnú ar fud tionscal agus scileanna a thógáil i bhforbairt gnó atá dírithe ar an inbhuanaitheacht.
- » **Nochtadh Díreach don Tionscal** – Áit a gcuirfeadh siad smaointe i láthair saineolaithe de chuid Huawei le haghaidh tionchar féideartha fíorshaoil agus a bhfaigheadh siad aiseolas díreach agus léargais dhíreacha.
- » **Deis chun Comhoibriú agus Dul in Iomaíocht** – Deiseanna a fháil obair i bhfoirne, smaointe a thaispeáint, agus páirt a ghlacadh sa chomórtas Dúshlán.




Ba iad buaiteoirí foriomlána Dhúshlán na bliana 2024 ná Charlie O'Donoghue, James Coffey, Darragh Fee, Jack Tracey agus Ronan Barry, as a dtionscadal ‘The Sunshine Cure for Hospitals’. Molann an tionscadal go gcuirfí córais grianphainéal fótavoltach agus ceallraí Huawei chun feidhme i saoráidí cúram sláinte na hÉireann, ag tosú le hospidéil phríobháideacha. Leis an gcás gnó, pléitear leis an sciar 18% de thomhaltas fuinnimh na hearnála poiblí atá ag an earnáil cúram sláinte agus laghdaítear costais oibriúcháin agus an tionchar comhshaoil. Léirítear ann conas a d’fhéadfadh córais fuinnimh chliste Huawei coigilteas suntasach costais a ghiniúint agus astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 70%, rud a chruthódh comhpháirtíocht chomhthairbheach a thacódh le spriocanna inbhuanaitheachta na hÉireann agus a ghinfeadh sruthanna nua ioncaim do Huawei ag an am céanna.

Is féidir físeán de thaispeántas póstaer agus gradaim Dhúshlán Fiontraíochta Inbhuanaitheachta Gnó Huawei de chuid OT Baile Átha Cliath a fheiceáil [anseo](#)



Charlie O'Donoghue, James Coffey, Darragh Fee, Jack Tracey agus Ronan Barry lena gcás gnó buaiteach.



Roinnt samplaí de Rath na Mac Léinn



Sa bhliain 2024, bhuaigh foireann mac léinn ó OT Baile Átha Cliath an chéad áit i gcomórtas EirGrid um Eangach Níos Glaine, agus í ag buachan duais €2,000 as a togra nuálach fuinnimh ghlain. Is mic léinn Innealtóireachta in OT Baile Átha Cliath iad na baill uile den fhoireann bhuaiteach, eadhon, Jack Brady, Ugochukwu Uzoukwu agus Aleksandra Dozorova.

Bhí an fhoireann ag dul in iomaíocht le 70 iontráil ó áiteanna ar fud na tíre agus bhíothas tógtha le hacmhainneacht a tionscadail maidir le cabhrú le heangach leictreachais na hÉireann a dhícharbónú. Tá an rath sin ina léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath don inbhuanaitheacht agus don tionchar fíorshaoil atá ag obair a mhac léinn ar thodhchaí níos glaise a mhúnlú.



Bhain **Alanna Moffitt**, mac léinn sna hEalaíona Cócaireachta in OT Baile Átha Cliath, rath suntasach amach ag an 10ú hOilimpiad Domhanda Cócairí Óga 2024, a tionóladh i sé chathair san India. Agus í ag déanamh ionadaíocht d'Éirinn i measc iomaitheoirí ó 60 tír, bhuaigh sí Bonn Óir as a mias Féasta, bhuaigh sí Bonn Airgid i gCorn an Phláta, agus bhuaigh sí an Gradam don Réalta Éiritheach Óg is Fearr. Thug Alanna aitheantas do OT Baile Átha Cliath as “domhan deiseanna” nár shamhláigh sí riamh a oscailt suas. Mhol an Dr Denise O’Leary, Ceann Scoil na nEalaíon Cócaireachta agus na Teicneolaíochta Bia, a cuid éachtaí, agus í ag lua ról na hollscoile i ndaoine tallannacha cócaireachta ar fud an domhain a chothú. Leag George Smith, meantóir, béim ar thábhacht an Oilimpiad maidir le haitheantas a thabhairt do chócairí atá ag teacht chun cinn.

Rinneadh an gearrscannán dar teideal ‘Introspection’ ó **Ying Qi Tang**, mac léinn Cumarsáide Amhairc in OT Baile Átha Cliath, a thaispeáint go poiblí in Institiúid Scannán na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus in Ionad Ealaíon Triskel i gCorcaigh mar chuid den chlár Discoveries de chuid Fhéile Scannán Oirthear na hÁise. Cruthaíodh an scannán breathnaitheach sin le linn a modúil dar teideal ‘Meáin Dhigiteacha 4’ agus gabhtar ann eispéiris ghnáthshaoil i nGairdíní Uíbh Eachach i mBaile Átha Cliath, rud a spreagann machnaimh ar láithreach agus ceangal an duine. Agus é faoi mhaoirseacht Peter Maybury agus Laura Smith, léirítear san éacht seo an tacaíocht a thugann OT Baile Átha Cliath do dhaoine tallannacha cruthaitheacha atá ag teacht chun cinn agus an ról atá aige i rannchuidithe na mac léinn le tírdhreach cultúrtha na hÉireann a chothú.




Bhain Scoil na Meán in OT Baile Átha Cliath aitheantas suntasach amach ag Gradaim Náisiúnta na Meán Mac Léinn (Smedias) 2024, agus í ag buachan cúig phríomhghradam i gcatagóirí na hiriseoireachta, an raidió agus na scannánaíochta. I measc na mbuaicphointí bhuaigh **Aoife Daly** agus a foireann sa chéim BA in Iriseoireacht an gradam d’Iris na Bliana agus bhuaigh **Britney Madondo** an gradam mar Dhioscmharcach Raidió na Bliana as a seó ceoil dhomhanda. Bronnadh gradaim bhreise ar **Juliana Cooper** as Gearrscéal na Bliana, ar **Shadhb Downes** as Podchraoladh na Bliana, agus ar **Jodie Dempsey** as Léiriúchán Raidió na Bliana (Ealaíona agus Gnéithe). Tá na héachtaí sin ina léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath do ghairmithe meán atá réidh don tionscal a chothú agus ar a ról feiceálach i dtírdhreach oideachais chruthaithe na hÉireann.



Ár mic léinn ag Cluichí Pháras 2024

Rinne cúigear mac léinn ó OT Baile Átha Cliath ionadaíocht d'Éirinn ag Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Pháras 2024, rud a léiríonn tiomantas láidir na hollscoile don sármhaitheas lúthchleasaíochta. Chuaigh **Andrew Smith** san iomaíocht i gComórtas Rugbaí Sheachtar an Taobh, agus é ag cabhrú le hÉirinn cáiliú trína bua sna Cluichí Eorpacha. D'imir **Ben Johnson**, céimí Fuinnimh Inbhuanaithe, d'fhoireann Haca na bhFear, agus ghlac **Sean Waddilove** páirt i Seoltóireacht na bhFear, agus é ag cur leis an gcríochnú sa 13ú háit a bhí aige i dTóiceo. Ghlac **Rachel Darragh** páirt i mBadmantan tar éis di rath a bhaint amach ag Comórtas Máistrí Abú Daibí, agus rinne **Nicole Turner**, Lúthchleasaí Parailimpeach agus Curadh Eorpach a bhfuil roinnt bonn buaite aici, san iomaíocht ann chomh maith. Léirigh an fhírion gur roghnaíodh iad an difear atá á dhéanamh ag Clár Tacaíochta Scoth-Lúthchleasaithe OT Baile Átha Cliath.



Sean Waddilove – Seoltóireacht



Nicole Turner – Snámh



Rachel Darragh – Badmantan



Ben Johnson – Haca



Andrew Smith – Comórtas Rugbaí Sheachtar an Taobh

Fógraítear Alison Dunn mar bhainisteoir tíre nua Amazon d’Éirinn

Ceapadh **Alison Dunn**, céimí de chuid OT Baile Átha Cliath, mar bhainisteoir tíre nua do Amazon Ireland i mí na Nollag 2024. Déanfaidh sí formhaoirseacht ar sheoladh Amazon.ie agus é ag tosú sa bhliain 2025. Tá Alison ag obair le Amazon le deich mbliana anuas, beagnach, agus bhí sí i seilbh roinnt post ar fud na cuideachta ríomhthráchtála, mar shampla post mar cheannaire nuálaíochta digití ag Amazon Web Services.

“Tá ár bhfoirne ar fud na tíre ag súil go mór le seoladh Amazon.ie sa bhliain 2025 agus leis an gcéad chaibidil eile dár scéal in Éirinn a scríobh. Tá an siopa ina dhea-scéala do chustaiméirí Éireannacha agus do ghnólachtaí Éireannacha araon, agus táimid ag tógáil céim mhór eile i dtreo Amazon.ie a sheoladh trínár ndoirse a oscailt do ghnólachtaí chun dul i bpáirt linn mar chomhpháirtithe díolacháin roimh an seoladh.”

Chríochnaigh Alison céim BSc. (Onóracha) i Straitéis agus Bainistíocht Miondíola ar Shráid Angier sa bhliain 2012.



Buann Mary K. Sullivan ag Féile Gearrscannán Chathair Nua-Eabhrac

An 30 Meán Fómhair, bhuaigh Mary K. Sullivan, a bhain céim BA san Amharc-ealaín amach, an [gradam don Ghearrscannán Idirnáisiúnta is Fearr](#) ag Féile Gearrscannán Chathair Nua-Eabhrac.

Agus í suite ar an Oileán Mór, chríochnaigh Mary a céim BA san Amharc-ealaín ar Inis Earcáin sa bhliain 2018, ar ina dhiaidh a bhuaigh sí an phríomhdhuais ag gradaim RDS, mar atá Gradam Ealaíne Taylor. Ón uair sin i leith, tá Máire ag dul ó neart go neart, agus í ag taispeáint a saothair ar fud an domhain agus ag rannchuidiú go mór le saol an oileáin agus leis na healaíona trí [Fhéile Ealaíon Oileán Bhéara](#), a bunaíodh sa bhliain 2023.

Is é atá sa scannán buaiteach, mar atá [The Fine Line](#) ná ceiliúradh ar neart agus athléimneacht na mban oileánda ar fud an domhain.

Buann SPEAR Bonn Óir ag na Gradaim Náisiúnta Gnólachtaí Nuathionscanta 2024

Bhain SPEAR, a bhí faoi stiúir **Noel Lourdes**, céimí de chuid OT Baile Átha Cliath, éacht suntasach amach nuair a bhuaigh sé Bonn Óir ag na Gradaim Náisiúnta Gnólachtaí Nuathionscanta 2024. Aithníodh an tionscadal sa chatagóir rí-iomaíoch um Ghnólachtaí Nuathionscanta Teicneolaíochta atá ag Teacht Chun Cinn, lena gceiliúrtar obair cheannródaíoch na gcuideachtaí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn agus atá ag athmhúnlú tionscal.

Is é is SPEAR ann ná gníomhaire intleachta saorga a bhfuil díriú ingearach aige lena n-uathoibrítear tascanna foinsithe do ghnólachtaí. Is é an réiteach é nuair is é foinsiú an bhunchúis le hagai neamhfhónaimh táirgeachta, le riosca oibríochtúil agus le moilleanna ar shonraisc dhíolacháin a eisiúint. Tá margadh inrochtana iomlán is ionann agus \$685bn ag SPEAR agus tá sé dírithe ar chuideachtaí ina bhfuil an slabhra soláthair ag cur srian le hoibríochtaí agus le gníomhaíochtaí díolacháin. Murab ionann agus ERPanna príomhshrutha atá ann cheana nó réitigh soláthair nideoige, tá SPEAR á bhrú chun cinn ag Samhlacha Teanga Móra agus tá sé éasca le húsáid.




Ár Líonra Céimithe

Sa bhliain 2024, bhain níos mó ná 7,000 mac léinn céim amach as OT Baile Átha Cliath. Tá ár gcéimithe scaipthe ar fud réimsí acadúla éagsúla, rud a léiríonn leithead agus doimhneacht na gclár atá ar fáil san Ollscoil. Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil céimithe a ullmhú chun go mbeidh siad ina smaointeoirí dea-oilte neamhspleácha agus ina bhfoghlaimoirí ar feadh an tsaoil, agus an cumas acu dul i dtaithí ar shaol atá ag athrú agus ar ról fostaíochta a bhíonn ag athrú i gcónaí.



Táimid thar a bheith bródúil as ár líonra de níos mó ná 100,000 céimí de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath atá ag baint a mbeatha amach anseo in Éirinn agus i 70 tír ar domhan.

Fíor 4: Céimithe OT Baile Átha Cliath de réir Réimse Staidéir



2 Forbairt Campais a Spreagadh

Táimid tiomanta d'áit a chruthú ar breá le daoine a bheith ag obair agus ag foghlaim ann.

2.1 Bonneagar campais – soláthar ár dtimpeallachta foghlama ceannródaíche

Le Máistirphlean OT Baile Átha Cliath, soláthrófar breis agus 200,000 m² de spás nua campais ar thrí phríomhcampas OT Baile Átha Cliath. Tá sé sin ar cheann de na forbairtí bonneagair is mó in Ardoideachas na hÉireann agus is tosaíocht i sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030. Tá cáilíocht na timpeallachta foghlama fisiciúla agus na saoráidí campais ina cuid ríthábhachtach d'eispéireas na mac léinn.

Ba í an bhliain 2024 an deichiú bliain ó tháinig na chéad mhic léinn chuig campas Ghráinseach Ghormáin, agus úsáid á baint acu ar dtús as roinnt déanmhais stairiúla athchóirithe. Ón uair sin i leith, is é an toradh atá ar roinnt tionscadail mhóra tógála agus ar athchóiriú leanúnach déanmhais cosanta ná gur ann do shaoráidí teagaisc agus foghlama do thart ar 8,500 mac léinn agus gur ann do spás oibre do thart ar 1,000 ball foirne seirbhísí acadúla agus gairmiúla. Leanadh leis an tógáil agus leis na hathchóirithe ar fud na bliana 2024 ar fud na gcampas i mBaile Bhlainséir, i nGráinseach Ghormáin agus i dThamlacht. Rinneadh athbhreithnithe ar champas Thamhlachta agus ar champas Bhaile Bhlainséir freisin chun cabhrú le forbairt amach anseo a threorú.



Céimithe OT Baile Átha Cliath agus iad taobh amuigh den fhoirgneamh Spóirt, Eolaíochta agus Sláinte ar champas Thamhlachta

An Mol Acadúil nua ar champas Ghráinseach Ghormáin



Campas Bhaile Bhlainséir Áras Geal

Foirgneamh teagaisc ilúsáide 4,000 m² atá á sholáthar faoi Bheart 1 den Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Ardoideachais (HEPPP) is ea Áras Geal. Leis an bhfoirgneamh, soláthraítear teagasc ginearálta, saotharlanna TF, sainsaotharlanna do na Meáin Chruthaitheacha agus Dhigiteacha, agus spás oibre do bhaill foirne. Tá urlár na talún cumraithe sa chaoi is gur féidir spásanna teagaisc a oscailt le chéile le haghaidh mórimeachtaí acadúla agus mac léinn. Agus an tógáil críochnaithe, leanadh den fheistiú TF agus Closamhairc go dtí deireadh na bliana 2024, agus tá sé beartaithe go dtosófar an teagasc san fhoirgneamh sna míonna tosaigh den bhliain 2025.



Campas Ghráinseach Ghormáin An Mol Acadúil

Leanadh ar fud na bliana 2024 den tógáil ar an Mol Acadúil agus ar an Leabharlann ar champas Ghráinseach Ghormáin. Ba iad ailtirí a bhfuil duaiseanna buaite acu a dhear an foirgneamh agus tá sé uathúil ó thaobh amhairc de, agus foirgneamh an Tí Thuaidh atá ann cheana, a tógadh sa bhliain 1854, á chur ar áireamh i ndéanmhais nua nua-aimseartha atá thart ar an láithreán stairiúil – agus an láithreán sin á chomhlánú agus á fheabhsú aige. Bainfidh mic léinn leas as saoráidí geala úrscothacha atá deartha chun a n-eispéireas foghlama a chur chun cinn agus a fheabhsú. Is mol le haghaidh seirbhísí acadúla é an foirgneamh, áit a mbeidh an tlonad Scríbhneoireachta Acadúla agus Foghlama, an tlonad Forbartha Gairme, Seirbhísí Tacaíochta Míchumais, an tlonad Foghlama Matamaitice, an tAonad Foghlama, Teagaisc agus Measúnachta agus an leabharlann ildisciplíneach do champas Ghráinseach Ghormáin.

Bhí an foirgneamh ag ardchéim forbartha ag deireadh na bliana 2024 agus táthar ag súil go mbeidh an tógáil críochnaithe faoi mhí na Bealtaine 2025. Ansin, cuirfidh OT Baile Átha Cliath tús le coimisiúnú TF, le coimisiúnú closamhairc agus le coimisiúnú gaolmhar. Tá sé beartaithe bailiúcháin leabhar na leabharlainne a bhogadh mar aon leis na baill foirne iomchuí a athlonnú ó Theach na Páirce chuig an Mol Acadúil agus chuig an Leabharlann i mí Iúil 2025. Tá sé beartaithe go mbeidh an leabharlann agus na seirbhísí acadúla i mbun lánfheidhme agus ar fáil do mhic léinn ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh.

Leanadh den ullmhúchán, den phleanáil agus den soláthar ar roinnt tionscadal sa bhliain 2024, lenar áiríodh an **Chearnóg Thiar**, rud lena gcumasófar comhdhlúthú na mac léinn agus na mball foirne ó Shráid Aungier, mar aon le tacú le fás leantach. Leanadh freisin den obair deartha ar shaoráidí Spóirt Laistigh agus d'obair scópála le haghaidh saoráidí taighde agus staidéir thosaigh ar riachtanais an tsoláthair Innealtóireachta agus Timpeallachta Tógtha amach anseo (atá suite ar Shráid Bolton faoi láthair).

Campas Thamhlachta An Teach Thuaidh

Leanadh ar fud na bliana 2024 den tógáil ar an Teach Thuaidh ar champas Thamhlachta. Tá an foirgneamh 5,200 m² á sholáthar faoi Bheart 1 den Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Ardoideachais (HEPPP) freisin. Soláthraítear saotharlanna, cistineacha agus spásanna ginearálta teagaisc sa Teach Thuaidh. Táthar ag súil go mbeidh an foirgneamh críochnaithe faoi mhí an Mhárta 2025, go ndéanfar feistiú TF agus closamhairc ina dhiaidh sin agus go dtosófar ar an teagasc i mí Mheán Fómhair 2025.



Foirgneamh nua an Tí Thuaidh ar Champas Thamhlachta

2.2 Úsáid ár saoráidí a bharrfheabhsú

Sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó OT Baile Átha Cliath, tugtar mionsonraí faoi ghníomhartha atá beartaithe chun éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe a bhaint amach ar fud ár bhfoirgneamh. Gníomh amháin den sórt sin is ea úsáid ár sócmhainní bonneagair campais atá ann cheana a bharrfheabhsú chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as foirgnimh i gcomhréir lenár misean acadúil. Forbraíodh **Clár Cuíchóirithe Foirgneamh agus Spáis** sa bhliain 2024 a bhfuil mar aidhm leis cabhrú le coigilteas carbóin foriomlán a fheabhsú. Rinneadh cuid a haon de Shuirbhé Barrfheabhsaithe Spáis bliantúil i Seimeastar 1 i mí na Samhna 2024 agus tá cuid a dó le déanamh i Seimeastar 2 i mí Feabhra 2025. Mar a luaitear sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, réamh-mheastar gur féidir astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 25% ar a laghad trí rialuithe agus éifeachtúlachtaí oibriúcháin a bharrfheabhsú.

3 Eiseamláir Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe

Leagtar béim sa Rún Straitéiseach ó OT Baile Átha Cliath gur croíthéama don Ollscoil é Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Sa bhliain 2024, críochnaíodh cuid thábhachtach den ailtireacht institiúideach le haghaidh comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe, mar atá an Chomhairle Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, a bhfuil sé de chúram uirthi formhaoirseacht a dhéanamh ar uailmhian OT Baile Átha Cliath maidir le teacht chun bheith ina eiseamláir comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe. Agus í comhdhéanta de chomhaltaí ó gach aonad, ó gach dámh agus ó chuallacht na mac léinn san Ollscoil, déanann an Chomhairle moltaí d’Fhoireann Feidhmiúcháin na hOllscoile (UET) maidir le gach ní a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach go 2028 cur i gcrích rathúil príomh-Phleananna Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, lena n-áirítear:

- » Cairt Athena SWAN – Gradaim Dáimhe agus Roinne a shaothrú (2023–2025) agus féachaint le dámhachtain Institiúideach Airgid a bhaint amach faoin mbliain 2028.
- » Plean Comhionannais Cine – Prionsabail Frithchiníochais a leabú agus iarratas a dhéanamh ar Chairt Comhionannais Cine Advance HE faoin mbliain 2026.
- » Plean um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach – Bearta cuimsitheacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean agus ciapadh gnéasach agus chun iad a chosc faoin mbliain 2028.

Tugtar mionsonraí faoin dul chun cinn.



3.1 An Plean Athena SWAN Uainn

Is é is Athena SWAN ann ná creat lena dtacaítear le hinstitiúidí ardoideachais comhionannas inscne inbhuanaithe agus cultúr cuimsithe a bhaint amach. Tá an t-iarratas institiúideach ar athnuachan Chré-umha ar an mbóthar ceart lena chur isteach ag deireadh na bliana 2025 mar a bhí beartaithe. Tagann Foireann Féinmheasúnaithe institiúideach na hOllscoile le chéile go tráthrialta chun an t-iarratas a chur ar aghaidh.

Bhunaigh Dámh na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha Foireann Féinmheasúnaithe agus tá siad ag obair anois ar aighneacht do bhabhta mhí Aibreáin 2026. Tá Scoil na Meán, Dámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, ag obair ar aighneacht a chur isteach i mí na Samhna 2025. Tá Dámh na Ríomhaireachta, na dTeicneolaíochtaí Digiteacha agus na Sonraí ag glacadh páirt i bpróiseas Athena SWAN freisin, agus tús curtha aici le roinnt bunobair ar aighneacht amach anseo.

Is é OT Baile Átha Cliath Comhordaitheoir NEXUS, atá ina thionscadal taighde agus cleachtais a gcistíonn an Coimisiún Eorpach é agus a bhfuil institiúidí ardoideachais i naoi dtír Eorpacha páirteach ann. Mar chuid de ghníomhartha an tionscadail, d’oibrigh foireann NEXUS i gcomhair le ceannaire Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe Athena SWAN chun Curaidh Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe a chruthú i scoileanna, i ndámha agus i ranna ar fud na hOllscoile.

Sa bhliain 2024, d’ullmhaigh OT Baile Átha Cliath an Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní uaidh an athuair. Tá obair ar siúl chun tuiscint a ghnóthú ar na cúiseanna atá leis an mbearna pá sin, agus chun freagairt trí idirghabhálacha cuí a cheapadh.

3.2 An Plean um Chothromas Cine Uainn

Le linn na bliana 2024, úsáideadh cistiú ón ÚAO chun tacú le gníomhaíochtaí comhionannais cine chun acmhainní a chur ar fáil d’obair ar ghníomhartha an Phlean Forfheidhmithe um Chomhionannas Cine san Earnáil Ardoideachais 2022–2024 (an ÚAO, 2022). Cuireadh díriú ansin ar na nithe seo a leanas:

- » Beartais chine/chomhionannais a dhéanamh trédhearcach – sainmhínte soiléire ar chomhionannas cine a bhunú i mbeartais atá ann cheana, agus comharthaí soiléire a thabhairt chuig beartais a bhaineann le comhionannas cine
- » Sásraí tuairiscithe – comharthaí soiléire a thabhairt chuig nósanna imeachta araíonachta agus tuairiscithe maidir le comhionannas cine, agus sásraí éifeachtacha tuairiscithe agus gearán

Triailleadh clár múscaillte feasachta dar teideal ‘Aontacht san Éagsúlacht’ in OT Baile Átha Cliath agus cuirfear i bhfeidhm é do mhic léinn atá ag teacht isteach sa chéad bhliain i seimeastar 1 den bhliain 2025. Sa bhliain 2024, tionóladh ceardlann um Aontacht san Éagsúlacht ag comhdháil CORU freisin.

Mar chuid de Mhí na Staire Daoine Gorma (Deireadh Fómhair 2024), reáchtáil an Ollscoil ceardlann freisin dar teideal “Tá Tábhacht leis an Meabhairshláinte: An Ciníochas a Shárú chun Folláine a Chothú”.

Sa bhliain 2024, chríochnaigh OT Baile Átha Cliath an t-iarratas uaidh ar an ‘University of Sanctuary’. Gníomh mór sa phlean tionlacain is ea athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an scéim scoláireachta a leathnú chuig mic léinn a bhfuil stádas Cosanta Idirnáisiúnta acu.



3.3 An Plean um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach Uainn

Cuireadh an plean um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach go 2024 i gcrích den chuid is mó. An gníomh deiridh, eadhon, beartas um dheireadh a chur le foréigean agus ciapadh gnéasach a fhorbairt don Ollscoil, dréachtaíodh é sa bhliain 2024 agus bogfaidh sé isteach i gcéim an chomhairliúcháin le príomh-gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha sa bhliain 2025, d’fhonn é a thabhairt chun críche le ceadú ón gComhlacht Ceannais amach sa bhliain.

Sa bhliain 2024, d’éirigh le OT Baile Átha Cliath stiúradh a dhéanamh ar iarratas earnála uile ar chistiú chun tacú le feachtas feasachta náisiúnta, rud atá dírithe ar gach ciontóir féideartha foréigin in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann chun cabhrú leo iompraíochtaí neamhshláintiúla a aithint agus teorainneacha a urramú. Is é ‘Know the Line/Cross the Line’ teideal an fheachtais spriocdhírithe margaíochta sóisialta seo lena bpléitear le bhunchúiseanna an fhoréigin inscnebhunaithe agus lena gcuirtear iompraíochtaí dearfacha caidrimh chun cinn. Tagann sé sna sála ar an bhfeachtas rathúil roimhe seo dar teideal ‘#unmuteconsent’ maidir le haitheantas a thabhairt dá chumhachtaí atá glórtha na mac léinn i dtaca le hathruithe a bhrú chun cinn agus le hionpraíochtaí dochracha a cheistiú agus a cháineadh.

Sa bhliain 2024, dáileadh cártaí póca ar a raibh an teideal ‘Don’t Stand By – Stand Up and Speak Out’ go forleathan le linn seachtainí ionduchtaithe agus le linn na 16 Lá Gníomhaíochta in aghaidh Foréigean in aghaidh na mBan (Samhain). Ar an gcárta, luaitear mionsonraí teagmhála riachtanaí le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí liachta agus seirbhísí de chuid an Gharda Síochána. Leagtar amach ar an gcárta freisin conas idirghabháil a dhéanamh go sábháilte agus conas freagairt do nochtadh foréigin ghnéasaigh/inscne.

Ghlac an Ollscoil páirt ghníomhach i dtionscadail Eorpacha ar dhul i ngleic le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, amhail GenderSAFE (<https://gendersafe.eu/>) agus an tionscadal NEXUS atá ag cruthú modúl idirghníomhach ar líne atá dírithe ar dheireadh a chur le foréigean agus ciapadh gnéasach.


Sampla de ghníomhaíochtaí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe

TrailblazHER – Mná Tallannacha a Chumhachtú

Garsprioc sa bhliain 2024 ba ea seoladh oifigiúil **TrailblazHER** i dTeach an Ard-Mhéara ar Lá Idirnáisiúnta na mBan. Is é is TrailblazHER ann ná líonra eagraíochtaí atá faoi stiúir OT Baile Átha Cliath agus atá ag obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar ghannionadaíocht na mban ar fud earnálacha éagsúla. Ó uair a bunaithe i leith, tá Fondúireacht OT Baile Átha Cliath ag tacú go díograiseach le spriocanna cruinnithe airgid TrailblazHER, agus os cionn €1.2 milliún cruinnithe aici go dtí seo.

Rinne TrailblazHER dul chun cinn suntasach sa chéad bhliain a bhí sé i mbun oibre. Idir pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí for-rochtana scoile dara leibhéal, urraíochtaí a áirithiú, agus ‘**Gradaim TrailblazHER Idirbhliana**’ agus an **Clár ‘Be A TrailblazHER’** a óstáil do mhic léinn OT Baile Átha Cliath, tá difear ollmhór déanta ag an tionscnamh. Sheol an tionscnamh clár meantóireachta tionscail tríú leibhéal freisin, d’eagraigh sé cuairteanna tionscail do mhic léinn OT Baile Átha Cliath, a raibh aoichainteoirí spreagúla i gceist leo, agus thug sé an ‘**Clár Céimeanna Tosaigh TrailblazHER**’ isteach d’fhiontraíthe ardaidhmeannacha.

Bhíothas in ann na héachtaí sin a bhaint amach a bhuí leis an tacaíocht fhlaithiúil a fuarthas ó Intel, ó BSL, ó Fidelity Investments, ó Jones Engineering, ó Workday, ó Enterprise Mobility, agus ó PwC.



Hidden Scientists, Hidden Creatives – ba thaispeántas é sin a seoladh an 25 Aibreán 2024 in OT Baile Átha Cliath agus ar lena linn a ceiliúradh an méid atá curtha ag mná le STEM agus leis na healaíona. Léiríodh san imeacht an saothar ó thaighdeoirí agus ealaíontóirí den inscne bhaineann, agus aird á tarraingt ar a dtionchar ar nuálaíocht agus ar chruthaitheacht. Tá an tionscnamh seo ina léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath do chomhionannas inscne agus éagsúlacht a chur chun cinn sa saol acadúil agus níos faide i gcéin

Aitheantas don Ollamh Galligan

Sa bhliain 2024, bronnadh Duais Sir Isaiah Berlin ó Chumann Staidéir Pholaitiúil na Ríochta Aontaithe (PSA) ar an Ollamh Yvonne Galligan, Stiúrthóir um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in OT Baile Átha Cliath, as a rannchuidiú gairmiúil den scoth leis an Staidéar Polaitiúil. Ar an duais a fháil di, dúirt sí:

“Is mór an onóir dom an gradam seo a fháil ó mo phiaraí. Ba thathantóir paiseanta ar son na saoirse agus ar son dhínt an duine é Sir Isaiah Berlin. Ba mhaith liom a cheapadh go léiríonn mo shaol gairmiúil na luachanna sin freisin.”



4 Ár nDaoine – Díriú Lárnach

In OT Baile Átha Cliath, tá ár ndaoine i gcoilár gach a ndéanaimid. Sa bhliain 2024, leanamar de thimpeallacht thacúil, chuimsitheach agus ardfheidhmíochta a chothú trí thionscnaimh a spreagann baill foirne chun rath a bhaint amach. Cé go bhfuil obair le déanamh fós chun roinnt dár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, rinneadh dul chun cinn ar an gcreat gairmeacha acadúla a fhorbairt, ar chaidreamh leis an bhfoireann, ar earcaíocht agus coinneáil foirne, agus ar oiliúint agus forbairt – agus na nithe uile sin ag léiriú ár dtiomantais láidir d’uailmhianta ár bPlean Daoine a bhaint amach.

4.1 Creat Gairmeacha Acadúla

Sa bhliain 2022, d’fhoilsigh ECFE tuarascáil³ ar choimisiúnaigh Rialtas na hÉireann í maidir le forbairt gairmeacha acadúla sna hollscoileanna teicneolaíochta nuabhunaithe. Tugadh roghanna leis chun tacú leis na hollscoileanna teicneolaíochta “*dálaí a bhunú lena gcumasaítear do bhaill foirne acadúla thallannacha agus thiomanta atá ag obair san earnáil lán a gcumais a bhaint amach mar dhaoine léinn, mar nuálaithe oideolaíoch, mar chomhpháirtithe a bhfuil gairmeacha agus fiontair acu, agus mar acadóirí atá gafa go hiomlán leis na féidearthachtaí a ghabhann le Limistéar Eorpach an Ardoideachais*”. Bunaithe ar ollscoileanna teicneolaíochta idirnáisiúnta iomchuí a thagarmharcáil, moladh sa tuarascáil go mbunófaí struchtúr gairmeacha acadúla d’ollscoileanna teicneolaíochta Éireannacha ina mbeadh cúig chéim – léachtóir cúnta; léachtóir; léachtóir sinsearach; ollamh comhlach; agus ollamh.

Sa bhliain 2023, bunaíodh grúpa oibre teicniúil a bhí comhdhéanta d’ionadaithe sinsearach a ó na cúig ollscoil teicneolaíochta, agus é faoi chathaoirleacht Cheann Straitéise agus Pleanála OT Baile Átha Cliath, chun obair i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) chun creat a fhorbairt a bheadh oiriúnach do chomhthéacs na n-ollscoileanna teicneolaíochta Éireannacha. Ba é díriú tosaigh an ghrúpa ná argóint a fhorbairt ar son ról Ollúnachta Ollscoile Teicneolaíochta san earnáil. Ghlac an Roinn leis an obair sin sa bhliain 2024 agus cuireadh ar áireamh í i gClár

3 ECFE (2022), “A review of technological university academic career paths, contracts and organisation in Ireland”, OECD Education Policy Perspectives, No. 64, OECD Publishing, Páras, <https://doi.org/10.1787/2b7ee217-en>

an Rialtais 2025⁴, agus an gealltanas seo tugtha: “*Claochlú na nOllscoileanna Teicneolaíochta a chumasú chun scileanna agus nuálaíocht a sholáthar ar bhealach níos cuimsithí trí chonairí gairme acadúla nua, conarthaí agus ollúnachtaí in Ollscoileanna Teicneolaíochta a thabhairt isteach*.”

Leagadh béim ar na pointí seo a leanas san argóint i bhfabhar Ollúnachtaí Ollscoile Teicneolaíochta:

- » **Ról rithábhachtach in aon ollscoil is ea an ról mar ‘Ollamh’.** Is bunchlocha a n-ollscoileanna agus a réigiún iad ollúna, agus iad ag buntacú le forbairt scileanna ardleibhéil; ag cothú an chruthaithe eolais agus an aistrithe eolais is gá chun taighde, forbairt agus nuálaíocht a bhrú chun cinn; agus ag cabhrú le haghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin dhomhanda.
- » **Gabhann toradh soiléir ar infheistíocht le hOllúnachtaí Ollscoile Teicneolaíochta a chruthú** Meastar go méadóidh Ollúna an líon mac léinn taighde iarchéime san earnáil ollscoileanna teicneolaíochta go 7% dá daonra mac léinn le himeacht ama; go méadóidh siad an cistiú taighde príobháideach go níos mó ná €50 milliún in aghaidh na bliana; agus go méadóidh siad cistiú Fis Eorpach go €80 milliún in aghaidh na bliana ar an meán. Meastar go mbeidh an tionchar níos leithne ar gheilleagar na hÉireann cothrom le thart ar €2.8 billiún.
- » **Bunchloch le haghaidh forbairt réigiúnach a sholáthar is ea ról an Ollaimh Ollscoile Teicneolaíochta** Leagtar béim in Éire 2040, in Impact 2030 agus i Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha ar an ngá atá le nuálaíocht a mhéadú i réigiúin na hÉireann mar chuid d’fhorbairt réigiúnach chothromaithe. Tugtar tacaíocht don uailmhian sin le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, áit a soláthraítear an díriú do na hollscoileanna teicneolaíochta a gcuid taighde agus aistriú eolais atá faoi stiúir ag cuspóirí a thógáil agus tacú le forbairt scileanna sa todhchaí. Tá ag éirí go pointe éigin leis an tionscnamh RISE de chuid na n-ollscoileanna teicneolaíochta aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a bhí ag na hollscoileanna teicneolaíochta maidir le forbairt réigiúnach a fheabhsú, trí thacaíocht a thabhairt d’oifigí taighde na n-ollscoileanna teicneolaíochta. Tá sé tráthúil tacú leis na ról Ollúnachta Ollscoile Teicneolaíochta lena meallfar na daoine tallannacha is gá chun an uailmhian fáis réigiúnaigh sin a bhaint amach.

4 Clár an Rialtais 2025 – Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú <https://www.gov.ie/en/publication/078a1-programme-for-gov-ernment-2025-securing-irelands-future/>

- » **Imríonn Ollúna Ollscoile Teicneolaíochta ról in aghaidh a thabhairt ar ár ndúshlán náisiúnta scileanna** Is suntasach atá an dúshlán scileanna in Éirinn, agus ar fud an domhain go deimhin. Bíonn ag méadú ar an éileamh ar scileanna nua san Intleacht Shaorga, i sonraí móra, i ríomhaireacht chandamach agus i scileanna glasa, mar aon le scileanna smaointeoireachta anailísí agus scileanna smaointeoireachta cruthaithe. Ní mór do na hollscoileanna teicneolaíochta leanúint de chéimithe a ullmhú i ndisciplíní STEAM agus i réimsí eile atá ábhartha don ‘gheilleagar iar-eolais’, le linn dóibh deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a bhrú chun cinn agus gníomhaíocht taighde, forbartha agus nuálaíochta a fheabhsú chun infheistíochtaí díreacha eachtracha agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a mhealladh sna réigiúin sin agus chun buntacú leo. I gcás ollscoileanna teicneolaíochta, is iad ollúna a bhfuil intinní fiontraíocha acu an bhunchloch atá taobh thiar de chaidreamh ardleibhéil idir ollscoileanna agus fiontair a bhrú chun cinn i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht agus atá taobh thiar de na daoine tallannacha atá ag teastáil go géar a chothú.
- » **Ról an Ollaimh Ollscoile Teicneolaíochta maidir le hathruithe a bhaint amach** Tá ról ar leith ag na hollscoileanna teicneolaíochta maidir le claochlú áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a chur i gcrích. Beidh an tOllamh Ollscoile Teicneolaíochta i gceannas ar eispéiris/timpeallachtaí teagaisc agus foghlama dinimiciúla, feidhmí agus nuálaí a chruthú agus a chothú chun céimithe oilte ardchaighdeán ó ollscoileanna teicneolaíochta a tháirgeadh. Cuirfidh Ollúna Ollscoile Teicneolaíochta claochlú eagraíochtúil chun cinn lena gcuirfear ar chumas iontrálaithe nua agus foghlaimoirí ar feadh an tsaoil na scileanna éagsúla teicneolaíochta doimhne agus na scileanna éagsúla ardleibhéil a theastóidh i ngeilleagar na todhchaí agus sa tsochaí a fhorbairt.
- » **Tá an earnáil ollscoileanna teicneolaíochta faoi mhíbhuntáiste iomaíoch** Is áiteanna tarraingteacha oibre iad ollscoileanna teicneolaíochta maidir le cineál dinimiciúil cleachtasbhunaithe an teagaisc, na foghlama agus an taighde agus maidir leis an gcaidreamh le fiontair. I gcás acadóirí a bhfuil taithí acu agus a bhfuil dea-chuntas teiste acu i dtaighde nuálach, áfach, is dispreagthach mór é struchtúr cuí gairme acadúla a bheith in easnamh, go háirithe i gcoibhneas leis na hollscoileanna a bunaíodh roimhe, áit ar féidir le daoine tallannacha sinsearach ról níos measúla agus conair fhadtéarmach chinnte gairme a ghnóthú. Tá gach ollscoil teicneolaíochta ag fulaingt

imirce daoine oilte, agus roinnt dá mbaill foirne shinsearach is fearr feidhmíocht ag imeacht chun ról Ollaimh a ghlacadh in áiteanna eile sa chóras. Ní féidir leis an earnáil leanúint de bheith ag mealladh agus ag coinneáil na mball foirne a theastaíonn uathí chun na spriocanna atá leabaithe ina reachtaíocht bhunaidh a bhaint amach.

Leagadh amach san argóint freisin roinnt de na praiticiúlachtaí trína bhféadfaí cruthú an ról a éascú agus trína bhféadfaí na chéad Ollúna Ollscoile Teicneolaíochta a cheapadh. Ós rud é gurb é an ról is mó sa struchtúr molta gairme acadúla ollscoile teicneolaíochta é, leagadh béim ar an bpráinn atá leis an leithdháileadh tosaigh a bhunú le haghaidh Ollúnachtaí Ollscoile Teicneolaíochta.

Samhail an ualaigh oibre

Chomh maith leis an obair ar Ollúnachtaí Ollscoile Teicneolaíochta, bhunaigh OT Baile Átha Cliath tascghrúpa inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí ECFE maidir le **leithdháileadh an ualaigh oibre**. Leag ECFE amach an prionsabal arb éard é leithdháileadh an ualaigh oibre a ailíniú le misean na hinstitiúide. Bhreithnigh tascghrúpa OT Baile Átha Cliath na tosca éagsúla a bhí i gceist agus d’fhorbair sé Samhail nua um Leithdháileadh an Ualaigh Oibre do OT Baile Átha Cliath lena gcabhrófaí le solúbthacht a fheabhsú i leithdháileadh na hoibre ar fud ghníomhaíochtaí uile na hOllscoile, lena n-áirítear teagasc, taighde, caidreamh, riarachán agus tionscnaimh straitéiseacha eile. Bhí sé mar aidhm leis an tsamhail feabhas a chur ar na deiseanna atá ag baill foirne acadúla a gcumas acadúil agus a n-uailmhianta acadúla a bhaint amach, agus aitheantas foirmiúil a thabhairt d’éagsúlacht iomlán na hoibre a dhéanann baill foirne acadúla. Cheadaigh Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile an dréachtsamhail agus rinneadh plé ar an tsamhail le baill foirne acadúla agus le comhpháirtithe sóisialta le linn na bliana 2024.



4.2 Caidreamh leis an bhFoireann

Tar éis sheoladh Chairt Foirne OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2023, lean an fhoireann um Chaidreamh le Fostaithe de cheardlanna ar an gCairt a reáchtáil sa bhliain 2024, ar dá mbarr a tháinig méadú ar infheictheacht na Cairte ar fud scoileanna agus seirbhísí agus i measc fostaithe nua. Trí shraith de 26 sheisiún, thacaigh an fhoireann le leabú na Foirne Uirlisí Cultúir a bhí ag gabháil leis an gCairt. Ina theannta sin, chuaigh an Fóram um Ghlór na bhFostaithe ó neart go neart sa bhliain 2024 nuair a bunaíodh Curaidh um Chaidreamh le Fostaithe. Cruthaíodh an Fóram tráthrialta um Ghlór

TU Dublin Staff Charter

Ár Luachanna

Feabhas

Is ea sprioc OT Baile Átha Cliath. Tá muid tiomanta ar ndícheall a dhéanamh agus daoine eile a spreagadh ag barr a gcumais agus muid tiomanta d'ardchaighdeán seirbhísi, dea-chleachtas, agus feabhas leanúnach.

Ár gCairt Foirne

Léirim Feabhas nuair a...

- Déanaim mo dhícheall, agus nuair a thugaim tacaíocht do mo chomhghleacaithe déanamh amhlaidh
- Eist le agus aithin smointe nua agus deiseanna don theabhas leanúnach
- Tá mé freagrúil, ag freagairt nó ag admháil teachtaireachtaí ó chomhghleacaithe agus ó gheallsealbhoirí ar bhealach tráthúil
- Tugaim faoi mo chuid oibre le meon dearfach, ag féachaint go réamhghníomhach chun fadhbanna a réiteach
- Cothaím umarsáid, comholbríu agus naisc éifeachtacha
- Roinnim eolais agus iarraim cabhair ar dhaoine eile
- Tugaim agus bíonn aiseolas cuiditheach uaim

Ár Luachanna

Ionchuimsitheacht

Is ionann é agus timpeallacht a chothú in OT Baile Átha Cliath ina gcothaítear an éagsúlacht agus líghnéitheacht agus ina gceiliúrtaíad ar son daoine aonair agus grúpaí, le go gcuirfí ar fáil sábháilte ina mbraitheann daoine muintearas agus nasc lena chéile.

Ár Luachanna

Tionchar

Is ea an t-athrú dearfach in OT Baile Átha Cliath. Tá muid tiomanta chun ar n-iarachtaí comhoibritheanna a dhíriú ar an athrú láibhri agus fadtearmach i saoi daoine eile agus deiseanna a aimsiú chun dul i ngleic leis na dúshláin roimh an domhan.

Ár Luachanna

Meas

Is ea aitheantas a thabhairt do luach bunaidh an duine. Tá an-mheas againn ar mhóthúcháin, riachtanais agus cearta daoine eile agus gníomhairimid le hionracas.

Ár Mísean

Ag tógáil ar stair agus oidhreacht s'againne, is é ár misean ná: barr feabhais a bhaint amach sa léann foghlaimleoir-lárnach; Taighde cleachtas-bhunaithe atá dírithe ar thionchar agus rannpháirtíocht dhomhain i ndisciplíní; agus Comhchruthú teagaisc, foghlama agus taighde

Ár bhFís

Ár bhfís uaillmhianach ná domhan níos fearr a chruthú le chéile

na bhFostaithe mar chuid de straitéis éisteachta fostaithe na hOllscoile. Tugtar deiseanna do bhaill foirne leis a dtuairimí a chur in iúl agus fágtar leis go mbeifear in ann tuairimí a ghabháil i suíomh sábháilte oscailte. Glacann an 30 Curadh um Chaidreamh le Fostaithe páirt i gcruinnithe an Fhórait, ar lena linn a bhailíonn siad aiseolas áitiúil, a dhéanann siad moltaí maidir le réimsí le haghaidh feabhais agus réitigh fhéideartha, agus a dhéanann siad cur chun feidhme agus meastóireacht ar ghníomhartha chun feabhas a chur ar an dóigh a n-oibrimid.

Seoladh an chéad Suirbhé ar Chaidreamh le Fostaithe de chuid OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2024. Is é an cuspóir atá leis ná leibhéil chaidrimh reatha a thomhas, torthaí a chur i gcomparáid

4.3 Earcaíocht agus Coinneáil Foirne

Sa bhliain 2024, bhí breis agus 3,000 duine fostaithe ag OT Baile Átha Cliath (an líon foirne). Tá miondealú ar an bhfoireann de réir catagóire (coibhéis lánaimseartha) ar fáil sa tábla thíos.

Tábla 5 – Líon Foirne OT Baile Átha Cliath 2024⁵

Catagóir Foirne	Líon Foirne (CL)
Acadóir	1,463
Oibrithe Ginearálta	135
Bainistíocht, Cléireachas, Riarachán agus Leabharlann	888
Seirbhísí do Mhic Léinn	54
Teicneoirí	169
Iomlán	2,709

Le linn na bliana, ghabh OT Baile Átha Cliath obair bhunúsach shuntasach de láimh chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht earcaíochta foirne. Mar bhonn agus thaca do thimthrialta earcaíochta amach anseo, claochlaíodh an próiseas earcaíochta agus an fheidhm earcaíochta agus cruthaíodh córas atá níos láidre agus dírithe ar an todhchaí chun na daoine is mó tallann a mhealladh tuilleadh.

Ba láidir sa bhliain 2024 fós a bhí coinneáil foirne OT Baile Átha Cliath, agus aistriú foirne ab ionann agus 7% aige. Is léiriú é sin ar ardleibhéal dílseachta agus tiomantais don Ollscoil. Ag féachaint chun cinn, táimid dírithe fós ar thimpeallacht a chruthú inar féidir le gach ball foirne lán a gcumais a bhaint amach agus leanúint de rath a bhaint amach.


Dámhadh an gradam creidiúnaithe ‘Sármhaitheas Acmhainní Daonna sa Taighde’ (HRS4R) do OT Baile Átha Cliath i mí Feabhra 2024. Cuirtear in iúl leis an ngradam sin go bhfuil cleachtais acmhainní daonna ár nOllscoile ag teacht le cleachtais na Cairte Eorpaí do Thaighdeoirí agus leis an gCód Iompair um Thaighdeoirí a Earcú. Aithnítear leis an ngradam go bhfuil sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath timpeallacht spreagúil fhabhrach oibre a chur chun cinn agus a sholáthar do thaighdeoirí. Aithnítear leis go bhfuil an Ollscoil tiomanta don phróiseas sin de stíl ISO um fheabhsú leanúnach i dtaca lena cuid cleachtas, beartas agus nósanna imeachta i réimse na n-acmhainní daonna.

5 Is coibhéisí lánaimseartha iad na huimhreacha uile agus baineann siad le Ráithe 4 den bhliain 2024. Filleann baill foirne a thagann faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta ar an ÚAO.



le tagarmharcanna iomchuí, agus bonnlíne a chruthú le haghaidh suirbhéanna amach anseo. Chomhlánaigh breis agus 1,600 ball foirne an suirbhé, agus chuir an Ollscoil plean gníomhaíochta i bhfeidhm ar fud OT Baile Átha Cliath chun aghaidh a thabhairt ar roinnt míreanna a tarraingíodh anuas.

Sa bhliain 2024, sheol an Ollscoil **THRIVE** freisin. Is creat iomlánaíoch taighdebhunaithe um fholláine san ionad oibre do bhaill foirne é sin agus d'fhorbair Coiste trasfheidhme um Fholláine san Ionad Oibre é. Agus é fréamhaithe sa tsíceolaíocht dhearfach, tacaíonn THRIVE leis an duine ina (h) iomláine trí shé cholún folláine: An Féin agus Cuimsiú; Sláinte agus Folláine; Caidrimh; Léargas, Luachanna agus Brí; agus Rannpháirtíocht. Forbraíodh suíomh Gréasáin tiomnaithe folláine in éineacht le tascghrúpaí nua a dhíríonn ar Strus a Bhainistiú agus Traochadh a Sheachaint, ar an Meanapás, agus ar Chúramóirí.



4.4 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Príomhdhíriú do OT Baile Átha Cliath is ea oiliúint agus forbairt foirne. Tá sé mar aidhm aige cultúr a chothú ina dtacaítear le daoine, ina gceiliúrtar iad agus ina spreagtar iad. Sa bhliain 2024, thacaigh an Ollscoil le breis agus 300 tionscnamh oiliúna agus forbartha ar fud na ngrád agus na bhfeidhmeanna uile ar mhaithe leis an bhfoghlaim agus leis an bhfás gairme. I measc na gceardlann bhí ceardlanna i bhforbairt ceannaireachta, in oiliúint taighde agus i scileanna digiteacha, a bhfuil gach ceann díobh rithabhachtach chun sármhaitheas agus nuálaíocht a chothú ar fud na hOllscoile. Áiríodh leo sin gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla amhail ‘An tSeachtain um Ghrá do do Ghairm’, Aontáí Gairmeacha, agus Fóraim um Thodhchaí Dhigiteach. Tacaíonn OT Baile Átha Cliath go mór le Aurora, tionscnamh forbartha ceannaireachta Advance HE do mhná. Thacaigh OT Baile Átha Cliath le breis agus 141 fhostaí trí urraíocht i gcláir bhreiseoidachais freisin.

Ina theannta sin, leanann Foireann Foghlama, Teagaisc agus Measúnachta na hOllscoile de roinnt [cláir shaincheaptha forbartha foirne a sholáthar atá dírithe go sonrach ar bhaill foirne teagaisc](#). Tá faisnéis ar fáil faoi na hacmhainní a sholáthraítear do bhaill foirne chun cabhrú leo a gcleachtas teagaisc a fhorbairt.

I gcás na mblianta acadúla 2023/24 agus 2024/25, tugadh tacaíocht do 13 Phobal Cleachtais. Áiríodh leo sin raon éagsúil réimsí ar a nós seo a leanas: Measúnacht Bharántúil; Léachtóirí Nua; Oideoirí do Chleachtóirí Cúram Sláinte, lena n-áirítear Mic Léinn a bhfuil Míchumas Intleachta orthu; Fiontraíocht agus Nuálaíocht; Soláthar HyFlex; agus Straitéisí chun Tacú le Rath Mhic Léinn na Chéad Bhliana.

Áiríodh leis an tacaíocht a soláthraíodh oiliúint ionduchtúcháin d'éascaitheoirí nua agus cruinnithe tréimhsiúla d'éascaitheoirí Pobal Cleachtais ionas go mbeadh éascaitheoirí in ann leideanna agus cineálacha cur chuige a chomhroinnt i leith pobail a thógáil agus ionas go mbeadh siad in ann cúnamh a thabhairt chun obair na bPobal Cleachtais a chur chun cinn. Ba cheart go gcuirfeadh an cur chuige sin ar chumas na mball foirne cleachtais a chomhroinnt agus imeachtaí atá faoi stiúir saineolaithe a eagrú ar phríomhréimsí a luann bail foirne gur réimsí atá tábhachtach dóibhsean iad.

Leanfar de thacaíocht a thabhairt d'éascaitheoirí trí chruinnithe tréimhsiúla agus trí ‘A Guide for Facilitators to Communities of Practice’⁶, a scríobhadh i gcomhpháirt leis an University of Adelaide, a sholáthar.

6 <https://www.adelaide.edu.au/learning/ua/media/3275/cops-in-higher-education-a-guide-for-facilitators-10032023.pdf>

Eachtaí na mBall Foirne agus Aitheantas Dóibh



Ceapadh an tOllamh Sarah Jane Delany, Ollamh le hEolaíocht Ríomhaireachta Chuimsitheach i Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta in OT Baile Átha Cliath, chuig **Painéal Saineolaithe ar thionóil an Rialtas** é chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ‘Riachtanais seirbhíse Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta don phobal taighde agus nuálaíochta in Éirinn’. Déanfaidh an painéal measúnú ar an éileamh atá ar sheirbhís náisiúnta Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta do thaighdeoirí san earnáil ardoideachais agus san earnáil fiontar agus déanfaidh sé moltaí maidir leis an tsamhail seirbhíse is fearr chun freastal ar an éileamh sin. Léigh tuilleadh [anseo](#)



D'fhógair an Chomhairle Ealaíon gur ceapadh **an Dr Caroline Ann O'Sullivan**, Ceann Scoil na Meán in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath), mar chomhalta nua dá Bord. Ba í Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a rinne an ceapachán, a mhairfidh téarma cúig bliana. Oibreoidh an Dr O'Sullivan i gcomhar le comhaltaí eile den Chomhairle chun an beartas náisiúnta ealaíon a mhúnlú, chun tacú leis an nuálaíocht ealaíonta, agus chun tuilleadh éagsúlachta agus cuimsithe a chur chun cinn laistigh d'earnáil ealaíon na hÉireann. Is é atá ina ceapachán ná ábhar bróid do OT Baile Átha Cliath, agus é ina léiriú ar thiomantas leanúnach na hOllscoile do cheannaireacht a bhfuil tionchar aici sna healaíona agus sa chultúr. Léigh tuilleadh [anseo](#)



Ceapadh Ann Masterson, Ceann Bainistíochta Acmhainní Daonna, chuig an gComhairle Náisiúnta Scileanna nua-athchóirithe, atá ina príomhchomhlacht a threoraíonn straitéis forbartha scileanna na hÉireann. Sa ról seo ag a bhfuil tionchar, cuirfidh Ann a saineolas le múnlú a dhéanamh ar bheartas náisiúnta lena bhfreagraítear do riachtanais athraitheacha gheilleagar agus mhargadh saothair na hÉireann. Tá an Chomhairle ag oibriú ar shamhail éileamhthreoraithe anois agus imríonn sí ról rithabhachtach maidir leis an oideachas, an oiliúint agus an phleanáil fórsa saothair a ailíniú le riachtanais scileanna fíor-ama. Tá ceapachán Ann ina léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath do cheannaireacht náisiúnta san oideachas agus san fhorbairt fórsa saothair, á chinntiú go mbíonn an t-ardoideachas freagrúil, cuimsitheach agus dírithe ar an todhchaí.



Fógraíonn OT Baile Átha Cliath go bródúil gur seoladh Ceolfhoireann Fhiolarmónach OT Baile Átha Cliath. Is tionscnamh uailmhianach nua é sin atá faoi stiúir **David Brophy**, Conservatoire OT Baile Átha Cliath, agus a chuireann an éagsúlacht, an inrochtaineacht agus an ceangal pobail chun cinn tríd an gceol.

Is é atá sa cheolfhoireann cheannródaíoch sin ná ardán bríomhar do cheoltóirí óga ar fud na hÉireann – bíodh mic léinn reatha, céimithe nó gairmithe i réimsí eile iontu – ag ar féidir leo leanúint dá bpaisean don cheol a chothú. Agus iad ar oscailt don phobal, tá taibhléirithe agus cleachtaí oscailte na ceolfhoirne ina ndeis do phobail áitiúla páirt a ghlacadh sa phróiseas cruthaitheach agus cumhacht chlaochlaitheach an cheoil cheolfhoirne a eispéiriú.

Trí cheoltóirí ó chúlaí éagsúla agus ó chonairí éagsúla saoil a thabhairt le chéile, tá an Cheolfhoireann Fhiolarmónach ina léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath don chuimsiú agus don saibhriú cultúrtha. Tá sí ina fianaise ar an ról atá ag an Conservatoire i dtírdhreach ceoil na hÉireann a mhúnlú, agus in eispéireas atá comhroinnte agus inrochtana do chách a dhéanamh d'oideachas agus taibhléiriú ceoil den scoth. Léigh tuilleadh [anseo](#)



DOMHAN

Ár nUaillmhian

Lárionad Cumhachta don Inbhuanaitheacht Bheomhar

- » tá sé i gceist againn dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair an domhain agus tionchar dearfach a bheith againn ar an domhan agus ar dhaoine, ag úsáid an oideachais mar uirlis

5 Ceannaireacht Inbhuanaitheachta

Is é an aidhm atá againn aitheantas a fháil as ár dtiomantas d'fhiorghníomhaíocht maidir le hinbhuanaitheacht, dár lorg carbóin a laghdú agus do chaighdeáin inbhuanaitheachta domhanda amhail STARS®⁷ a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe againn ár n-uailmhianta a chur chun cinn chun teacht chun bheith ar cheann de na hollscoileanna is inbhuanaithe. Tacóidh an cheannaireacht agus na gníomhartha a dhéanfar sa chéim seo dár straitéis le OT Baile Átha Cliath teacht chun bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2040.

Bunaíodh Comhairle Inbhuanaitheachta na hOllscoile (USC) i dtús na bliana 2024 chun inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn in OT Baile Átha Cliath, agus muid ag aistriú ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár sainorduithe de réir reachtaíochta isteach i Straitéis Inbhuanaitheachta na hOllscoile. Is é atá i gComhairle Inbhuanaitheachta na hOllscoile ná pointe fócais infheicthe trédhearcach ar leibhéal na hOllscoile chun formhaoirseacht agus treorú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise seo de chuid na hOllscoile. I measc an chomhaltais tá cumasc cuí buanchomhaltaí agus comhaltaí ceaptha as measc bhaill foirne agus mhic léinn OT Baile Átha Cliath.

⁷ Cabhraíonn STARS le hollscoileanna feidhmíocht inbhuanaitheachta a thomhas, a fheabhsú agus a thuairiscíú ar fud a seirbhísí acadúla, a n-oibríochtaí, a gcaidrimh agus a bpleanála chun cuntasacht a chothú.



Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, an Dlí agus an Oideachais – sa phictiúr tá mic léinn Oideachas agus Chúram na Luath-Óige agus iad ag ceiliúradh sheoladh a n-acmhainne nua oideachais inbhuanaitheachta

Rath i Ranguithe Tionchair Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ollscoileanna

Mar chuid de na Ranguithe Tionchair Ardoideachais ó The Times (THE) 2024, bhí OT Baile Átha Cliath rangaithe sa 100 ollscoil is fearr ar domhan as a rannchuidiú le dhá cheann de 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA) don tríú bliain as a chéile. Is é atá sa chéad áit iontach in Éirinn agus sa 29ú háit ar domhan do Ghníomhú ar son na hAeráide ná léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath do ghníomhú práinneach ar son na haeráide a dhéanamh chun neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach ar fud na hOllscoile agus a hoibríochtaí, agus as ár n-iarrachtaí saoránacht dhomhanda fhreagrach a chothú i measc ár ndaoine. Choinnigh OT Baile Átha Cliath a Rangú Tionchair foriomlán sa chatagóir 201-300 is airde agus bhí sé sa dara háit in Éirinn agus sa 72ú háit ar domhan do SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe.

5.1 An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

I mí an Mheithimh 2024, d'fhoilsigh OT Baile Átha Cliath leagan 3 den Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide uaidh. Leagtar amach sa treochlár freagairt na hOllscoile dár dtionchar comhshaoil a laghdú, dár gcuid eolais agus scileanna a mhéadú agus do réitigh a fhorbairt le haghaidh an t-athrú aeráide a mhaolú.

Dícharbónú

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do theacht chun bheith dícharbónaithe go hiomlán ar fud astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 faoin mbliain 2040. Is é an sprioc laistigh den Phlean Straitéiseach go 2028 uainn ná laghdú 46.5% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa⁸ a bhaint amach.

Ón mbliain 2006 i leith, tá OT Baile Átha Cliath ag rannchuidiú sonraí le hardán Faireacháin agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Is uirlis í sin a n-úsáideann an Ollscoil í chun a méadrachtaí bonnlíne a shainaitheint le haghaidh astaíochtaí carbóin agus le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh araon. Tugtar le fios san uirlis Faireacháin agus Tuairiscithe de

⁸ Is é atá i ngáis cheaptha teasa, lena n-áirítear dé-ocsaíd charbóin (CO₂), meatán (CH₄), ocsaíd nítríúil (N₂O) agus gáis fhluairínithe ná gáis atmaisféaracha a ionsúnn agus a astaíonn radaíocht infridhearg, rud is cúis leis an iarmhairt cheaptha teasa. ([ipcc_far_wg_i_chapter_01.pdf](#))

chuid SEAI gurbh ionann na meán-astaíochtaí thar an tréimhse bonnlíne gás ceaptha teasa agus 10,063 tCO₂. Fágann sé sin gurb ionann agus 3,343 tCO₂ na hastaíochtaí uasta nach mór do OT Baile Átha Cliath oibriú faoina mbun sa bhliain 2030. B'ionann na hastaíochtaí iomlána iarbhir a bhain le fuinneamh a taifeadadh sa bhliain 2023 agus 8,901 tCO₂, rud ab ionann agus laghdú pas beag níos mó ná 2,200 tCO₂ ar astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 idir an bhliain 2022 agus an bhliain 2023.

Taisteal inbhuanaithe


Tríd an gclár um Thaisteal Níos Cliste do Champais, oibríonn OT Baile Átha Cliath i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud na hOllscoile. Tá ár bhfeachtais chomhordaithe ar fud na bliana acadúla ag brú fíorathruithe iompraíochta chun cinn. Sa bhliain 2024, thuairiscigh 88% de mhic léinn go dtaistealaíonn siad chuig an gcampas trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a úsáid. Is díol suntais gur de rothar a thógtar 19% de thurais chomaitéireachta na mball foirne chuig ár gcampais i nGráinseach Ghormáin, ar Shráid Aungier, agus ar Shráid Bolton. Tá sé sin níos mó ná trí oiread chion módach na rothaíochta ar fud na cathrach, atá cothrom le 6%. Is léiriú é sin ar an gcultúr láidir taistil ghníomhaigh ísealcharbóin atá ag OT Baile Átha Cliath. Ina theannta sin, fuair OT Baile Átha Cliath cistiú ab fhiú €200k ón Údarás Náisiúnta Iompair chun bonneagar agus acmhainní taistil inbhuanaithe a fheabhsú. I dtreo dheireadh na bliana 2024, chuir OT Baile Átha Cliath iarratas isteach ar Mharc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair, agus é ag tiomsú sonraí faoi bhonneagar, faoi phatrúin chomaitéireachta agus faoi thacaí soghluaisteachta inbhuanaithe ar fud na gcúig champas atá aige.

» **Idtreo campas Ollscoile Inbhuanaitheachta**
Cuireadh tús i mí Eanáir 2024 le tionscadal dar teideal 'I dtreo Campas Ollscoile Inbhuanaitheachta' atá cistithe ag an ÚAO. D'oibrigh an fhoireann tionscadail a bhí faoi stiúir Sustainability Intelligence i ndlúthchomhar le feidhmeanna oibríochtúla agus rialachais éagsúla, le dámha éagsúla agus le scoileanna éagsúla chun rannchuidiú leis an aistriú chuig campas atá níos inbhuanaithe fós. Leanann an fhoireann tionscadail de thriail a bhaint as bonneagar inscálaithe cliste faireacháin agus tuairiscithe a fhorbairt d'fhoirgnimh agus campais OT Baile Átha Cliath agus chuir sí tús le forbairt a dhéanamh (i) ar shaotharlann bheo dhigiteach, (ii) ar shamhlacha faisnéise foirgnimh, (iii) ar mhéadrú cliste, (iv) ar thomhais agus samhlacha fisice foirgnimh,

(v) ar leathchúplaí digiteacha oibríochta foirgnimh, agus (vi) ar shamhlacha comhpháirtíochta saotharlainne beo trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá á bhforbairt le haghaidh úsáid oideachais, taighde agus oibríocháin.

» Glao Oscailte Campas Glas – OT Baile Átha Cliath a Dhícharbónú

I mí Dheireadh Fómhair 2024, sheol OT Baile Átha Cliath an chéad Ghlaó Oscailte Campas Glas, ar clár é a bhfuil sé mar aidhm leis tacú leis na tionscadail phobal-tionscanta de chuid OT Baile Átha Cliath atá ag teacht le cuspóirí straitéiseacha OT Baile Átha Cliath, leis an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis an gclár Campas Glas. Ghlac breis agus 70 duine páirt in imeacht mealltach dar teideal 'OT Baile Átha Cliath a Dhícharbónú', áit ar tugadh cuireadh do mhic léinn agus do bhaill foirne chun cloisteáil faoin eagrán is déanaí den Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó OT Baile Átha Cliath agus chun páirt a ghlacadh i 'Monarcha Smaointe' chun giniúint agus forbairt a dhéanamh ar smaointe tionscadail lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht campas. Roghnaíodh cúig thionscadal déag ó dhisciplíní éagsúla ar fud na gcampas uile chun micridheontas a fháil, agus tá cur chun feidhme na dtionscadal le cur i gcrích i mí an Mheithimh 2025.



Feidhmíocht Fuinnimh

Is é an sprioc atá againn méadú 45% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2028.

Tá campas Thamhlachta de chuid OT Baile Átha Cliath nasctha anois le córas téimh ceantair HeatWorks, a úsáideann teas aisghafa ó ionad sonraí Amazon in aice láimhe i mBaile Átha Cliath Theas. Tá an tionscnamh seo ina léiriú ar cé chomh hinmharthana agus atá an téamh cheantair ar thrí champas OT Baile Átha Cliath mar straitéis thábhachtach chun sprioc laghdaithe carbóin na hOllscoile a bhaint amach faoin mbliain 2030. Sa bhliain 2023 amháin, baineadh laghdú is mó ná 800 tCO₂e amach le nasc Thamhlachta.

Tionscnamh Fuinnimh Gheoiteirmigh

Táthar ag leanúint d’iarrachtaí a dhíriú ar thionscnaimh fuinnimh ghlain a chistiú agus a leathnú. Sa bhliain 2024, [dámhadh breis agus €5.4 milliún do OT Baile Átha Cliath chun tollpholl taiscéaláíoch fuinnimh gheoiteirmigh 2.5 km ar doimhneacht a fhorbairt ar champas Ghráinseach Ghormáin](#), faoin tionscadal trasteorann GEMINI a dtacaíonn an clár PEACEPLUS leis agus a mbainistíonn Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) é. Fuarthas €400k sa bhreis ó chlár Treo-aimsitheora Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Dícharbónaithe an ÚAO/SEAI chun an tionscadal fuinnimh gheoiteirmigh a thabhairt chun cinn go céim an deartha. Táthar ag baint úsáid as €84k sa bhreis ón gciste sin chun tacú le dearadh Treo-aimsitheora Iarfheistithe Dhomhain d’Áras Fios ar champas Bhaile Bhlaínseir. Sna Gradaim Gúna Ghlais, an Ríocht Aontaithe agus Éire, de chuid EAUC, bronnadh ardmholadh ar an aighneacht ó OT Baile Átha Cliath dar teideal ‘Dícharbónú de réir Ceantair’.

Creidiúnú My Green Lab

Leanann an Ollscoil d’fheabhas a chur ar mhéadrú fuinnimh le haghaidh leictreachais agus gáis chun tuiscint níos fearr a fháil ar úsáideoirí móra fuinnimh agus ar fhoinsí carbóin. Tá sé mar aidhm le hiarrachtaí sonraí fuinnimh a chomhroinnt athruithe iompraíochta a spreagadh, lena n-áirítear infheictheacht mhéadaithe na dTeastas Fuinnimh Taispeána agus rannpháirtíocht mhéadaithe i gcreidiúnú My Green Lab. Sa bhliain 2024, creidiúnaíodh ocht saotharlann nua, rud a fhágann go bhfuil deich saotharlann chreidiúnaithe san iomlán ag an Ollscoil anois.

5.2 Oideachas agus Oiliúint Inbhuanaitheachta

Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath páirt a thabhairt do gach ball foirne agus do gach mac léinn in oideachas agus oiliúint inbhuanaitheachta faoin mbliain 2028. Ina theannta sin, tá sé mar sprioc aige rátáil STARS® Ollscoile a bhaint amach faoin mbliain 2027.

Oideachas agus Oiliúint Inbhuanaitheachta

Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil ‘Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha’ a chruthú, arb é atá iontu ná glúin nua céimithe a stiúrfaidh an clár oibre inbhuanaitheachta le díograis agus le cuspóir. Sa bhliain 2024, d’fhreastail breis agus 14,000 rannpháirtí ar bhreis agus 145 imeacht inbhuanaitheachta, le tacaíocht ó chistiú seachtrach.

Leithdháil an Fóram Náisiúnta agus an ÚAO €380,000 ar Scoileanna, Dámha agus Gnóthaí Acadúla OT Baile Átha Cliath chun feabhas a chur ar nuálaíocht teagaisc agus foghlama atá dírithe ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI). Sa bhliain 2024, sholáthair an Fhoireann Oideachais Inbhuanaitheachta 48 gcinn de cheardlanna/de láithreoirachtaí do 980 oideoir.

Ceadaíodh OT Baile Átha Cliath mar ‘Ionad AASHE um Inbhuanaitheacht ar fud an Churaclaim’ – ceann amháin de 15 ionad ar domhan, agus an chéad cheann san Eoraip riamh. Cuireadh foireann OT Baile Átha Cliath ar an ngearrliosta le haghaidh cúig cinn de Ghradaim iomráiteacha Gúna Ghlais de chuid EAUC. Ba mhó an líon sin ná an líon a ghnóthaigh aon Ollscoil eile sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn, agus tugadh Ardmholadh di le haghaidh dhá ghradam.

Ar aon dul leis an Sainordú Earnála Poiblí, is amhlaidh, ó mhí an Mhárta 2024 i leith, atá Oiliúint Ceannaireachta Aeráide críochnaithe ag 257 mball foirne. Is ionann é sin agus ráta críochnaithe 89%. Tríd an gclár N-TUTORR, d’oibrigh OT Baile Átha Cliath i gcomhar le hollscoileanna teicneolaíochta eile chun Oiliúint Ceannaireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta.



Jennifer Stewart, Scoil na Turasóireachta agus na Bainistíochta Fáilteachais, in éineacht le Jennifer Boyer, Leas-Uachtarán um Inbhuanaitheacht, agus í ag fáil a Teastais don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach in Oideachas a Chur ar son Inbhuanaitheachta

Cruinniú Mullaigh Aeráide na Mac Léinn 2024

Tháinig breis agus 80 mac léinn ó áiteanna ar fud na hÉireann le chéile chun freastal ar Chruinniú Mullaigh Náisiúnta Aeráide na Mac Léinn Déardaoin an 31 Deireadh Fómhair 2024 ar champas Ghráinseach Ghormáin de chuid OT Baile Átha Cliath. Le linn an chruinnithe mullaigh aon lae, chualathas ó mhic léinn faoi na gníomhartha is féidir le hinstitiúidí Ardoideachais in Éirinn a dhéanamh chun dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide agus na héagóra aeráide, agus rannpháirtithe ann ó ocht nOllscoil eile. Mar chuid de Chaifé Domhanda, chaith na mic léinn an mhaidin ag fiosrú na ndúshlána a mbíonn mic léinn ar champais ar fud na hÉireann ag déileáil leo. Sa tráthnóna, bhailigh na daltaí a gcuid smaointe faoi na sé théama, ag obair dóibh le tacaíocht ó éascaitheoirí ó Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI), ó Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), ó An Taisce agus ó Concern. Mar chuid den phlé painéil clabhsúir, d’fhógair mic léinn ‘glaó chun gníomhaíochta’ a bhí dírithe ar ionadaithe rannpháirteacha ó institiúidí Ardoideachais. Tacaíodh leis an imeacht trí chistiú ó CALT.



Mic léinn de chuid OT Baile Átha Cliath, Ossian Smyth TD agus Comhordaitheoir Náisiúnta N-TUTORR agus iad i láthair ag an gCruinniú Mullaigh um Cheannaireacht Aeráide Ardoideachais

An Cruinniú Mullaigh um Cheannaireacht Aeráide Ardoideachais 2024

I gcomhar le N-TUTORR, d’óstáil OT Baile Átha Cliath an Cruinniú Mullaigh um Cheannaireacht Aeráide Ardoideachais ar champas Ghráinseach Ghormáin de chuid OT Baile Átha Cliath an 18 Meitheamh 2024. Tháinig breis agus 100 duine de cheannairí sinsearach agus de bhaill foirne teagaisc ó institiúidí ardoideachais in Éirinn le chéile ag an imeacht chun plé a dhéanamh ar an ról tábhachtach a imríonn an t-ardoideachas i ndul i ngleic leis an athrú aeráide trí ghníomhaíocht.

Thug painéal cainteoirí an cúla trí phlé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis an ardoideachas athruithe iompraíochta a chur chun cinn san earnáil phoiblí agus sna pobail a bhfreastalaímid orthu araon. Sa tráthnóna, d’fhreastail rannpháirtithe ar sheisiúin théamacha ar leithligh chun plé mionsonraithe a dhéanamh ar straitéisí éifeachtacha agus an dea-chleachtas chun an timpeallacht campais a dhícharbónú, ar sholáthar poiblí glas, ar athruithe iompraíochta, agus ar an inbhuanaitheacht a leabú isteach sa churaclam. Tacaíodh leis an imeacht trí chistiú ó N-TUTORR.

Freagraí á dtabhairt ag mic léinn ar cheisteanna faoi théamaí ag gníomhaíocht an Chaifé Dhomhanda mar chuid de Chruinniú Mullaigh Náisiúnta Aeráide na Mac Léinn 2024



Rátáil STARS®

Sa bhliain 2024, chuir OT Baile Átha Cliath an chéad iarratas ar STARS de chuid AASHE uaidh isteach. Is é STARS® (Córas Rianaithe, Measúnachta agus Rátála Inbhuanaitheachta™) ann ná creat trédhearcach féintuairiscithe ar féidir le hollscoileanna é a úsáid chun a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a thomhas. Is é an Cumann um Chur Chun Cinn na hInbhuanaitheachta san Ardoideachas (AASHE) a sholáthraíonn an clár creidiúnúcháin. Chun an chéad iarratas ó OT Baile Átha Cliath chuig STARS® a shaothrú, d’oibrigh an Fhoireann Faisnéise Inbhuanaitheachta i ndlúthchomhar le Comhairle Inbhuanaitheachta na hOllscoile agus le gach feidhm de chuid OT Baile Átha Cliath, lena n-áirítear mic léinn agus baill foirne, chun faisnéis a bhailiú, a chomhdhlúthú, a mheasúnú agus a thuairisciú faoi fheidhmíocht inbhuanaitheachta na hOllscoile ar fud gach réimse, lena n-áirítear an curaclam, an taighde, an t-oibriú, an rannpháirtíocht, an phleanáil agus an riarachán. Cuireadh an chéad tuarascáil isteach ag deireadh na bliana 2024 agus bhíodhas ag súil go bhfaighfí rátáil STARS® sa bhliain 2025.

6 Taighde agus Nuálaíocht

Tá Taighde agus Nuálaíocht mar chuid lárnach d'fhís OT Baile Átha Cliath mar ollscoil teicneolaíochta. De réir mar a théann an domhan i ngleic le dúshlán shuntasacha a bhaineann leis an athrú aeráide, le caillteanas na bithéagsúlachta, leis an neamhionannas, leis an éagobhsaíocht pholaitiúil, agus le sláinte an phobail, i measc nithe eile, tá ár n-ollscoil ag díriú ar “eolas nua a chruthú agus réitigh thráthúla agus phraiticiúla a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe”. Sa bhliain 2024, dhírigh an ollscoil ar chur chun feidhme a dhéanamh ar ghníomhartha straitéiseacha atá leagtha amach sa Straitéis Taighde agus Nuálaíochta 2023-28 uathí chun tacú lenár bpobal taighdeoirí agus nuálaithe méid agus tionchar a gcuid oibre a mhéadú.

Feabhas a Chur ar Thimpeallacht Taighde OT Baile Átha Cliath

- » Imscaradh Córas Bainistíochta Faisnéise Taighde nua (PURE) chun próisis Bainistíochta Dámhachtainí a thógáil ar láimh tar éis 14 bliana den seanchóras RIS. Is díol suntais gur foinse chuimsitheach faisnéise faoi gach gné de ghníomhaíocht taighde OT Baile Átha Cliath é PURE. Is féidir cuardach a dhéanamh de réir critéir éagsúla chun aschuir thaighde, tionscadail, taighdeoirí, eochairfhocail agus sonraí gaolmhara eile ar leith a aimsiú. Tosaigh do chuardach ag <https://researchprofiles.tudublin.ie/>
- » Tá an chéad [Chreat Tionchair Taighde](#) uaidh riamh forbartha ag OT Baile Átha Cliath. I dtírdhreach taighde a bhíonn ag athrú, bíonn ag méadú ar an mbéim a leagtar ar na haschuir acadúla agus ar mhórtionchair shochoíocha, eacnamaíocha agus chomhshaoil an taighde. Forbraíodh an Creat Tionchair Taighde chun cur chuige struchtúrtha a sholáthar do bhaill foirne agus do mhic léinn i leith tionchar a gcuid taighde a phleanáil, a bhaint amach agus a léiriú. Tá an creat thar a bheith luachmhar dóibh siúd atá ag ullmhú iarratais ar dheontais, toisc go spreagtar leis planáil tionchair luathchéime, rud atá riachtanach chun cistiú a áirithiú agus chun torthaí fiúntacha a chinntiú. Ar fud an tionscadail, is féidir le taighdeoirí faireachán a dhéanamh ar a dtionchar, dul chun cinn a rianú, agus oiriúnú de réir mar is gá, rud a chothaíonn próiseas taighde atá freagrúil agus ag a bhfuil tionchar, agus iad ag plé le geallsealbhoirí iomchuí ag an am céanna. Ina theannta sin, soláthraítear leis an gcreat treoir maidir le fionnachtana taighde a chur in iúl do spriocphobail nach speisialtóirí iad, rud a mhéadaíonn rannchuidithe sochaíocha níos leithne thaighde OT Baile Átha Cliath.

- » D'fhorbair OT Baile Átha Cliath an chéad [Chreat Rannpháirtíochta Taighde](#) uaidh, rud a thacóidh le daoine comhoibriú tuilleadh ar a gcuid taighde, ar aon dul le fis OT Baile Átha Cliath arb éard é ‘domhan níos fearr a chruthú le chéile’. Tá réamhrá ar rannpháirtíocht sa taighde, an comhthéacs beartais, agus ceisteanna coitianta ar áireamh sa chreat. Ina dhiaidh sin, leagtar amach ocht ngné de rannpháirtíocht taighde, mar aon le leideanna agus moltaí úsáideacha, ceisteanna machnaimh, agus raon acmhainní agus nasc breise le haghaidh gach gné. Tá seicliostaí ábhartha agus teagmhálaithe ollscoile ar áireamh ann freisin. Déanfar an doiciméad beo sin a nuashonrú go tráthrialta, agus déanfar athbhreithniú foirmiúil air uair amháin sa bhliain.
- » D'fhoilsigh OT Baile Átha Cliath freisin an [Plean Gníomhaíochta um Chomhghuaillíocht chun Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn](#) uaidh i mí Mheán Fómhair 2024. Leagtar amach sa doiciméad sin straitéis OT Baile Átha Cliath le haghaidh measúnú taighde a athchóiriú thar na trí bliana atá romhainn. Is é OT Baile Átha Cliath an chéad ollscoil in Éirinn a d'fhoilsigh an plean gníomhaíochta uathí riamh. Scríobh Lindsay Dowling agus an Dr Mary Deasy an plean gníomhaíochta i gcomhpháirt agus d'fhormhuinigh Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile é. Díreann ann ar chúig phríomhshnáithe: Bunaigh, Cuir Chun Feidhme, Déan Faireachán, Athbhreithnigh, agus Triail. Tá na gnéithe sin ceaptha chun cleachtais fhreagracha measúnaithe taighde a chur chun cinn, agus iad ag teacht leis na spriocanna níos leithne atá ag an gComhghuaillíocht chun Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn maidir le cultúr taighde a fheabhsú agus maidir le méadrachtaí freagracha a chomhtháthú isteach i meastóireachtaí taighde.
- » I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhógair Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath bunú 21 Ionad Taighde Ainmnithe, tar éis próiseas foirmiúil iarratais agus athbhreithnithe, agus iad ailínithe lena [cúig thosaíocht shainiúla taighde](#). Cuimsítear sna hionaid ainmnithe raon leathan disciplíní agus tá cineál ildisciplíneach acu. Tá siad aontaithe ag tiomantas comhroinnte d'eolas a chur chun cinn agus d'aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shochoíocha, teicneolaíochta agus thionsclaíocha chriticiúla. Tríd an obair nuálach a dhéanann na hionaid sin, rannchuideoidh siad go mór le misean na hollscoile maidir le teorainneacha eolais a bhrú agus maidir le cultúr sármhaitheasa taighde a chothú. Ní hé amháin go neartaíonn an tionscnamh seo acmhainn taighde agus nuálaíochta OT Baile Átha Cliath ach cuireann sé ar chumas na n-ionad sin rannchuidithe a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar an scála náisiúnta agus ar an scála domhanda araon.

Feidhmíocht Taighde

Laistigh den Phlean Straitéiseach 2024-2028, tá OT Baile Átha Cliath dírithe ar ghníomhaíocht taighde a mhéadú, agus é ag spriocdhíriú ar na nithe seo a leanas:

- » Dochtúireachtaí a bheith ag 50% de bhaill foirne acadúla (de réir Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta)
- » 23% de bhaill foirne acadúla a bheith aicmithe mar bhaill foirne atá gníomhach i dtaighde
- » 5% de mhic léinn L8-L10 a bheith ina Mic Léinn Taighde larchéime (de réir Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta), agus
- » €32m a bheith i luach bliantúil na ndámhachtainí cistiúcháin taighde



6.1 Dochtúireachtaí a bheith ag baill foirne acadúla

Bronntar céimeanna dochtúireachta as gníomhaíocht taighde a chuireann eolas nua le réimse ar leith. Meastar dámhachtaithe dochtúireachta a bheith ina ndámhachtaithe neamhspleácha ar féidir leo, i suíomh acadúil, tosú le meantóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar iarrthóirí dochtúireachta iad féin. Trína chinntiú go bhfuil cion suntasach dár bhfoireann acadúil cáilithe go cuí, tá acmhainn ag an ollscoil cur lena pobal taighdeoirí atá ag fiosrú fadhbanna teicneolaíochta agus sochaíocha agus réitigh fhéideartha orthu. Ag an áireamh deireanach ar shonraí faoi cháilíochtaí, fuarthas amach go raibh 46% de bhaill foirne acadúla na hollscoile cáilithe go leibhéal dochtúireachta. Chun an cion sin a mhéadú, tá an ollscoil ag tacú lena baill foirne atá ag saothrú cáilíochtaí dochtúireachta agus tá sí ag tabhairt tús áite do cháilíochtaí dochtúireachta le linn baill foirne acadúla a earcú.

6.2 Baill Foirne atá Gníomhach i dTaighde

Na baill foirne de chuid OT Baile Átha Cliath atá gníomhach i dtaighde, tá baint acu le meascán d'obair ghaolmhar – maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn taighde, aschuir taighde a scaipeadh, agus cistiú taighde a fháil. Seo a leanas roinnt samplaí d'éachtaí suntasacha ár mball foirne atá gníomhach i dtaighde:

• **Rangaítear an Dr Amit Jaiswal i measc an 1% is mó de Thaighdeoirí ag a bhfuil Tionchar Domhanda don bhliain 2024.** Aithníodh an Dr Amit Jaiswal, léachtóir ó Scoil na hEolaíochta Bia agus na Sláinte Comhshaoil, i measc an 1% is mó de na taighdeoirí is mó tionchar domhanda don bhliain 2024. Tá an t-ainmniú mór le rá sin mar chuid den liosta “Taighdeoirí Rí-Luaite” arna thiomsú ag Clarivate Analytics, ina sainaithnítear taighdeoirí arb iad a saothar an saothar is mó lua ag páraí le deich mbliana anuas. Léigh tuilleadh [anseo](#)



An 24 Bealtaine 2024, **ligeadh an tOllamh Una Hunt ó Conservatoire OT Baile Átha Cliath isteach go hoifigiúil in Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA)** tar éis toghchán a cuireadh ar siúl ní ba luaithe sa bhliain. Toghtar comhaltaí



chuig RIA as a rannchuidithe iontacha leis na heolaíochtaí, leis na daonnachtaí, leis na heolaíochtaí sóisialta agus le seirbhís phoiblí. Tá rannchuidiú ollmhór déanta ag an Ollamh Hunt le taighde ceoil, agus aitheantas idirnáisiúnta do stair agus stór an cheoil Éireannaigh bainte amach aici. Is pianódóir ceolchoirme a bhfuil cáil dhomhanda uirthi í agus léiríonn a cuid éachtaí tábhacht an taighde atá dírithe ar thaibhléiriú chun saothar cumadóirí, ceoltóirí agus cumadóirí amhrán Éireannacha, lena n-áirítear Moore, Osborne, Stanford agus Wallace, a thuiscint, a mhíniú agus a chur i gcomhthéacs. Léigh tuilleadh [anseo](#)

Ainmnítear an tOllamh Taha Yasseri mar an chéad Ollamh leis an Teicneolaíocht agus an tSochaí de chuid Workday in OT Baile Átha Cliath agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is é an post nua seo, a gcistíonn Workday Inc. é, an chéad phost Cathaoirligh atá cistithe ag an tionscal in Ollscoil Teicneolaíochta riamh. Tá an post seo ina dheis uathúil cur leis an tuiscint atá againn ar an gcaoi a múnlaíonn an teicneolaíocht an tsochaí agus rannchuidiú le taighde fiúntach ar féidir leis a bheith mar bhonn eolais faoi bheartais agus faoi chleachtais. Tugann an Cathaoirleach leis tiomantas láidir do chaidreamh leis an bpobal agus do rannchuidiú leis an dioscúrsa poiblí faoi theicneolaíochtaí digiteacha. Thosaigh an tOllamh Yasseri a phost an 1 Lúnasa 2024. Úsáidfear an infheistíocht ó Workday Inc. chun roinnt ról breise a chruthú freisin, lena n-áirítear mic léinn PhD agus taighdeoirí iardhochtúireachta in OT Baile Átha Cliath. Léigh tuilleadh [anseo](#)




Cheiliúir OT Baile Átha Cliath éachtaí suntasacha a thaighdeoirí agus a nuálaithe ag an **Searmanas Bliantúil Dámhachtana Gradam 2024** a cuireadh ar siúl an 4 Samhain 2024 inár Halla Ceolchoirme. Leis na gradaim, tugtar aitheantas do shármhaitheas agus do dhaoine aonair agus d'fhoirne atá ag brú teorainneacha eolais, ag tacú le hiarrachtaí inbhuanaitheachta agus ag brú na nuálaíochta chun cinn. Bhí raon éagsúil catagóirí gradam ag an searmanas, agus iad ag aithint obair cheannródaíoch sa ghnó, san eolaíocht, san innealtóireacht, sna heolaíochtaí sóisialta, agus sna daonnachtaí. Tugadh aitheantas ann freisin don ról rithábachtach atá ag an taighde maidir le dul i ngleic le dúshlán dhomhanda agus maidir le comhoibriú a chothú idir an lucht léinn, an lucht tionscal, agus pobail. Léigh tuilleadh [anseo](#)

6.3 Mic Léinn Taighde larchéime

Is cuid lárnach de phobal taighde OT Baile Átha Cliath iad Mic Léinn Taighde larchéime. Tá an líon mac léinn ag fás go seasta le blianta beaga anuas, agus b'ionann é agus 680 mac léinn sa bhliain 2023/24. Tá miondealú ar na mic léinn de réir réimse staidéir ar fáil sa chairt thíos.

Fíor 5: Mic Léinn larchéime de réir Réimse Staidéir, 2023/24



Sa bhliain 2024, bhain 69 n-iarrthóir céim amach le dámhachtain taighde, mar a bhí 59 gcéimí PhD agus deichniúr céimithe MPhil. Is méadú suntasach é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe, nuair a bhí 46 chéimí san iomlán ann. Tá ríméad orainn éachtaí na gcéimithe uile a cheiliúradh.



2024 ar an Dr Billy McCarthy, céimí le déanaí de chuid OT Baile Átha Cliath, ag searmanas in Acadamh Ríoga na hÉireann. Bronntar an duais mór le rá sin, a n-urraíonn Henkel í, as taighde dochtúireachta den scoth sna heolaíochtaí ceimiceacha a dhéantar ar oileán na hÉireann. Ainmníodh an gradam in onóir Kathleen Lonsdale, criostalagrafaí X-gha Éireannach cáiliúil, a rugadh an 28 Eanáir 1903.

Chríochnaigh an Dr McCarthy céim BSc i gCeimic na gComhdhúl Cógaisíochta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, sular lean sé le staidéar breise i Scoil na hEolaíochta Bia agus na Sláinte Comhshaoil in OT Baile Átha Cliath, áit a ndearna an tOllamh Christine O'Connor maoirseacht air. Dámhadh Scoláireacht Teagasc Walsh don Dr McCarthy chun a PhD a dhéanamh ar an topaic seo: ‘Tuiscint a fháil ar Iontráil, Deighilt agus Cinniúint Clóráití i bPróisis Déiríochta’.

Sa tráchtas PhD buacach uaidh, cuirtear i láthair iniúchadh mionsonraithe ar dhinimic clóráití i bpróiseáil déiríochta agus moltar réiteach nuálach le haghaidh bainistíocht clóráití. Is é is clóráit ann ná truaileán ar féidir leis dul isteach i dtáirgí déiríochta trí uisce clóirínithe agus trí tháirg a úsáidtear le linn trealamh próiseála a ghlanadh. Mar gheall ar a héifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte, rialáiltear go docht láithreach clóráite i dtáirgí déiríochta. Tá sé rithábachtach tuiscint a fháil ar iontráil, deighilt agus cinniúint clóráití i dtáirgeadh déiríochta chun sábháilteacht agus cáilíocht na dtáirgí déiríochta a chinntiú ar fud tionscal domhanda.

Bhuaigh an Dr Megan Joyce, céimí, gradam freisin – gradam rogha an lucht féachana ag Comórtas Náisiúnta an ‘Tráchtas Trí Nóiméad’ de chuid Chumann Ollscoileanna Éireann (IUA) a cuireadh ar siúl i mí na Samhna 2024. Tugadh cuireadh d’ochtair buaiteoirí na gcomórtas ollscoile aonair chun dul in iomaíocht sa bhabhta ceannais náisiúnta. Ina measc sin bhí Megan ó Scoil na nEolaíochtaí Ceimiceacha agus Bithchógaisíochta, a bhí faoi mhaoirseacht ag an Dr Gordon Cooke agus ag an Dr Emma Caraher, as an tráchtas uaithi dar teideal ‘Ualach na Frithsheasmhachta in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach i Niúmóine a Tolgadh sa Phobal (CAP)’.



6.4 Cistiú Taighde

Tá cistiú taighde OT Baile Átha Cliath ag fás go seasta le roinnt blianta anuas. Tá miondealú de réir foinse cistiúcháin ar fáil sa tábla thíos.

Tábla 6: Cistiú Taighde de réir Foinse Cistiúcháin, 2020-2024

Maoinitheoir	2020 (€000)	2021 (€000)	2022 (€000)	2023 (€000)	2024 (€000)
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	€200	€449	€682	€937	€995
Fiontraíocht Éireann	€2,550	€3,267	€792	€5,812	€869
Coimisiún an Aontais Eorpaigh	€3,145	€2,787	€1,611	€2,113	€1,031
EUt+				€311	€98
Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais	€494	€1,134	€1,843	€1,828	€18,800
An Bord Taighde Sláinte			€138	€5	€270
An Earnáil Tionsclaíochta	€749	€1,452	€184	€2,306	€20
Daonchairdeas/ Carthanacht	€19	€10	€39	€76	
Taighde Éireann	€5,130	€7,500	€9,155	€5,175	€3,873
OT Baile Átha Cliath	€2,143	€2,553	€2,920	€3,413	€1,207
Eile	€104	€422	€54	€130	€199
Iomlán	€14,534	€19,574	€17,420	€22,107	€27,363

An tionscnamh **ARISE (An Taighde agus an Nuálaíocht lena dTacaítear le Fiontair a Mhéadú)** in OT Baile Átha Cliath, a bhfuil infheistíocht €13.6 milliún faighte aige ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó Rialtas na hÉireann mar thacaíocht, tá naisc idir an lucht léinn agus an lucht tionscail á gcur chun cinn aige ar fud cúig phríomhearnáil:

- » Bithchógaisíocht, Eolaíochtaí Beatha, agus Teicneolaíochtaí Liachta
- » Ardmhonaraíocht agus Ard-innealtóireacht
- » Bia, Teicneolaíocht Talmhaíochta, Bithghéilleagar agus Inbhuanaitheacht
- » TFC agus Seirbhísí Airgeadais
- » Meáin Chlosamhairc, Chruthaitheacha agus Chultúrtha

Agus foireann thiomnaithe de 13 ghairmí aige, lena n-áirítear cúigear Bainisteoirí Forbartha Gnó atá ag déanamh caidreamh gníomhach le fiontair ar fud Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre in Éirinn, tá ARISE ag cur nuálaíocht chun cinn trí

chomhpháirtíochtaí straitéiseacha tionscail. Go dtí seo, d’ionduchtaigh an clár 23 mhac léinn PhD agus táthar ag súil go gcuirfidh sé fáilte roimh 15 thaighdeoir iardhochtúireachta, rud a neartóidh an nasc idir pobal taighde OT Baile Átha Cliath agus an lucht tionscail. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig www.tudublin.ie/arise.

Roinnt samplaí de thionscadail taighde

Grosafe: Cluiche Ceannródaíoch chun Leanai a Chosaint ar Mhealltóireacht ar líne – Ag obair dó i gcomhoibriú le ISPC Childline agus le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tá OT Baile Átha Cliath i gceannas ar thionscadal nuálach dar teideal ‘GroSafe’ atá cistithe ag Ciste Dúshláin Náisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal réiteach teicneolaíocht-tiomáinte a fhorbairt chun treisiú le hathléimneacht na sochaí in aghaidh mealltóireacht leanai, agus é faoi threoir ag an Dr Christina Thorpe agus ag an Dr Matt Bowden ó Scoil na Faisnéisíochta agus na Cibearshlándála san Ollscoil. Léigh tuilleadh anseo

An todhchaí a thógáil: Taighde Foirgníochta Intleachta Saorga – Rinneadh seoladh oifigiúil ag imeacht in OT Baile Átha Cliath i mí na Nollag 2024 ar chlár taighde 10 mí atá faoi thiomáint ag Intleacht Shaorga agus ina mbaintear leas as fis ríomhaireachta agus as meaisínfhoghlaím chun feabhas a chur ar cháilíocht agus comhlíonadh san fhoirgníocht. Is comhoibriú é sin idir Scoil na Suirbhéireachta agus na Nuálaíochta Foirgníochta in OT Baile Átha Cliath, Fenagh Engineering & Testing agus Construct Innovate, le tacaíocht ó Ionad Taighde agus Nuálaíochta na Timpeallachta Tógtha (BERIC) in OT Baile Átha Cliath, Toscaireacht Misin Trádála BIBA, Roinn Nuálaíochta UMass Amherst, agus Comhlachas Tráchtála Mheiriceá agus neartaíonn sé na naisc idir Bostún agus Baile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm ag an gclár cleachtais tionscail a athshainiú trí intleacht shaorga cheannródaíoch. Léigh tuilleadh anseo

An Staidéar ar Choireacht ar Fheirmeacha Éireannacha

Taighdeoirí: An Dr Nicola Hughes agus an Dr Matt Bowden ó Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, an Dlí agus an Oideachais

Tá difear suntasach déanta ag an Staidéar ar Choireacht ar Fheirmeacha Éireannacha do chosc na coireachta tuaithe in Éirinn. Rinneadh scrúdú sa taighde ar íospairt coireachta i measc feirmeoirí, agus freagairtí póilíneachta á measúnú agus na bearta dea-chleachtais um choireacht a chosc a shainaithint. Tugadh clúdach fairsing don staidéar sna meáin (breis agus 50 tuairisc) agus bhí tionchar díreach aige ar straitéisí slándála tuaithe, agus na fionnachtana curtha ar áireamh i dtionscnaimh coireachta tuaithe an Gharda Síochána. Rannchuidigh an staidéar le plé beartais ag comhdhálacha náisiúnta agus Eorpacha coireolaíochta freisin. Trí aird a tharraingt ar phríomhdhúshláin slándála agus trí réitigh phraiticiúla a thairiscint, tacaíonn an taighde sin le SDG 16 (Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre) agus le SDG 17 (Páirtíochtaí ar son na Spriocanna), agus pobail tuaithe níos sábháilte á gcothú.



6.5 Aistriú Eolais agus Gníomhaíocht Fiontraíochta

Socraítear i bPlean Straitéiseach OT Baile Átha Cliath go 2028 spriocanna uailmhianacha don Ollscoil maidir lena haistriú eolais agus lena gníomhaíocht fiontraíochta. Spriocdhírítear ann ar fhás foriomlán i gceadúnú agus i bhforbairt seach-chuideachtaí, agus an Ollscoil ag tarraingt ar a bonn taighde agus ag baint leas as a ról ceannaireachta san aistriú eolais in Ardoideachas na hÉireann. Ag an am céanna, féachaimid le cur leis an bpobal fiontraíochta ina bhfuil na céadta fiontar atá tagtha chun cinn cheana trí thacaíocht OT Baile Átha Cliath agus leanaimid de ‘leomhadh ar son fionnachtana a dhéanamh’ agus de ghlúin nua fiontar nuathionscanta a fhorbairt agus a chothú.



Aistriú Eolais

Maidir le comhaontuithe ceadúnais nua, socraíodh sprioc go gcuirfí 15 cheadúnas i ngníomh sa bhliain acadúil 2024/25. Amhail mí na Nollag 2024, cuireadh 11 chomhaontú ceadúnais nua i ngníomh. Maidir le forbairt seach-chuideachtaí, d’fheidhmigh OT Baile Átha Cliath níos fearr ná a sprioc, agus trí sheach-chuideachta sa bhreis cruthaithe aige sa tréimhse chéanna.

Ar Lá Domhanda na Maoine Intleachtúla, an 26 Aibreán 2024, cheiliúir Nuálaíocht OT Baile Átha Cliath agus [an tIonad um Optaice Thionsclaíoch agus Innealtóireachta \(IEO\) an 600ú nochtadh aireagáin](#) ón Ollscoil. Ba é IEO a chuir an 600ú Foirm Nochta Aireagáin (IDF) isteach. Tá sé mar aidhm ag IEO aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocharaíochta trí thaighde optaice agus fótónaice. Tá an IEO gníomhach i dtaighde optaice agus fótónaice le breis agus 25 bliana anuas agus d’fhorbair sé teicneolaíochtaí nuálacha i bhfiordheimhniú táirgí, i dtomhas creathanna, i mbrath agus i gceapadh gléasanna optúla. Ag labhairt di faoi thionchar maoine intleachtúla an ionaid agus faoin tacaíocht a fuarthas in OT Baile Átha Cliath, dúirt **an Dr Suzanne Martin, Bainisteoir Ionaid agus Príomh-Imscrúdaitheoir ag IEO, OT Baile Átha Cliath:**

“Bhí Ionad IEO in ann tairbhe a bhaint as an tacaíocht den scoth a fuarthas bliain i ndiaidh bliana ó Oifig Nuálaíochta OT Baile Átha Cliath agus muid ag tógáil ár bpunainne maoine intleachtúla. Mar gheall air sin, bhí ár mbaill foirne in ann díriú go hiomlán ar na dúshláin theicniúla, agus iad muiníneach ag an am céanna go mbíonn an mhaoin intleachtúil a fhorbraimid á cosaint agus á láimhseáil ag saineolaithe.”


» Dámhadh deontas ó Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann dar luach thart ar €1 mhilliún d’Oifig Nuálaíochta agus Aistrithe Eolais OT Baile Átha Cliath agus don Dr Sean Bond, príomhthaighdeoir ó OT Baile Átha Cliath. A bhuí leis an gcistiú, tabharfar beocht do theicneolaíocht agus seach-chuideachta ‘**SM:ART**’ de chuid an Dr Bond, rud a athróidh go bunúsach an chaoi a ndéanaimid ár mbonneagar is criticiúla a chosaint agus a chaomhnú. Baineann SM:ART úsáid as ardbhraiteoirí, as meaisínfhoghlaim agus as cóireáil uathoibríthe chun meath struchtúrach i gcoincreit threistithe a chosc, sula dtosaíonn sé fiú. Trí aistriú ó dheisiúcháin fhrithghníomhacha go cosc réamhghníomhach, tá SM:ART ar tí na billiúin euro a shábháil ar fud an domhain, agus saolré na ndroichead agus na struchtúr criticiúil a thacaíonn lenár ndomhan á fadú aige. Níl cothabháil ina haonar i gceist anseo, ach is é an bunús le todhchaí níos cliste agus níos athléimní do bhonneagar an domhain é. Léigh tuilleadh [anseo](#)

» Tháinig **Puritee Ltd.** chun cinn mar sheach-chuideachta mic léinn a d’eascair as tionscadal bliana deiridh i nDearadh Táirgí (Jack Doyle) i Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Deartha, faoi mhaoirseacht Colm O’Kane. D’fhorbair an tseach-chuideachta trealamh nuálach tástála uisce tí do thithe a úsáideann soláthar príobháideach uisce.

Cruthaíodh fréamhshamhail oibre, a thaispeánfar sa Láthair Nuálaíochta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2025. Le táirge Puritee, cuirfear ar chumas úinéirí tobair phríobháidigh smacht a bheith acu ar a sábháilteacht uisce, trí ghléas cáilíochta uisce atá éasca le húsáid agus iontaofa agus is féidir a úsáid sa bhaile a sholáthar, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá atá le samplaí a sheoladh nó le seirbhís tríú páirtí a úsáid. Ó bunaíodh é i mí na Bealtaine 2024 i leith, fuair Puritee cistiú trí Chéim 2 de New Frontiers, fuair sé dámhachtainí mac léinn ó Fhiontraíocht Éireann, fuair sé Dearbhán Nuálaíochta, agus dámhadh meantóir Oifige Fiontair Áitiúil dó. Tugadh poiblíocht dó sna meáin, agus alt foilsithe san Irish Independent. Tá sé ag lorg cistiú caipitil fiontair faoi láthair agus tá sé mar aidhm aige teacht chun bheith ina chuideachta is gnólacht nuathionscanta ardacmhainne ar ball.

» Bunaíodh **Value AI Ltd.** i mí Mheán Fómhair 2024 mar sheach-chuideachta. Bhí Anastasia Negru mar cheann tráchtála dó, ag obair di i gcomhar leis an Dr Steven Davy ón Ionad um Theicneolaíochtaí Digiteacha Inbhuanaithe in OT Baile Átha Cliath. Tá sé ag tráchtáil na teicneolaíochta a eascraíonn as tionscadal Ciste Tráchtálaithe atá cistithe ag Fiontraíocht Éireann chun uirlis nuálach SaaS a fhorbairt le haghaidh comparáid éirimiúil uathoibríoch praghsála agus coigeartú praghsanna do mhiondíoltóirí is fiontair bheaga agus mheánmhéide ar líne. Tairgeadh Cistiú Tionscanta Réamhshíolta ó Fhiontraíocht Éireann don chuideachta ag deireadh mhí na Nollag 2024. Tá ValueAI ag baint úsáid as Intleacht Shaorga (IS) chun táirge a chruthú lena dtuarfar an phraghsáil is fearr i ndáil le gníomhaíocht iomaitheoirí, le dinimic mhargaidh, le séasúracht agus le hiompraíocht tomhaltóirí. Beidh sé ina réiteach “plugáil agus seinn” do mhiondíoltóirí atá ar bheagán acmhainní agus, de bhreis ar athphraghsáil, soláthrófar leis painéal feidhmíochta chun feabhsuithe ar mhéideanna díolacháin agus ar ioncam a léiriú.

Anastasia Negru, Ceann Tráchtála Value AI, seach-chuideachta



An Dr Paul Maguire agus an Dr Shawna Johnston ó OT Baile Átha Cliath agus iad i dteannta Jack Doyle, bunaitheoir Puritee

Gníomhaíocht Fiontraíochta

Is é atá i gceist leis an gcur chuige ‘**Leomhadh ar son Fionnachtana a Dhéanamh**’ a nglacann OT Baile Átha Cliath é ná tacú le fiontraíocht trí chéimeanna éagsúla an aistir fiontraíochta. Tá sé mar aidhm leis intinn daoine a spreagadh – mic léinn agus céimithe a chumhachtú chun bheith cróga, dána agus uailmhianach. Tá sé mar aidhm leis freisin nuálaíocht a ghríosú – sásraí a sholáthar lena dtacaítear le fiontraíocht luathchéime agus lena gcothaítear í.

Is é is **GROWTHhub** ann ná tionscnamh comhoibríoch idir OT Baile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, atá cistithe faoin Tionscnamh Caipitil Dhaonna. Is é misean an tionscnaimh ná mic léinn agus foghlaimeoirí obairbhunaithe a spreagadh chun **meon fiontraíochta a fhorbairt** le haghaidh bealaí nua smaointeoireachta, oideachais, taighde agus rannpháirtíochta comhpháirtíochta, agus spreagtar leis cultúr giniúna smaointe, fiosraithe agus cur chun feidhme.

Le linn na bliana 2024, lean GROWTHhub lena chlár gníomhaíochtaí chun tacú le tionscnaimh oideachais fiontraíochta. Cistíodh trí cinn déag de Sparánachtaí Oideachais Fiontraíochta. Reáchtáladh an 3ú Siompóisiam um Chomhroinnt agus Foghlaim san Oideachas Fiontraíochta – d’fhreastail breis agus 60 oideoir fiontraíochta ó Institiúidí Ardoideachais ar fud na hÉireann ar an imeacht. Ba é an tOllamh Andy Penaluna, University of Wales Trinity Saint David, agus iar-Chathaoirleach Ghníomhaireacht Dearbhaithe Cáilíochta na Ríochta Aontaithe um oideachas fiontar agus fiontraíochta, an príomhchainteoir. Seoladh Pobal Cleachtais um Oideachas Fiontraíochta agus Nuálaíochta freisin.

Maidir le forbairt Fiontraíochta Mac Léinn, thacaigh OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2024 leis an gceathrú **Clár Luasaire Fiontraíochta Mac Léinn IvenTure**. Is í Ellen Gaffney buaiteoir foriomlán na bliana seo, a bhuí leis an raon sónná réidh le bÁCáil ‘Beag Bakery’ uaithi. Chríochnaigh sé mhac léinn is caoga an clár luasaire trí seachtaine a bhí ar siúl ar Champas Ghráinseach Ghormáin.

Soláthraíodh clár malartach socrúcháin oibre an **Start-Up Lab** mar threoirthionscnamh, agus chríochnaigh 11 duine é go rathúil. Leis an Start-Up Lab, tugtar deis do na mic léinn sin a bhfuil uailmhian fiontraíochta acu obair trí chlár struchtúrtha don seimeastar iomlán, a bhforbraíonn siad a gcuid smaointe fiontraíochta lena linn. Leathnófar an clár agus cuirfear i bhfeidhm é sa bhliain 2025.

Le hIntéirneachtaí Gnólachtaí Nuathionscanta Samhraidh **IMMERSE**, socraíodh mic léinn i roinnt gnólachtaí nuathionscanta agus luathchéime. De bhreis ar na cláir chreidiúnaithe sin, cuireadh ceardlanna ar fáil do chlár ar fud champais OT Baile Átha Cliath. Áiríodh leo sin ceardlanna san idéú, sa smaointeoireacht deartha, san fhoirmiú foirne, san athléimneacht, agus i scileanna láithreoireachta áitithí.



Ba ar dhramhaíl leictreonach a leagadh díriú **Dhúshlán Nuálaíochta Inbhuanaitheachta Uachtarán OT Baile Átha Cliath 2024**. Gintear caoga milliún tonna de dhramhaíl leictreonach gach bliain, ach ní athchúrsáiltear ach 20% den mhéid sin. Thar dhá lá ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, cheap 100 mac léinn, beagnach, ó réimsí ar fud OT Baile Átha Cliath smaointe fiontraíochta lena bhfreagraítear do dhúshlán na dramhaíola leictreonaí. Bronnadh an chéad duais ar an bhfoireann ina raibh Isaac Tuite, Dillon Slattery Lopez, Mark Jones, Sravan Ashadapu agus Noel Jose. D’fhorbair siad réiteach nuálach chun dul i ngleic le dramhaíl leictreonach trí ardán a chruthú lena gcuirtear ar chumas daoine aonair brabús a dhéanamh trí dhiúscairt fhreagrach a ndramhaíola leictreonaí, rud a spreagann athchúrsáil agus a laghdaíonn an tionchar comhshaoil. Rinne Neil McCabe ó The GreenPlan, Ambasadóir Fiontraíochta OT Baile Átha Cliath, cathaoirleacht ar an bpainéal moltóireachta, agus thug Workday tacaíocht chineálta don chiste duaiseanna.

Leanann an **Clár New Frontiers**, atá cistithe ag Fiontraíocht Éireann, de thionchar cumhachtach a imirt ar thimpeallacht fiontraíochta na hÉireann, ag feidhmiú dó mar phreabchlár do ghnólachtaí nuathionscanta luathchéime in earnálacha éagsúla. Ar champais OT Baile Átha Cliath i mBaile Bhlainséir, i dTamlacht agus i nGráinseach Ghormáin, soláthraítear leis an gclár timpeallacht thacúil struchtúrtha inar féidir le fiontraíthe ardaidhmeannacha smaointe a thiontú ina ngnólachtaí inscálaithe atá réidh le hinfheisteoirí. Ní hé amháin go mbaineann rannpháirtithe leas as meantóireacht agus as cistiú, ach baineann siad leas freisin as rochtain ar shaineolas fairsing taighde OT Baile Átha Cliath, ar a shaoráidí úrscothacha, agus ar a líonra láidir comhpháirtithe nuálaíochta. Le suíomh na hollscoile freisin, cothaítear comhoibriú idir baill foirne acadúla, mic léinn, agus bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta, rud a chruthaíonn éiceachóras beoga cruthaitheachta agus tacaíochta.

Bliain iontach ar leith don Chlár New Frontiers in OT Baile Átha Cliath ba ea an bhliain 2024, go háirithe maidir le fiontraíocht a bhí faoi stiúir na mban a chur chun cinn. I mbliana, bhí 53% de ghnólachtaí rannpháirteacha faoi stiúir na mban. Is garsprioc shuntasach í sin a léiríonn díriú an chláir ar éagsúlacht agus ar chuimsiú. De réir mar a leanann Éire de gheilleagar níos cuimsithí agus níos nuálaíocht-tiomáinte a thógáil, tá an Clár New Frontiers de chuid Fhiontraíocht Éireann ag ceann an tslua fós, agus é ag cumhachtú na chéad ghlúine eile fiontraíthe chun ceannaireacht a dhéanamh, briseadh isteach, agus rath a bhaint amach.

Scéalta ratha Fiontraíochta OT Baile Átha Cliath 2024

Bhuaigh OT Baile Átha Cliath gradaim i roinnt réimsí ag **Gradaim Fiontraíochta Mac Léinn Fhiontraíocht Éireann 2024**. **Ciara Walsh**, mac léinn BSc sa Mhargaíocht, agus comhbhunaitheoir **JustTip**, bhuaigh sí Gradam Fiontraíochta Mac Léinn foriomlán Fhiontraíocht Éireann, agus bronnadh an duais €10,000 do mhic léinn uirthi freisin. Gheobhaidh siad meantóireacht ó Fhiontraíocht Éireann freisin chun a gcuid táirgí a fhorbairt agus chun deiseanna nua margaidh a fhiosrú.

Jack Doyle, mac léinn bliana deiridh ar an gcúrsa BSc i nDearadh Táirgí, bhuaigh sé Gradam Fiúntais Fhiontraíocht Éireann agus €1,500 as a smaoineamh gnó a bhí bunaithe ar a thionscadal bliana deiridh, rud lenar forbraíodh réiteach nuálach chun éilliú uisce i dtoibreacha príobháideacha a thástáil.

Tugadh aitheantas freisin do **Gloria Rull** ó GROWTHhub as a rannchuidiú le fiontraíocht mac léinn. Dámhadh di Gradam Acadúil Fhiontraíocht Éireann lena dtugtar aitheantas don mhéid a rannchuidíonn maoirseoir tionscadail tríú leibhéal leis an oideachas fiontraíochta.

Ainmníodh **Heidi Davis**, **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus comhbhunaitheoir Peri**, mar **Bhunaitheoir na Bliana do Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainneachta de chuid Fhiontraíocht Éireann** don bhliain 2024. Leis an ngradam sin, tugadh aitheantas dá hobair nuálach ar fhorbairt a dhéanamh ar ghléas inchaite lena mbaintear leas as an intleacht shaorga chun bainistiú shiomptóim an mheanapáis a phearsantú. Leis an ngléas, atá deartha lena chaitheamh faoin gcíoch, tugtar sonraí oibiachtúla faoi shiomptóim peireamhanapáis, rud a chabhraíonn le mná pleananna bainistíochta pearsantaithe a chruthú. Bhunaigh Heidi, iarmhac léinn den Chlár New Frontiers in OT Baile Átha Cliath, Peri (IdentifyHer roimhe sin) sa bhliain 2021 in éineacht le Donal O’Gorman. Tá €1.4 milliún cruinnithe ag an gcuideachta cheana féin agus tá €1 mhilliún sa bhreis á lorg aici faoi láthair chun tacú le seoladh an ghléis, rud a bhfuiltear ag súil leis sa bhliain 2025. Ghnóthaigh cur chuige nuálach Peri aird idirnáisiúnta, agus is díol suntais gur bhuaigh an chuideachta gradam nuálaíochta sa chatagóir sláinte digítí ag CES 2025 in Las Vegas. Leis an aitheantas sin, leagtar béim ar thábhacht mhéadaitheach theicneolaíocht na mban sa tírdhreach domhanda teicneolaíochta sláinte. Ag féachaint chun cinn, tá sé mar aidhm ag Heidi clúdach domhanda Peri a leathnú, agus an gléas á thabhairt chuig mná ar fud an domhain chun a gcuid sláinte agus táirgiúlachta a fheabhsú.

New Frontiers – scéalta ratha na gcéimithe

Joel Olympio, **Comhbhunaitheoir Focus.Co** (www.thefocuscompany.co),

is céimí de chuid Chlár New Frontiers na bliana 2024 in OT Baile Átha Cliath é. I dteannta Vadim Vorobyov, Comhbhunaitheoir, tá Joel ag forbairt earraí súl cliste atá deartha chun díriú a fheabhsú. Trí ardteicneolaíocht a chomhcheangal le taighde cuimsitheach ar shíceolaíocht an dírithe, tá siad ag cruthú táirge lena n-athshainítear an chaoi a n-idirghníomhaímid lenár dtimpeallacht chun díriú agus táirgiúlacht a fheabhsú.

Bhain Oasis, a tháirge nuálach, éachtaí amach cheana féin. Bhuaigh sé Gradam James Dyson, ar gradam mór le rá é, aithníodh é i measc an 20 aireagán is fearr ar domhan de chuid Dyson, agus bhí sé le feiceáil san fhéile ‘Prototypes for Humanity’ in Dubaí. Tarraingíodh spéis ar fud an domhain ar a earraí súl cliste mar gheall ar a n-acmhainneacht le haghaidh tacú le daoine aonair atá ag obair i dtimpeallachtaí ard-dírithe. Le déanaí, fuair Joel agus a fhoireann Cistiú Tionscanta Réamhshíolta ó Fhiontraíocht Éireann agus tá siad ar an mbóthar ceart chun a mbabhta réamhshíolta a chríochnú faoi lár na bliana 2025. Tá Focus.Co ar tí tionchar claochlaitheach a imirt ar an gcaoi a n-oibríonn daoine, a ndéanann siad staidéar agus a ndéanann siad a mbealach trí dhomhan a mbíonn údair cur isteach ag méadú iontu.



Lorcan Healy, bunaitheoir Eos Elite,

I céimí de chuid an Chláir New Frontiers de chuid OT Baile Átha Cliath é agus bhunaigh sé Eos Elite Ltd. nuair a bhí sé 24 bliana d’aois. Branda éadaí feidhmíochta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus atá dírithe ar lúthchleasaithe agus reathaithe

a chumhachtú is ea Eos Elite. Ag tosú dó óna sheomra leapa ag deireadh na bliana 2022, leathnaigh Lorcan an chuideachta chun freastal ar bhreis agus 25,000 custaiméir ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, agus díolacháin ab fhiú €750,000, beagnach, bainte amach aige. Tá cáil ar Eos Elite as a stocaí greama, a n-úsáideann imreoirí peile na Príomhshraithe, imreoirí idirnáisiúnta rugbaí, agus lúthchleasaithe idirchontae CLG iad.

Sa bhliain 2024, thug an branda Veist Reathaíochta Bhándearg Eos UltraLight isteach i gcomhpháirt le Breast Cancer Ireland. Díoladh 1,900 aonad agus bronnadh 20% de gach díolachán ar an gcarthanas, rud ab fhiú breis agus €8,000 san iomlán. Ag féachaint chun cinn go dtí an bhliain 2025, tá sé beartaithe ag Eos Elite a líne táirgí a éagsúlú, onnmhairí a threisiú, agus a fhás a mhéadú faoi cheathair, rud a léiríonn spiorad fiontraíochta Lorcan agus an tionchar a bhíonn ag daoine tallannacha áitiúla ar an ardán domhanda.



Melissa Hayward, bunaitheoir **Melissa Hayward Academy** (www.melissahaywardacademy.com), is céimí le déanaí de chuid Chéimeanna 2 agus 3 de Chlár New Frontiers na bliana 2024 in OT Baile Átha Cliath í. Tairgeann Melissa Hayward Academy oiliúint síntí gruaige atá creidiúnaithe agus a bhfuil duaiseanna buaite aici. Leis an oiliúint sin, feabhsaítear na scileanna teicniúla atá ag stílithé agus cumhachtaítear salónta chun a ngnó a fhás agus a n-ioncam a mhéadú.

Faoi cheannaireacht Melissa, sheol an t-acadamh a ardán oiliúna ar líne agus bhuaigh sí roinnt gradam, lena n-áirítear Acadamh Oiliúna Gruaige na Bliana, Acadamh Oiliúna na Bliana, agus Bean Ghnó Aonair na Bliana de chuid Network Ireland. Tá na céadta léirmheasanna 5 réalta faighte aici óna mic léinn, tá a cuid príomhtháscairí feidhmíochta agus réamh-mheastachán dúbailte aici, agus tá sí ag ullmhú anois d’oibríochtaí a sheoladh sa Ríocht Aontaithe.



COMHPHÁIRTÍOCHT



Ár nUaillmhian

Comhthionchar a Sheachadadh

- » tá sé i gceist againn an ollscoil is nasctha a fhorbairt; ag cothú gréasán d'fhionnachtaithe, de chruthaitheoirí agus d'fhiontraithe; ag bunú caidreamh le daoine a n-éiríonn leo rudaí a chur i gcrích

7 Comhpháirtíochtaí le haghaidh Tionchair

Leanfaimid dár gcomhpháirtíochtaí gníomhacha leis an lucht léinn, leis an lucht tionscail, leis an bpobal agus leis an tsochaí a thógáil agus a fhás chun fíorluach agus tionchar a chruthú do phobal OT Baile Átha Cliath agus don tsochaí i gcoitinne.

7.1 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an Lucht Léinn

Oibríonn OT Baile Átha Cliath i ndlúthchomhar leis an lucht léinn, leis an lucht tionscail, le fiontair, agus le Comhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála chun tacú leis na cuspóirí náisiúnta don ardoideachas. Sa bhliain 2024, chuaigh an Ollscoil i gcomhpháirt le breis agus céad eagraíocht sheachtrach – sa tír seo agus thar lear – chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar. Rialáítear na comhpháirtíochtaí sin le comhaontuithe cuibhreannais, le Meabhráin Comhaontuithe agus/nó le comhaontuithe seirbhíse, agus nósanna imeachta sainithe dearbhaithe cáilíochta ann le haghaidh ceadaithe, bainistíochta agus athnuachana, agus nósanna imeachta sainithe ann le haghaidh seirbhísí corparáideacha, seirbhísí dlí agus seirbhísí airgeadais/díchill chuí.

Léirítear i dTábla 8 an cineál comhpháirtíochtaí leis an lucht léinn⁹ atá i bhfeidhm sa bhliain 2024.

Tábla 7: Comhpháirtíochtaí OT Baile Átha Cliath leis an Lucht Léinn, 2024

Cineál Comhpháirtíochta	Líon Iomlán
Comhdhámhachtainí/ dámhachtainí dúbailte/ ildámhachtainí	13
Cláir chomhoibríocha	87
Cláir shaincheadúnais	4
Soláthraithe nasctha (comhlachtaí dámhachtana ainmnithe amháin)	1
Comhaontuithe Comhaltúcháin	9
Comhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála	40
Iomlán	154

Ina lán cásanna, is comhoibrithe atá bunaithe ar shocruithe tríphárteacha idir an Ollscoil, Institiúidí Ardoideachais eile agus eagraíochtaí geallsealbhóirí tionscail/comhlachtaí ionadaíocha (amhail IBEC, SOLAS, ICT Ireland agus Skillnet) iad comhoibrithe acadúla OT Baile Átha Cliath. Tá an Ollscoil uailmhianach agus solúbtha ina tiomantas do dhul i gcomhpháirt leis an lucht tionscail chun cláir a dhearadh agus a sholáthar.

9 Beartas Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann le haghaidh Cláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta, agus Comhdhámhachtainí, 2012



Tá freagracht ar [Oifig Comhpháirtíochtaí](#) na hOllscoile as formhaoirseacht straitéiseach, dícheall cuí agus socruithe conarthacha i gcás gach comhpháirtíochta de chuid OT Baile Átha Cliath, lena n-áirítear soláthar clár nasctha, comhoibríoch agus trasnáisiúnta. Le linn na bliana 2024, thug an Ollscoil tús áite do chaidrimh atá ann cheana a leathnú agus do chomhghuaillíochtaí nua a bhunú ar fud príomhearnálacha eacnamaíocha, le linn dúinn ár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus ár gcaidreamh leis an tsochaí a mhéadú ag an am céanna.

Comhoibriú acadúil i mbun gnímh – sampla amháin is ea ár *gcéim BSc i mBainistíocht Dí-éilliúcháin*. Soláthraíodh an clár sin de Leibhéal 7 trí Dhámh na nEolaíochtaí agus na Sláinte¹⁰ agus, mar thoradh airsean agus ar Mhiondámhachtainí nasctha Leibhéal 6, cuireadh feabhas ar fhorbairt ghairmiúil níos mó ná 1,200 oibrí cúram sláinte ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe, ón bPortaingéil agus ón Meánoirthear. Leis na cláir sin, soláthraítear oideachas leantach struchtúrtha do ghairmithe cúram sláinte i seirbhísí imobráide, agus díriú á leagan ar dhí-éilliú uirlisí máinliachta agus fiacloireachta, ionscóp liachta, agus tóireadóirí ultrafhuaime.

Forbraíodh na cláir ar dtús sa bhliain 2000 agus leasaíodh sa bhliain 2016 le hionchur ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ó chuideachtaí domhanda gléasanna liachta. Leathnaíodh an tionscnamh ó shin i leith chun an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, Albain, agus seirbhísí náisiúnta eile sláinte a áireamh. Tháinig cuid mhaith de na daoine a chríochnaigh an clár chun bheith ina mbainisteoirí agus ina gcinn ospidéal i ndí-éilliú gléasanna liachta, agus shaothraigh cuid eile taighde iarchéime agus deiseanna staidéir. Cuid ríthábhachtach de rath an chláir is ea a fhoghlaim phraiticiúil shaotharlannbhunaithe, agus tacaíocht á fáil ó chomhpháirtithe tionscail a sholáthraíonn trealamh agus acmhainní atá úrscothach. Ghnóthaigh na cláir aitheantas idirnáisiúnta, lena n-áirítear aitheantas ó Institiúid na Náisiún Aontaithe um Oiliúint agus Taighde.

10 Tá ag Dámh na nEolaíochtaí agus na Sláinte breis agus 4,500 mac léinn atá ag saothrú céimeanna agus cáilíochtaí gairmiúla ar fud raon leathan disciplíní eolaíochta agus sláinte.

Building Change

Is é is Building Change ann ná tionscadal de Cholún 3 de chuid an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna agus comhoibriú uathúil idir na sé scoil ailtireachta in Éirinn – OT Baile Átha Cliath (príomh-chomhpháirtí); an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt; Ionad Oideachais Ailtireachta Chorcaí (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan); Ollscoil Luimnigh; agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Tá an tionscadal claochlaitheach seo ag déanamh athbhreithniú ó bhonn ar churaclam na haitireachta chun céimithe amach anseo a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inbhuanaitheachta a mbíonn an tsochaí ag déileáil leo. Ag obair dó i gcomhar le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), rannchuidigh Building Change go hábhartha le caighdeán náisiúnta athbhreithnithe oideachais san ailtireacht. De réir mar a théitear i dtreo dheireadh an tionscadail sa bhliain 2025, is oidhreacht thábhachtach é sruth nua céimithe ailtireachta a bhfuil díriú nua difriúil acu. Cuirfidh na céimithe sin leis an gcleachtas ailtireachta in Éirinn an t-eolas nua, na scileanna nua agus an dearcadh nua i leith ailtireacht inbhuanaithe a cothaíodh tríd an tionscadal Building Change.



Mic léinn Ailtireachta OT Baile Átha Cliath agus iad ag cur i láthair ag an imeacht taispeántais Building Change san RDS mar chuid den Architecture + Building Expo i gcomhar le Comhdháil Bhliantúil RIAI.

Dul i gcomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht – I mí Feabhra 2024, d’fhógair OT Baile Átha Cliath agus Institiúid na Náisiún Aontaithe um Oiliúint agus Taighde (UNITAR) seoladh na [Céime Máistreachta i gCeannaireacht Inbhuanaitheachta Domhanda](#), atá ina clár ceannródaíoch atá deartha chun ceannairí a fhorbairt ar féidir leo claochlú inbhuanaithe a bhrú chun cinn ar fud an domhain. Soláthraítear an clár ar bhonn lánaimseartha (bliain amháin),arbhonnduinele duinear árgcampascathrach, nó ar líne go hiomlán (ar bhonn páirtaimseartha thar dhá bhliain), agus tairgeann sé solúbthacht

do ghairmithe atá ag obair agus d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. I gcás na ndaoine sin atá ag lorg clár níos giorra, tairgeann OT Baile Átha Cliath Teastas larchéime i gCeannaireacht Inbhuanaitheachta sa Ghnó freisin. Is clár páirtaimseartha aon bhliana é sin atá dírithe ar shaineolas inbhuanaitheachta a thabhairt do cheannairí gnó.

Ár Láithreacht san Eoraip a Neartú – De réir mar a leanann OT Baile Átha Cliath den idirnáisiúnú a leabú san Ollscoil, leanann sé dá rannpháirtíocht laistigh [d’Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa \(EUt+\)](#) a mhéadú freisin. Is é is EUt+ ann ná comhghuaillíocht cheannródaíoch de naoi n-ollscoil teicneolaíochta mór le rá ar fud na hEorpa, a chuireann oideachas ar bhreis agus 100,000 mac léinn san iomlán. Bunaíodh é faoin nglao Erasmus+ 2020 agus tá sé mar aidhm aige samhail chomhtháite oideachais agus taighde teicneolaíochta a fhorbairt lena n-áirítear disciplíní innealtóireachta, eolaíochtaí, daonnachtaí agus eolaíochtaí sóisialta. Cuireann *EUt+ Accelerate* leis an gcéad chéim den tionscnamh agus beidh sé ar siúl ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2027. Sa chéim sin, cuirfear comhchéimeanna Eorpacha chun feidhme ar leibhéal na céime baitsiléara agus na céime máistreachta agus cuirfear comhaontuithe maidir le maoirseacht PhD chun feidhme. Tugadh ceadú do thrí Ghrúpa Taighde nua chun dul ar aghaidh i dtreo ainmniúchán iomlán mar Institiúid Taighde. Tá béim shuntasach ann freisin ar thacú le soghluaisteacht ball foirne agus mac léinn trí na próisis a chuíchóiriú. Tá comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le heagraíochtaí tráchtála/corparáideacha ar fud na hEorpa á bhforbairt, amhail comhpháirtíochtaí le Telefónica sa Spáinn agus le hInstitiúid na Náisiún Aontaithe um Oiliúint agus Taighde (UNITAR).

Naisc le Ceanada – Le tacaíocht ón gCreat um Ghníomhaíocht Chomhoibríoch idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Polytechnics Canada sa bhliain 2024, fuair OT Baile Átha Cliath cistiú le haghaidh treoirhionscnaimh chomhchistithe a fhorbairt le geallsealbhóirí i gcóras ardoideachais Ceanada. Sa bhliain 2024, shínigh OT Baile Átha Cliath Meabhrán Tuisceana le roinnt institiúidí ardoideachais i gCeanada, lena n-áirítear British Columbia Institute of Technology, Humber Polytechnic, agus Mount Royal University. Ag obair dó i gcomhar leis na hinstitiúidí comhpháirtíochta, tá fiosrú á dhéanamh ag OT Baile Átha Cliath ar chomhoibriú san oideachas cógaisíochta do thionscail áitiúla, ar chláir chomhpháirteacha san inbhuanaitheacht ghnó, ar chláir conairí, ar chomh-mhaoirseacht, agus ar mhalartuithe do bhaill foirne agus do mhic léinn.

Tháinig Scoil na Margaíochta agus na Fiontraíochta in OT Baile Átha Cliath agus Scoil an Ghnó agus an Taighde Fheidhmigh in Algonquin College le chéile chun ‘Comórtas Trasnáisiúnta Scoileanna Gnó um Chur i Láthair Fiontraíochta’ a fhorbairt. D’oibrigh foirne trasnáisiúnta tionscadail chun smaointe gnó a fhorbairt a bhí ailínithe le han-chuid de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ó chéim an tionscnaimh chuig céim an chur i láthair.

7.2 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an Lucht Tionscail agus le Fiontair

Leanann comhpháirtíochtaí leis an lucht tionscail agus le fiontair de ról ríthábhachtach a imirt maidir le heolas acadúil agus cur i bhfeidhm fíorshaoil a thabhairt go OT Baile Átha Cliath. Le hintéirneachtaí, le tionscadail atá urraithe ag an lucht tionscail agus le cláir chomhchruthaithe, taingtair taithí phraiticiúil agus scileanna praiticiúla do mhic léinn, rud a fheabhsaíonn a n-infhostaitheacht reatha agus amach anseo go mór. Ag an am céanna, tacaíonn an ollscoil lena comhpháirtithe tionscail trí chlár um athoiliúint agus uasoiliúint a chur ar fhostaithe, agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais an fhórsa saothair i ngeilleagar a bhíonn ag athrú go mear. Sa bhliain 2024, thug OT Baile Átha Cliath tús áite do chur lenár gcuid reatha leis an lucht tionscail agus do chomhghuaillíochtaí nua a bhunú ar fud príomhearnálacha eacnamaíocha. Chuir Dámha agus Scoileanna dlús lena n-iarraichtaí caidreamh a dhéanamh leis an tionscal agus a bheith fadbhreathnaitheach le linn cláir a dhearadh. Tá na cláir seo a leanas i measc na gclár nua a tugadh isteach sa bhliain 2024:

» [Teastas i gCeannaireacht Fiontraíochta](#)

D'fhorbair an [Scoil Ghnó Iarchéime](#) agus [GROWTHhub](#) an clár i gcomhar le [Workday](#), ceannaire i bhfeidhmchláir néalríomhaireachta fiontraíochta le haghaidh airgeadais agus acmhainní daonna. Dirítear in ábhar an chlár ar chuid d'obair iontach GROWTHhub ar cheannaireacht fiontraíochta mar aon le hinniúlachtaí nuálaíochta agus straitéisí scálaithe, a bhaintear amach trí bhainistíocht foirne ardfeidhmíochta.

Faoi láthair, tá ceithre shruth forbartha fórsa saothair ar bun idir OT Baile Átha Cliath agus Workday, i.e., Cibearshlándáil, Ceannaireacht Fiontraíochta, Ceannairí Éiritheacha, agus Meaisínfhoghlaím.



Baill foirne Workday (thuas) agus iad ag fáil a dteastas ón goéad cheann de na cláir forbartha fórsa saothair i Scoil na Faisnéisíochta agus na Cibearshlándála.

» [Teastas Iarchéime i mBainistíocht Soláthair Fheidhmigh](#)

Dearadh an clár nuálach iarchéime seo chun freastal ar na riachtanais atá ag gairmithe soláthair, agus feabhas á chur ar a gcumas chun nuálaíocht agus athruithe a bhrú chun cinn. D'fhorbair Dámh an Ghnó, BT Group, agus [an tAcadamh Fiontraíochta](#) in OT Baile Átha Cliath é. Sa chás seo, bhí *BT Group* ag lorg cúrsa forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) i soláthar agus bhí creidiúnú ollscoile ina rud tábhachtach ina leith. Agus saíneas inmheánach ag BT agus na saíneolaithe disciplíneacha laistigh de Dhámh Gnó OT Baile Átha Cliath á gcomhcheangal, rinneadh an clár i mBainistíocht Soláthair Fheidhmigh a fhorbairt agus a sheoladh sa bhliain 2024, agus 25 fhoghlaimeoir aige ó BT Sourced, arb é an brainse nuálach nua soláthair de chuid BT, soláthraí domhanda cumarsáide, é. Tá BT Sourced lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus bhunaigh sé é féin mar mhol do mhórán gnólachtaí Mórtheicneolaíochta agus do ghnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta.



An chéad chohórt d'fhoghlaimeoirí BT Sourced.

» [BA \(Onóracha\) i gCleachtas Tionscail Scáileáin](#)

Chun rochtain ardoideachais ar an eanáil scáileáin a leathnú, d'fhorbair Scoil na Meán, i gcomhar le [Fís Éireann](#), clár nua Leibhéal 8, mar atá an clár BA (Onóracha) i gCleachtas Tionscail Scáileáin. Roimh oscailt an chlár sin, thairg Scoil na Meán Modúl Ullmhúcháin Punainne chun cabhrú le punann RPEL (Aitheantas Réamhfhoghlama ó Thaithí) agus ráiteas pearsanta a thiomnú. Moltar go láidir d'iarraitasóirí ionchasacha ar an gclár BA i gCleachtas Tionscail Scáileáin leas a bhaint as an Teastas sin ar Leibhéal 6 in Ullmhú Punainne don Tionscal Scáileáin, a bheidh comhdhéanta den chuid is mó de dhá cheardlann lánlae, agus tacaíocht á fáil ó ranganna teagaisc ar líne. Osclaíodh an clár le haghaidh clárúcháin ag deireadh mhí Lúnasa agus bhí sé ar siúl ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 i leith.



Sa phictiúr: Colman Farrell, Ceann Scileanna agus Forbartha Gairmiúla le Fís Éireann; an Dr Mary Ann Bolger, Hugh McAtamney agus an Dr Claire Mc Bride, OT Baile Átha Cliath

» Teastas i bhFiontraíocht Bia

Soláthraítear leis seo conairí creidiúnaithe d'fhiontraithe ardaidhmeannacha agus is é an toradh é ar chomhoibriú idir [Scoil na nEalaíon Cócaireachta agus na Teicneolaíochta Bia](#), Acadamh Fiontraíochta OT Baile Átha Cliath, SuperValu agus na Boird Fiontair Áitiúil. Tá an clár deartha chun na scileanna a thabhairt d'fhiontraithe bia chun gnó bia rathúil a sheoladh agus a bhainistiú in Éirinn, agus chun táirgí bia atá sábháilte, sláintiúil agus nuálach a fhorbairt don tionscal domhanda Agraibhia agus Dí.

» Diplóma Iarchéime in Anailísíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht an Spóirt

Seoladh an clár uathúil 12 mhí seo sa bhliain 2024 agus is é an toradh é ar chomhoibriú straitéiseach idir Scoil na nEalaíochtaí Bitheolaíocha, Sláinte agus Spóirt, Teicneolaíocht Éireann, DIGITAL Skillnet, SportsTech Ireland, agus Acadamh Fiontraíochta OT Baile Átha Cliath.

Agus saíneas ó thrí dhámh acadúla in OT Baile Átha Cliath á thabhairt le chéile aige, tá sé saincheaptha go sonrach chun freastal ar éilimh mhéadaitheacha eanáil teicneolaíochta spóirt an domhain. Is tionscal é sin is fiú €650 billiún in aghaidh na bliana agus réamh-mheastar go bhfásfaidh sé faoi fhihiúr chomh hard le 20% in aghaidh na bliana idir seo agus an bhliain 2030.



Dara Calleary, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála agus Claochlú Digiteach, agus é ag seoladh an Diplóma Iarchéime in Anailísíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht an Spóirt



Foghlaim Obairbhunaithe agus Aitheantas Réamhfhoghlama a Thaispeáint

I mí Eanáir 2024, thacaigh Acadamh Fiontraíochta na hOllscoile leis an imeacht dar teideal ‘An Bealach a Dhéanamh trí Aistear an Aitheantais Réamhfhoghlama: Caidreamh a Dhéanamh le Fostóirí’. B’fhóram briomhar é sin do cheannairí agus cleachtóirí an Aitheantais Réamhfhoghlama chun plé a dhéanamh ar ról an Aitheantais Réamhfhoghlama i ndáil leis an mbearna idir an t-ardoideachas agus an fórsa saothair a dhúnadh, i ndáil le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, agus i ndáil le forbairt daoine tallannacha a chur chun cinn. Mar chuid den imeacht, taispeánadh an chomhpháirtíocht nuálach idir Fis Éireann, Scoil na Meán agus Acadamh Fiontraíochta OT Baile Átha Cliath. Is sampla den scoth é de chomhoibriú rathúil ina dtugtar aghaidh ar riachtanais scileanna trí Foghlaim Obairbhunaithe agus tríd an Aitheantas Réamhfhoghlama agus trí na cláir nua ar Leibhéal 6 agus Leibhéal 8 atá á bhforbairt ag OT Baile Átha Cliath.



Tacú le Caidreamh idir an Ollscoil agus Fiontair

Leis an bPobal Cleachtais um Fhorbairt Chomhoibriúch Daoine Tallannacha, tugtar le chéile baill foirne seirbhísi acadúla, baill foirne seirbhísi gairmiúla, ceannairí gnó agus an lucht déanta beartas chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn ollscoileanna agus fiontair le chéile.

Lenár n-imeachtaí pobail cleachtais, tairgtear spás uathúil d’ionadaithe don fhoireann acadúil agus d’fhiontair araon chun feabhas a chur i gcomhpháirt ar chaidreamh idir an ollscoil agus fiontair trí chleachtais rathúla a chomhroinnt, trí bhéim a leagan ar na tosca rithabhachtacha atá taobh thiar de chaidreamh idir an ollscoil agus fiontair, agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha.

Sa bhliain 2024, óstáladh sé imeacht Pobail Cleachtais:

1. **An Foghlaim a Bhunathrú trí Dhúshláin Bheo agus trí Thionscadail Fiontraíochta** – ba é seo an chéad cheann sa tsraith, á léiriú conas is féidir le heispéiris bharántúla foghlama, amhail tionscadail bheo fiontraíochta, an teoiric a nascadh leis an gcleachtas. Chomhroinn cainteoirí cás-staidéir agus foirne uirlisí inar léiríodh an chaoi a bhfeabhsaítear foghlaim na mac léinn trí chomhoibriú leis an earnáil gnó, leis an earnáil shibhialta agus leis an earnáil chruthaitheach.
2. **Daoine Tallannacha, Teicneolaíocht, agus Corraíl: Earcaíocht, Coinneáil, agus Éabhlóid Scileanna** – scrúdaíodh san imeacht seo cineál athraitheach na hoibre i ré na hIntleachta Saorga Giniúnaí. Leag Robert Mac Giolla Phádraig (Skill Stack) béim ar an tábhacht leanúnach a bhaineann le scileanna boga duinelárnacha, amhail scéalaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus breithiúnas, chun an bealach a dhéanamh trí chur isteach teicneolaíochta.

3. **Intleacht Shaorga agus an Phíblíne Daoine Tallannacha: Dúshláin Fostóirí – Ó Dhúshláin Éabhlóideacha go Dúshláin Réabhlóideacha** – san imeacht seo, iniúchadh an gá criticiúil le cur chuige athshamhlaithe i leith acmhainní daonna. D’iarr Stephanie Prenderville ó SPC Consulting go ndéanfaí aistriú i dtreo ‘scileanna cumhachta’ a fhorbairt, lena n-áirítear comhbhá, barántúlacht agus comhoibriú, agus tharraing sí aird ar an bpráinn a bhaineann le húsáid shábháilte intleachta saorga a leabú isteach san oideachas agus san fhiontraíocht araon.

4. **An Tírdhreach Foghlama agus Forbartha in 2024 – Dearcadh** – san imeacht seo, tairgeadh léargas cuimsitheach ar threochtaí scileanna domhanda. Rinne Maura O’Toole (Facilitrain Ireland) scrúdú ar ghanntanais scileanna uathúla na hÉireann agus thug sí tús eolais ar straitéisí amhail earcaíocht ina dtugtar tús áite do scileanna chun féachaint chuige go seasfaidh bainistíocht daoine tallannacha agus cleachtais foghlama agus forbartha an aimsir.

5. **Scileanna don Todhchaí: Na Buntáistí a bhaineann le Micridhintiúir do Ghnólachtaí a Iniúchadh** – san imeacht seo, tugadh daoine den lucht fiontair agus daoine den lucht léinn le chéile chun plé a dhéanamh ar luach méadaitheach na micridhintiúir. Leag an painéal béim ar an gcaoi ar féidir leis na modúil foghlama spriocdhírthe sin cabhrú le bearnaí scileanna tionscail a dhúnadh, le táirgiúlacht a threisiú, agus le nuálaíocht a chothú ar fud earnálacha.

6. **Ligean leis an Acmhainneacht trí Aitheantas Réamhfhoghlama: Forbairt Daoine Tallannacha san Earnáil Scáileáin** – ba é an t-imeacht seo an ceann deiridh den tsraith agus leagadh béim ann ar fhoghlaim chreidiúnaithe obairbhunaithe ar Aitheantas Réamhfhoghlama ó Thaithí i dtionscal scannánaíochta agus teilifíse na hÉireann. Le linn an tseisiúin, ceiliúradh comhpháirtíochtaí idir an lucht léinn agus an lucht tionscail, agus bealaí nua chun daoine tallannacha a fhorbairt agus dul chun cinn gairme a chothú á dtaispeáint.



OT Baile Átha Cliath agus Skillnet Ireland

I mí an Mhárta 2024, cuireadh ceardlann ar siúl lenár gcomhpháirtithe i Líonra Gnó Skillnet agus le foghlaimeoirí fiontraíochta chun samplaí a chomhroinnt de chlár fhadbhunaithe Skillnet Ireland a dearadh agus a reáchtáladh go rathúil i gcomhpháirt le OT Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, chomhroinneamar moltaí chun cabhrú leis an mbealach a dhéanamh tríd an mór-thírdhreach ollscoile – bhí sé sin do Líonraí a raibh sé beartaithe acu caidreamh a dhéanamh leis an earnáil ardoideachais den chéad uair riamh. Rinneadh iniúchadh ar cheithre chás-staidéar comhpháirtíochta eiseamláireacha:

1. OT Baile Átha Cliath agus [BioPharmaChem Skillnet](#)
2. OT Baile Átha Cliath agus [Teicneolaíocht Éireann, Digital Skillnet](#)
3. OT Baile Átha Cliath agus [ICT Skillet](#)
4. OT Baile Átha Cliath agus [Cultural and Creative Skillnet](#)

Intleacht Shaorga Ghiniúnach – An Phíblíne Daoine Tallannacha a Mhúnlú

An Fóram um Dhaoine Tallannacha na Todhchaí, imeacht bliantúil an Acadaimh Fiontraíochta do ghairmithe forbartha daoine tallannacha, cuireadh ar siúl é i mí an Mheithimh in OT Baile Átha Cliath. Tháinig oideoirí agus saineolaithe tionscail le chéile chun straitéisí agus cineálacha cur chuige claochlaitheacha a iniúchadh chun scileanna riachtanacha intleachta saorga a thabhairt d’foghlaimeoirí. San imeacht taispeántais, tugadh léargas luachmhar ar chineálacha praiticiúla cur chuige agus ar réitigh nuálacha do ghairmithe foghlama agus forbartha chun oiriúnú agus rath a bhaint amach i ré na hintleachta saorga, lena n-áirítear tionscnaimh bhreiseiliúna agus athoiliúna a rannchuidíonn go díreach le feabhas a chur ar chumais fostaithe, le fás gairme a chur chun cinn, agus le hoiriúnú do riachtanais athraitheacha an tionscail.

An Fóram um Dhaoine Tallannacha na Todhchaí 2024 – Painéal

7.3 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an bPobal

Le linn na bliana 2024, lean ár gcomhpháirtíochtaí leis an bpobal ar aghaidh ag baint rath amach. Is féidir an ardíomrá atá ar OT Baile Átha Cliath, go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath, a fheiceáil sa líon tionscnamh atá ar bun anois i gcomhar le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí reachtúla, le heagraíochtaí pobail agus lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha tionscail. Tríd an líonra fónta gníomhaíochta sin lenár gcomhpháirtithe pobail, déanaimid saol ár bpobal a mhúnlú agus a fheabhsú. Tá roinnt samplaí dár ngníomhaíochtaí leagtha amach thíos.

Computer Science Inclusive (CSinc)

Tionscnamh tábhachtach sa bhliain 2024 ba ea [CSinc](#), agus dhámh an ÚAO €1m i [gCistiú Feidhmíochta](#) do OT Baile Átha Cliath ina leith. Is tionscnamh eiseamláireach é a léirigh tionchar suntasach agus a rannchuidigh le tosaíochtaí agus torthaí náisiúnta. Is é an tionscnamh for-rochtana agus tacaíochta ríomhaireachta is mó in Éirinn é.

Tá sé mar aidhm le gníomhaíochtaí CSinc an teagasc agus an fhoghlaím san eolaíocht ríomhaireachta a fheabhsú trí champaí agus ceardlanna mac léinn a sholáthar, trí Fhoghlaim Ghairmiúil Leanúnach Múinteoirí a éascú agus trí thaighde fadama a dhéanamh. Acmhainn thábhachtach de chuid CSinc is ea a ardán ar líne, eadhon, CSLINC (Foghlaím Chuimsitheach Eolaíochta Ríomhaireachta). Ar an meán, tá 300 múinteoir, 200 scoil (agus 25% díobh sin ina scoileanna DEIS) agus os cionn 9,000 mac léinn cláraithe ar an ardán in aghaidh na bliana chun leas a bhaint as na modúil oideachais. Imríonn CSinc ról tábhachtach in aghaidh a thabhairt ar easnaimh scileanna digiteacha, arb easnamh iad a mhéadaíonn an éagothroime maidir le rochtain ar fhaisnéis agus ar acmhainní.

Ós rud é go bhfuil curaclam nua na bunscoile á sheoladh agus go bhfuil STEM ina réimse ábhair éigeantach, tá CSinc díreach tar éis tús a chur le [‘Enabling Digital Technology in Primary Schools’ \(EDTips\)](#). D’áirithigh an fhoireann AWS mar chomhpháirtí don tionscadal seo agus bainfidh siad leas as CSLINC chun acmhainní atá sonrach do mhúinteoirí bunscoile a óstáil chun tacú le gach ceann de na 3,200 bunscoil agus le gach duine dá 42,000 múinteoir sa ghné ríomhaireachta den churaclam STEM. Rannchuidigh AWS leis an tionscadal trí fhearas digiteach a sholáthar chun tacú leis an ábhar sin a sholáthar do gach bunscoil in Éirinn.

Tá caidrimh bunaithe ag CSINC le roinnt comhpháirtithe tionscail agus ardoideachais, lena n-áirítear Amazon in Communities, Workday (a sholáthraíonn tacaíocht maidir le bainistíocht tionscadail don tionscadal EDTips), agus ESERO (a d’fhorbair dhá chúrsa do CSLINC). Sholáthair Ollscoil Mhá Nuad, Dell, Réadlann na Dúcharraige, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ML Labs agus Huawei, Microsoft Dreamspace, Ollscoil Luimnigh agus LERO (le hábhar BJC ó UC Berkley), agus Fidelity Investments cúrsaí do CSinc freisin.

Comhpháirtíocht Pobail Inis Earcáin

Is clár comhpháirtíochta pobail é an clár BA san Amharc-ealaín i Scoil na hEalaíne agus an Deartha, a sholáthraítear ar Inis Earcáin, Iarthar Chorcaí. I gcomhpháirt le grúpaí pobail áitiúla, le Cumann Forbartha Inis Earcáin agus le Uillinn: Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, tá sé páirtchistithe ag Comhairle Contae Chorcaí agus ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá an clár Céime Onóracha ar Leibhéal 8 ina léiriú ar chroispiorad cholúin OT Baile Átha Cliath, is iad sin Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht. Ós rud é go bhfuil cion ard d’fhoghlaimeoirí neamhthraidisiúnta agus d’fhoghlaimeoirí lánfhasta aige i measc a chohóirt mac léinn agus a chohóirt céimithe, is é an eiseamláir den fhoghlaím chuimsitheach ag an tríú leibhéal é an clár. Bliain le ceiliúradh a bhí inti, agus Sorcha Browning, céimí de chuid an chlár BA san Amharc-ealaín, Inis Earcáin, ag fáil Ghradam Lontaobhais Ealaíne Taylor 2024 agus an Ghradaim don Ealaíontóir Cuairte Éiritheach ó RDS Graphic Studio, Baile Átha Cliath, araon. Leanann bua Shorcha bua céimí eile ó Inis Earcáin, mar a bhí Mary Sullivan, a bhuaigh Gradam Lontaobhais Ealaíne Taylor sa bhliain 2018.

Céimithe ón gclár BA san Amharc-ealaín agus ón gclár MA san Ealaín agus an Comhshaol



Caifé Domhanda CRAWL

Sa bhliain 2024, dhámhад €250,000, beagnach, do thaighdeoirí OT Baile Átha Cliath faoi Dhúshlán Pobal Inbhuanaithe Chiste Dúshlán Náisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). Leis an tionscadal [CRAWL \(Campus’ Role as Actors in Walkable and Liveable Communities\)](#) dá gcuid, tarraingítear aird gheallsealbhóirí pobail agus campais OT Baile Átha Cliath chun bacainní a thuiscint agus deiseanna a sholáthar chun campais agus a gcomharsanachtaí mórthimpeall a dhéanamh níos insiúlta agus níos inchónaithe. Is é Oifig an Rialálaí Pleanála Curadh Tionchar Sochaíoch an tionscadail. Tar éis chomhdháil [Walk 21](#) Ireland, bhí Comh-Phríomhthaighdeoirí CRAWL i gceannas ar [imeacht Chaifé Dhomhanda](#) do [CRAWL](#) a cuireadh ar siúl an 7 Feabhra 2024 ar champas Bhaile Bhlaínseir de chuid OT Baile Átha Cliath. Sa chruinniú sin de 70 geallsealbhóir ón earnáil pleanála, ón earnáil innealtóireachta, ón earnáil sláinte agus ón earnáil chomhshaoil, sainaitníodh dúshlán agus riachtanais, agus rinneadh an bhunobair le haghaidh cur chuige comhdheartha. Tá imeacht bliantúil Caifé Dhomhanda bunaithe anois. I measc na dtionscadal leanúnach atá ag úsáid campais OT Baile Átha Cliath mar ionaid tástála tá Oideachas Cháilíocht an Aeir, Faireachán ar Uirlisí, agus Iniúchtaí Insiúltachta.

Grangegorman ABC

Is é is Grangegorman ABC ann ná clár Óige Limistéarbhunaithe a bhfuil sé mar aidhm aige torthaí a fheabhsú do leanaí, go háirithe leanaí 0-6 bliain d’aois, atá lonnaithe i lárchathair thiar thuaidh Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 2024, fuair OT Baile Átha Cliath, mar phríomhghníomhaireacht de chuid Chuibhreannas Grangegorman ABC, cistiú €788,698 ó Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Trí Grangegorman ABC, chabhraigh OT Baile Átha Cliath le samhail nuálach rialachais a thionscnamh agus a leabú i limistéar Ghráinseach Ghormáin, ar samhail í a thacaíonn le cur chuige freagrúil agus áitbhunaithe i leith luath-idirghabhála.

Tá samhail an chuibhreannais seanbhunaithe anois, agus í ar siúl le deich mbliana anuas. Sa bhliain 2024, rinne OT Baile Átha Cliath an cinneadh gan leanúint den ról mar phríomhghníomhaireacht, agus sainaitníodh comhpháirtí nua chun Grangegorman ABC a thabhairt ar aghaidh. Tá OT Baile Átha Cliath an-bhródúil as an méid a chuireamar le Grangegorman ABC agus as an tionchar dearfach atá cruthaithe ag an gclár ó uair a thionscnaimh i leith. Guímid gach rath ar Grangegorman ABC amach anseo agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha uile a rannchuidigh leis an gclár sna deich mbliana atá imithe thart.

Helena Fitzgerald, Ceann um Chaidreamh leis an tSochaí, agus í ag labhairt ag Caifé Domhanda CRAWL



CUMASÓIRÍ



Ár nUaillmhian

- » tá sé de rún againn tacú le comhlíonadh na gcuipoirí straitéiseacha ar fud ár gcolún, eadhon Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht, trí phríomhchumasóirí

8.1 Inbhuanaitheacht Airgeadais

Le linn na bliana 2024, dhréachtaigh an Ollscoil Plean Téarnaimh Airgeadais chun airgeadas na hinstitiúide a chur ar bhonn inbhuanaithe an athuair. Ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas leis an bPlean agus tá sé á chur chun feidhme anois.

8.2 Solúbthacht agus Aclaíocht Eagraíochtúil

Tar éis dearadh eagraíochtúil nua do OT Baile Átha Cliath a chur i gcrích sa bhliain 2023, forbraíodh Clár Claochlaithe cúig bliana nua chun treochlár a sholáthar de na tionscadail athruithe straitéiseacha a theastaíonn chun spriocanna eagraíochtúla agus straitéiseacha OT Baile Átha Cliath a bhaint amach. Tá sé mar aidhm le Clár Claochlaithe na hOllscoile ár n-éabhlóid mar ollscoil a mhúnlú agus príomhghnéithe den Phlean Straitéiseach 2024-2028 a chur i gcrích. Cuimsítear ann punann de thionscadail tosaíochta a bhfuil mar aidhm leo eispéireas na mac léinn agus na mball foirne in OT Baile Átha Cliath a chlaochlú. Tá na tionscadail grúpáilte isteach i gclár oibre théamaithe lena gclúdaítear seirbhísí acadúla agus gairmiúla, ár gcumais dhigiteacha agus sonraí, ár n-uailmhianta dár gcampas agus ár dtiomantas don inbhuanaitheacht.

Rinneadh struchtúr rialachais nua don Chlár Claochlaithe a fhorbairt agus a bhunú ag deireadh na bliana 2024. Tá sé comhdhéanta den Bhord Claochlaithe agus Infheistíochta, a sholáthraíonn treoir agus formhaoirseacht fhoriomlán, agus de chúig Bhord Cláir don tsraith iomchuí tionscadal. Baineann gach tionscadal leas as tacaíocht na hOllscoile le haghaidh bainistíocht cláir, bainistíocht athruithe agus foireann barainne. Is é an príomhdhírú ná faisnéis agus trédhearcacht a mhéadú laistigh de chlár agus ar fud cláir dhifriúla; léargas soiléir a thabhairt ar phríomhchinnntí, ar phríomhrioscaí agus ar phríomhspleáchais; agus tacú le bainistíocht éifeachtach mórthionscnamh.

8.3 Claochlú Digiteach

Ba é a bhí sa bhliain 2024 ná tréimhse ina ndearna OT Baile Átha Cliath dul chun cinn suntasach ar fheabhas a chur ar thírdhreach teicneolaíoch ár n-ollscoile agus ar an eispéireas digiteach dár mic léinn agus dár mbaill foirne.

Mórthionscnamh amháin ba ea ár gCóras Bainistíochta Taifead Mac Léinn (SRMS) nua a fhorbairt. Ag bogadh amach ó chórais neamhspleacha ar ár dtrí phríomhchampas, tá an Ollscoil ag cruthú SRMS atá aonadach, nua-aimseartha agus néalbhunaithe agus a bhfuil cumas feabhsaithe aige chun freastal ar riachtanais OT Baile Átha Cliath san am i láthair agus san am atá le teacht. Is é an aidhm ná eispéireas na mac léinn a chlaochlú agus réitigh lena dtugtar tús áite do theicneolaíochtaí digiteacha a sholáthar, ar réitigh iad lena dtabharfar níos mó cumhachta do mhic léinn agus iad ag bainistiú a n-eispéiris oideachais, agus rochtain fheabhsaithe acu ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí. Leis an gcóras, cabhrófar le próisis riaracháin a chuíchóiriú agus tairgfear éifeachtúlachtaí oibriúcháin, lena n-áirítear saoráidí tuairiscithe feabhsaithe, freisin. Cuireadh tús le dearadh an chórais sa bhliain 2023 agus bhíodhas ag cur pacáistí oibre éagsúla chun feidhme ar fud na bliana 2024. Tá an réiteach deiridh foriomlán ar an mbóthar ceart le cur i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2025.

Réimse criticiúil d’aon eagraíocht sa lá atá inniu ann is ea an chibearshlándáil. Tá áthas orainn go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn maidir lenár staid cibearshlándála a neartú. Is díol suntais gur chuireamar Ionad Oibríochtaí Slándála nua agus córas Bainistíochta Faisnéise agus Teagmhas Slándála i bhfeidhm, rud lena soláthraítear faireachán agus bainistíocht leanúnach ar ár mbonneagar TF. Leis sin, cuirtear ar ár gcumas bagairtí cibearshlándála féideartha a bhrath agus freagairt dóibh i bhfíor-am, rud a chinntíonn sláine ár gcóras. Ina theannta sin, thugamar Fíordheimhniú, Tuairisciú agus Comhdháil Teachtaireachtaí Fearannbhunaithe isteach chun ár n-ollscoil a chosaint ar ríomhphoist chalaoiseacha agus ar ionsaithe fioscaireachta.

Rinneadh go leor feabhsuithe i mbliana ar líonra na hollscoile ar fud ár gcampas uile freisin, á chinntiú gur féidir lenár mbaill foirne agus lenár mic léinn nascadh ar bhealach slán, réidh agus láidir. Áiríodh leis sin ár gcóras líonra oidhreacht a ó champas Bhaile Bhlainséir, ó champas Thamhlachta agus ón gCampas Cathrach a thabhairt le chéile. Ar aon dul le pleananna Inbhuanaitheachta na hOllscoile, ba phríomhthionscadal é ár nIonaid Sonraí agus ár gcórais Stórála san ollscoil a chaighdeánú, a chomhdhlúthú agus a spáráil, lena n-áirítear Aistriú an Ionaid Sonraí ó Shráid Aungier chuig an Ionad Sonraí i nGráinseach Ghormáin inár gcampas Cathrach.

8.5 Brandáil agus Cumarsáid Margaíochta

Cuid dhílis de mhic léinn ó gach cearn den domhan a mhealladh chuig OT Baile Átha Cliath is ea infheistiú chun ár mbranda a thógáil. Chomh maith leis sin, mealltar leis an líon mór ball foirne tallannach agus comhpháirtithe fiontraíochta a theastaíonn uainn chun teacht faoi bhláth mar cheann de na hollscoileanna is mó in Éirinn.

Seoladh an chéad fheachtas branda de chuid na hOllscoile in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus lean sé ar aghaidh ar fud na bliana 2024. Leagtar béim san fheachtas ar an meascán de theoiric, de chomhoibriú agus de chur i bhfeidhm praiticiúil a n-úsáideann OT Baile Átha Cliath é chun eispéireas foghlama níos fearr a chruthú do mhic léinn, agus úsáid á baint as an sluán ‘Sáraigh an Fhoghlaim’.

Bhí an fhógraíocht le feiceáil ar an teilifís, ar YouTube, agus ar chainéil meán sóisialta amhail Facebook, Instagram agus TikTok. Leathnaíodh an feachtas chun fógraíocht lasmuigh den bhaile a chur suas i limistéar Bhaile Átha Cliath ar fud mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024. Bhí fógraí i láthair ar shuíomhanna móra póstaer, ar scáthláin bus, ar thaobh busanna de chuid Bhus Átha Cliath, agus sa taobh istigh d’fheithiclí Bhus Átha Cliath, Luas agus DART. Leis na fógraí sin, leagadh béim ar threoshuíomh foghlama praiticiúla na hOllscoile, ar an eispéireas níos pearsanta agus níos tacúla a sholáthraíonn an Ollscoil do mhic léinn, agus ar a so-rochtaineacht i bhfianaise ár gcúig shuíomh campais. Mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht, bhí an cúigiú cuid de na fógraí sa Ghaeilge.




Bhí sé soiléir ón taighde tomhaltóirí ag deireadh na bliana go raibh méadú an-láidir tagtha ar an bhfeasacht faoi OT Baile Átha Cliath i réigiún Bhaile Átha Cliath. I gcomhthráth leis sin, chabhraigh feachtas i mí na Nollag inar cuireadh Lá Oscailte Lár-Oifige Iontrála na hOllscoile chun cinn leis an líon is mó clárúchán riamh don imeacht a ghnóthú.

Tacaíodh leis na feachtais mhargaíochta sin trí mhéaduithe ar an ngníomhaíocht meán sóisialta. Bhain OT Baile Átha Cliath níos mó ná 275,000 leantóir amach ar fud na bpríomhardán meán sóisialta, agus tháinig méadú faoi níos mó ná a dhá oiread ar ár n-inneachar i gcomparáid leis an mbliain 2023.



Feachtas branda 2024





9 Athbhreithniú Cáilíochta Institiúideach

Téann gach institiúid ardoideachais Éireannach faoi athbhreithnithe seachtracha tráthrialta dearbhaithe cáilíochta a ndéanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) iad. Tá na meastóireachtaí sin mar chuid de phróiseas timthriallach dá ngairtear ‘CINNTE’, ina leagtar díriú ar dhearbhu cáilíochta agus ar fheabhsú cáilíochta. Chríochnaigh OT Baile Átha Cliath féinmheastóireacht chriticiúil i mí Dheireadh Fómhair 2021 mar chuid den phróiseas sin. I mí na Bealtaine 2022, d’fhoilsigh QQI an [Tuarascáil ar Athbhreithniú Institiúideach OT Baile Átha Cliath 2022](#). An Fhoireann Athbhreithnithe, ina raibh saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, mhol sí an Ollscoil as an dul chun cinn suntasach a bhí déanta aici ó uair a bunaithe i leith. Leagadh amach sa tuarascáil freisin sraith moltaí chun forbairt agus claochlú leantach na hOllscoile a threorú. Chuir OT Baile Átha Cliath Plean Gníomhaíochta Institiúideach faoi bhráid QQI i mí na Nollag 2022, agus soláthraíodh [Tuarascáil Leantach ar an Athbhreithniú CINNTE](#) i mí na Nollag 2023.

Tá an Plean Gníomhaíochta Institiúideach ag teacht le deich dtosaíocht straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile:

- » An Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ón Ollscoil agus a gníomhartha gaolmhara a chur chun feidhme
- » Tabhairt faoi athbhreithniú agus athailíniú cuimsitheach ar phunann na gclár acadúil chun tacú le rath na mac léinn, chun freagairt d’éilimh scileanna, agus chun inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú
- » Córas Bainistíochta Clárúcháin Mac Léinn nua comhtháite a sholáthar
- » Plean Claochlaithe Dhigitigh a fhorbairt agus a chur i gcrích atá dírithe ar rath na mac léinn a fheabhsú

- » Dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh forbartha foirne atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha
- » An líon ball foirne atá gníomhach i dtaighde a mhéadú, cistiú taighde breise a fháil, agus an líon mac léinn taighde iarchéime a mhéadú
- » Infheictheacht agus cur in iúl branda a neartú tríd an suíomh Gréasáin agus trí chainéil eile
- » Samhail rannpháirtíochta ollscoile uile a bhunú agus plean comhordaithe a chur chun feidhme chun comhoibriú le comhpháirtithe acadúla, tionscail agus pobail a leathnú
- » Cur chun feidhme dhearadh eagraíochtúil na hOllscoile a thabhairt chun críche, agus é a úsáid mar bhunús don chlaochlú agus don fhás amach anseo
- » Próisis ghnó a athshocrú agus a bharrfheabhsú chun éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach, agus cumarsáid shoiléir a chinntiú maidir leis na hathruithe sin

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhéachtaí sa bhliain 2024:

1. An struchtúr deartha eagraíochtúil a chur i gcrích chun tacú le claochlú agus fás leantach na hOllscoile, agus struchtúir rialachais nua a bhunú
2. Athbhreithniú ar an bPunann Clár: Ghlacamar cur chuige struchtúrtha i leith ár bpunann clár a athbhreithniú agus a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar réimsí amhail dúbláil clár, ligean isteach coiteann, agus rochtain agus dul chun cinn
3. Glór na Mac Léinn: Rinneamar athbhreithniú ar phróisis chinnteoireachta ar fud feidhmeanna ollscoile chun a chinntiú go bhfuil glór na mac léinn ina chuid dhílis agus thábhachtach den phróiseas cinnteoireachta ar fud na hOllscoile. I gcomhairle le hAontas na Mac Léinn, d'fhorbraíomar [‘Ár nAcmhainní Tacaíochta um Ghlór na Mac Léinn’](#). Chuireamar Córas Aiseolais Mac Léinn nua chun feidhme freisin, rud lena gcuirtear ar chumas na mbord athbhreithnithe clár acadúil freagairt d'aiseolas na mac léinn ar bhealach tráthúil.
4. Chuireamar straitéis chun feidhme le haghaidh Pobail Chleachtais Ollscoile a bhunú, a chur ar aghaidh agus a chothú ar mhaithe le dea-chleachtais a chur chun cinn agus a scaipeadh.
5. Chuireamar ár straitéis um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú agus na pleananna gníomhaíochta comhpháirte chun feidhme. Áirítear leo sin (i measc pleananna eile): [Athena SWAN](#); [Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach](#); [Cothromas Inscne](#); agus [an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais](#). Cheadaigh Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile Téarmaí Tagartha do Chomhairle Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe i mí Iúil 2024. Déanfaidh an Chomhairle sin formhaoirseacht ar obair OT Baile Átha Cliath maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus déanfaidh sí moltaí ina leith, lena n-áirítear comhlíonadh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile.

Agus an méid seo á scríobh, tá formhór an 32 ghníomh sa Phlean Gníomhaíochta Institiúideach curtha i gcrích nó chor a bheith curtha i gcrích. Áirítear leis na gníomhartha atá fágtha Córas Bainistíochta Taifead Mac Léinn aontaithe a chur i gcrích, rud atá le cur chun feidhme go hiomlán faoin mbliain 2025, agus oibríochtaí agus úsáid teicneolaíochta a chuíchóiriú chun tacú leis an oifig comhpháirtíochtaí laistigh den ollscoil. Tá forbairt phunann clár na hOllscoile ar siúl fós. Pléitear na saincheisteanna atá gan réiteach fós sa *Tuarascáil Bhliantúil Cáilíochta 2023-2024 ó OT Baile Átha Cliath*.





10 Ráiteas Comhionannais

RÁITEAS COMHIONANNAIS OT BAILE ÁTHA CLIATH 2023- 2028

Tiomantas Foriomlán

Is iad bunluachanna Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) ná Sármhaitheas, Cuimsiú, Tionchar agus Meas. Trí na luachanna sin a chleachtadh, tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn, agus do chearta an duine atá ag gach duine inár bpobal Ollscoile a chosaint agus a chur chun cinn. Tá an Ráiteas Comhionannais seo ar aon dul le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, alt 19(1) go (6).

Rochtain agus Oideachas

Cumasaíonn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) cothromas rochtana agus rannpháirtíochta san oideachas do gach duine, beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine (lena n-áirítear dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó bunadh náisiúnta), ballraíocht den Lucht Siúil agus cúlra socheacnamaíoch. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta dá chinntiú gurb amhlaidh, maidir le cuallacht na mac léinn atá ag dul isteach agus ag glacadh páirt ina chlár ar gach leibhéal agus atá ag críochnú na gclár sin, atá sí ina léiriú ar éagsúlacht agus meascán sóisialta réigiún Bhaile Átha Cliath agus dhaonra na hÉireann. Cuirtear san áireamh go hiomlán sa bheartas i dtaca le ligean isteach an Rún Straitéiseach atá ag an Ollscoil go mbeadh sí ar an ollscoil is sorochtana in Éirinn, agus an líon is mó foghlaimoirí éagsúla aici.

Is eol don Ollscoil go háirithe na dúshlán a bhaineann le rannpháirtíocht san ardoideachas a bhíonn os comhair daoine ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta, os comhair daoine a bhfuil cineálacha éagsúla cumais acu, agus os comhair daoine ó chodanna den tsochaí atá faoi ghannionadaíocht shuntasach i measc chuallacht na mac léinn. Chuige sin, cuirtear san áireamh go hiomlán i mbeartas na hOllscoile i dtaca le ligean isteach an Plean Rochtana Náisiúnta 2022-2028 ón Údarás um Ard-Oideachas¹¹. Leis an mbeartas, tacaítear le rannpháirtíocht na mac léinn a bhfuil na próifíli thuas acu trí ghníomhaíochtaí réamhlighin isteach, trí shocrúithe malartacha ligin isteach agus trí thacaí iarlighin isteach. Tá sé mar aidhm léi freisin eispéireas feabhsaithe agus torthaí dearfacha oideachais a sholáthar do gach mac léinn trí úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige amhail Dearadh Uilíoch agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim le linn oideachas agus seirbhísí, tacaí agus saoráidí gaolmhara a sholáthar.

¹¹ An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO), 2022. An Plean Rochtana Náisiúnta: Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chochothromas Rochtana, Rannpháirtíocht agus Rath san Ardoideachas 2022-2028, atá ar fáil ag <https://hea.ie/policy/access-policy/national-access-plan-2022-2028/>

Comhionannas

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn i ngach gné dá chuid oibre. Tá beartas na hOllscoile i dtaca le comhionannas deiseanna faoi threoir ag corpas an dlí fostaíochta agus ag an oibleagáid reachtúil ‘aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus córa dá foireann agus do na daoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag a comhaltaí, a foireann agus na daoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chosaint¹². Cuireann an Ollscoil na caighdeáin iompair is airde chun cinn i measc a foirne. Tá sí lántiomanta do chur chun feidhme a dhéanamh ar an sprioc fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas atá ar áireamh sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas (2015-2024) ón Rialtas¹³.

Tá sí tiomanta do ghnóthachtáil na cothromaíochta inscne agus an chomhionannais deiseanna a chur chun cinn i measc mhic léinn agus bhaill foirne na hOllscoile. Áirítear leis sin aird a thabhairt ar an gcuspóir atá leagtha síos san Acht gur mná a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais agus gur fir a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad díobh¹⁴. De bhreis air sin, mar a fhoráiltear dó in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, tabharfaidh an Comhlacht Ceannais aird ar an gcuspóir atá leagtha síos san Acht gurb amhlaidh, maidir leis an gComhairle Acadúil, is mná a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad de na comhaltaí agus is fir a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad díobh¹⁵.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an Ollscoil aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne i measc na foirne agus i measc chuallacht na mac léinn i réimsí disciplín acadúil agus i réimsí feidhme ina bhfuil patrúin thraidisiúnta ceannasachta firinne nó baininne le fáil. Cuireann an Ollscoil beartais agus creataí deachleachtais uile-earnála chun feidhme agus cloíonn sí leo. Áirítear leo sin Prionsabail Athena SWAN Ireland¹⁶ agus na moltaí ón Dara hAthbhreithniú Náisiúnta ón Údarás um Ard-Oideachas ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais¹⁷.

12 An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, alt 42(a), atá ar fáil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/25/enacted/en/html>

13 Rialtas na hÉireann, 2015. An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas 2015-2024, atá ar fáil ag <https://nda.ie/monitoring/national-disability-strategies/comprehensive-employment-strategy-for-people-with-disabilities>

14 Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, alt 12(5)(b), agus alt 6(2)(b) de Sceideal 1, atá ar fáil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/3/enacted/en/html>

15 Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, alt 16(3)(c), atá ar fáil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/3/enacted/en/html>

16 AdvanceHE 2021, Prionsabail Athena SWAN Ireland, atá ar fáil ag <https://www.advance-he.ac.uk/equality-charters/international-charters/athena-swan-ireland#principles>

17 An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO), 2022. An Dara hAthbhreithniú Náisiúnta ón Údarás um Ard-Oideachas ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais in Éirinn, atá ar fáil ag <https://hea.ie/policy/gender/hea-national-review-of-gender-equality-in-irish-higher-education-institutions/>


Ina theannta sin, tá sí tiomanta d’aird a thabhairt ar an gcuspóir gurb amhlaidh, maidir le coistí cinnteoireachta na hOllscoile, is mná a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad dá gcomhaltaí agus is fir a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad díobh. Aithníonn sí freisin an gá atá le haghaidh a thabhairt ar na tosca trasnacha a rannchuidíonn le hathiolrú na neamhionannas, amhail eitneacht, cumas éagsúil, féiniúlachtaí inscne agus féiniúlachtaí eile, agus míbhuntáiste sóisialta. Cuireann an Ollscoil feasacht agus tuiscint chun cinn ar cheithre ghné an idirdhealaithe, eadhon, idirdhealú stairiúil, idirdhealú struchtúrach, idirdhealú institiúideach agus idirdhealú aonair, d’fhonn tacú le cultúr feabhsaithe comhionannais, measa agus cothroime, áit a seastar go gníomhach le cearta an duine atá ag gach duine.

Plean Straitéiseach na hOllscoile

Leis an Ráiteas seo, treisítear an Rún Straitéiseach 2030 ó OT Baile Átha Cliath, áit a bhfuil comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar chuspóir straitéiseach ina n-aithneofar an Ollscoil mar eiseamláir i gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, áit a mbeidh daoine bródúil as a bheith mar chuid de phobal nasctha agus a gcruthóidh a gcuid buanna, inniúlachtaí agus gastachta fiorthionchar ar an ardán domhanda. Tugtar gealltanais sa Phlean Straitéiseach go dtí an bhliain 2028 go gcuirfear chun feidhme an raon iomlán pleananna comhionannais arna bhforbairt ag an Roinn Oideachais agus ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), lena n-áirítear an Creat um Thoilíú in Institiúidí Ardoideachais, Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais 2022-2024, Prionsabail Frithchiníochais an ÚAO d’Institiúidí Ardoideachais, agus Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Chomhionannas Cine 2022-2024.¹⁸ Tá sé mar chuspóir leis freisin creidiúnú Athena SWAN a leathnú go 40% de Scoileanna le linn na tréimhse sin. Déanfaidh an Ollscoil athbhreithniú ar a feidhmíocht i ndáil leis na creataí agus na pleananna sin, de réir mar is cuí, ar bhonn tráthrialta.

18 An Roinn Oideachais 2020. An Creat um Thoilíú in Institiúidí Ardoideachais: Sábháilte, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais, atá ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/publication/678fee-framework-for-consent-in-higher-education-institutions-safe-respect/>; an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO), 2022. Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais 2022-2024, atá ar fáil ag https://hea.ie/assets/uploads/2021/04/HEA_ESVH_Implementation_Plan_FINAL.pdf; an ÚAO, 2023. Prionsabail Frithchiníochais d’Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, atá ar fáil ag <https://hea.ie/assets/uploads/2022/03/Anti-Racism-Principles-for-Irish-Higher-Education-Institutions.pdf>; an ÚAO, 2023. Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Chomhionannas Cine 2022-2024, atá ar fáil ag <https://hea.ie/assets/uploads/2022/03/HEA-Race-Equality-Implementation-Plan-2022-2024.pdf>.





11 Ráiteas Inbhuanaitheachta

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do bheith ag obair leis an bhfoireann, le mic léinn agus le geallsealbhóirí eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hinbhuanaitheachta comhshaoil. Cuirtear an gealltanais sin in iúl go foirmiúil i Ráiteas Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath.

RÁITEAS INBHUA- NAITHEACHTA OT BAILE ÁTHA CLIATH

Tá an inbhuanaitheacht mar bhonn agus mar thaca ag Rún Straitéiseach 2030 Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath). Trí na trí cholún dá chuid, eadhon Daoine, Domhan, agus Comhpháirtíocht, is í an inbhuanaitheacht a chuireann dlús lenár bhfís, lenár misean agus lenár luachanna. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do sholáthar an ardoideachais agus dá oibríochtaí ardoideachais a athrú ó bhonn trí dhearcadh na hinbhuanaitheachta, agus leas á bhaint aige as cur chuige cothromaithe lena ndéanfar ár ndomhan a chosaint do na glúnta atá le teacht. Is í ár bhfís don Inbhuanaitheacht ná teacht chun bheith inár n-eagraíocht eiseamláireach, áit a bhforbraítear cultúr láidir freagrachta de bharr tuiscint ar eitic

mar chineál cleachtais. Trí ghníomhartha ár ndaoine, atá comhdhéanta de bhreis agus 3,000 ball foirne agus de bhreis agus 28,000 mac léinn, lena n-áirítear breis agus 7,000 céimí in aghaidh na bliana agus breis agus 450 comhpháirtí, tagann ár luachanna inbhuanaitheachta chun bheith soiléir, agus iad á léiriú ag ár gcuspóir, ag ár ndíograis, agus ag ár gcumas chun scála agus rochtain a thabhairt laistigh den tionscal agus den tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha fíorshaoil atá ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2030.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do mhaireachtáil de réir ár luachanna tríd an inbhuanaitheacht a leabú isteach i bpleananna, straitéisí, beartais agus gnáthoibríochtaí laethúla uile na hOllscoile. Ina theannta sin, imríonn an Ollscoil príomhról in aistriú comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch atá cóir a chur chun cinn trí eolas nua a ghiniúint, trí thuiscint a mhéadú agus trí ghníomhaíocht fíorshaoil chun todhchaí aeráidneodrach a bhaint amach. Chun iarrachtaí agus acmhainní a dhíriú, shainiathníomar trí sprioc dírithe ó na seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2030, áit ar féidir leis an ardoideachas i gcoitinne agus le OT Baile Átha Cliath go háirithe an difear is mó a dhéanamh. Agus a fhios againn go bhfuil gach Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) agus spriocanna eile fite fuaite ina chéile, cuirimid leis na hidirspleáchais ghaolmhara trí thrí sprioc tacaíochta.

a) Oideachas den Scoth agus Comhionannas

Sprioc Dírithe	Sprioc Tacaíochta
SDG 4 ó NA: Oideachas den Scoth	SDG 5 ó NA: Comhionannas Inscne
<i>Oideachas cuimsitheach agus cothrom den scoth a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách.</i>	<i>Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus gach cailín a chumhachtú.</i>

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d’oideachas a chur ar ár mic léinn agus ar ár mbaill foirne agus iad a chumasú chun teacht chun bheith ina saoránaigh atá freagrach ó thaobh cúrsaí domhanda de agus a dhéanann difear dearfach dár ndomhan. Déanfaimid é sin 1) trí thorthaí inbhuanaitheachta a leabú isteach inár gcláir acadúla, 2) trí mhéadrachtaí tionchair inbhuanaitheachta a leabú isteach inár gcuid taighde, agus 3) trí inniúlachtaí inbhuanaitheachta a fhorbairt i measc ár mball foirne, a dtacaítear leo sin uile trí bheartais na hollscoile, trína cláir agus trína modhanna oibre mar ‘OT Baile Átha Cliath Amháin’.

Chun an inbhuanaitheacht a leabú, teastaíonn gníomhartha ó dhaoine ar fud gach réimse den Ollscoil, áit a gcuirtear cultúr cuimsithe chun cinn, agus deis chomhionann á tabhairt do gach saoránach den tsochaí rath a bhaint amach. Táimid tiomanta don chumas sin a fhorbairt trí chur chuige institiúide

b) Gníomhú ar son na hAeráide agus Nuálaíocht Teicneolaíochta

Spríoc Dírithe	Spríoc Tacaíochta
SDG 13 ó NA: Gníomhú ar son na hAeráide	SDG 9 ó NA: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar
Gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac.	Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclú cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn, agus nuálaíocht a chothú.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta don athrú aeráide a chomhrac agus do thionchair dhiúltacha chomhshaoil agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a laghdú trínár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus trí bhonneagar athléimneach a fhorbairt. Geallaimid go ndéanfaimid tomhas agus faireachán gníomhach ar ár lorg carbóin, agus go ndéanfaimid planáil le haghaidh é a laghdú, ar bhealach gníomhach ar fud ár n-oibríochtaí campais agus ár bhforbairtí beartaithe uile, ar fud ár dtimpeallachta ar líne, agus trínár gcleachtais taistil. Geallaimid go soláthróimid ceannaireacht agus acmhainní chun ár ngníomhaíochtaí a dhícharbónú go hiomlán faoin mbliain 2040 agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050. Déanfaimid é sin trí phunann gníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

- » úsáid na mbonneagar atá ann cheana inár bhfoirgnimh agus ar ár gcampais a bharrfheabhsú
- » prionsabail geilleagair chiorclaigh agus prionsabail soláthair inbhuanaithe a chleachtadh
- » foinsí fuinnimh inbhuanaithe agus in-athnuaite a fhiosrú
- » tomhaltas fuinnimh ar champais a laghdú, uisce a chaomhnú, agus dramhaíl a laghdú
- » aghaidh a thabhairt ar chaillteanas na bithéagsúlachta inár dtimpeallacht nádúrtha
- » tacú le modhanna taistil inbhuanaithe agus ghníomhaigh chuig ár gcampais agus amach astu, agus taisteal ineachanta gnó a laghdú

uile a ghlacadh i leith ár bpobail éagsúil foghlaimeoirí, oideoirí, taighdeoirí agus riarthóirí. Chuige sin, déanfar cur i gcrích SDG 4: Oideachas den Scoth a fhorbairt chun prionsabail Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe a leabú agus chun plananna Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe OT Baile Átha Cliath a chur i gcrích. Leanann beartais agus cleachtais na hollscoile de thacú le cuspóirí idirnáisiúnta faoi na SDGanna a chur i gcrích trí bheartais agus creataí náisiúnta amhail *Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI go 2030)*, *an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025*, *Leas a Bhaint as Digitiú, Impact 2030*, *Straitéis Taighde agus Nuálaíochta RCAC go 2030*, agus tosaíochtaí laistigh de Phlean Straitéiseach Fis Eorpach, agus aird á tabhairt freisin ar na deiseanna atá ag OT Baile Átha Cliath dlús a chur leis an tionchar inbhuanaitheachta in Éirinn agus i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Ag obair dúinn i ndlúthchomhar le cinn acadúla, le taighdeoirí agus le seirbhísí gairmiúla laistigh den Ollscoil, cloífidimid leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ó Éirinn agus leis an Straitéis don Gheilleagar Ciorclach agus ailíneoimid ár ngníomhaíochtaí leo sin. Gabhann OT Baile Átha Cliath air féin réitigh nuálacha a fhorbairt trí thaighde feidhmeach, agus dul i ngleic leis an athrú aeráide trí theicneolaíochtaí glasa, trí fhiontraíocht ghlas agus trí nuálaíocht shóisialta. Déanfaidh sé é sin trínár n-éiceachóras geallsealbhóirí sochaíocha a thionól trí Shaotharlann Bheo OT Baile Átha Cliath agus trínár mbonneagar fisiciúil agus digiteach ollscoile a úsáid chun an inbhuanaitheacht a leabú isteach inár ngnáth-thimpeallacht laethúil foghlama agus oibre. Agus leas á bhaint againn as cur chuige duinelárnach chun réitigh chliste a chur chun feidhme, cruthóimid faisnéis shonraibhuanaithe trí thomhas, trí fhaireachán agus trí thuairisciú dinimiciúil chun tacú linn ár spríocanna aeráide a bhaint amach. Trí nascacht dhigiteach níos fearr, forbróimid éiceachóras eolais a bheidh comhdhéanta de rannchuidithe gníomhacha ónár bpobal mac léinn, oideoirí, taighdeoirí agus ball foirne oibríochtaí agus déanfaimid caidreamh le comhpháirtithe sochaíocha chun bonn eolais a chur faoi na bearta planála agus oiriúnaithe atá riachtanach ar fud ár dtimpeallachtaí campais chun freagairt do dhúshláin phráinneacha aeráide trí shaoránacht fheagrach ghníomhach.

c) Dea-Shláinte, Folláine agus Pobal

Spríoc Dírithe	Spríoc Tacaíochta
SDG 3 ó NA: Dea-Shláinte agus Folláine	SDG 11 ó NA: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
Saol sláintiúil daoine a chinntiú agus folláine do chách a chur chun cinn ag gach aois.	Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh ina n-áiteanna cuimsitheacha, sábháilte, athléimneacha agus inbhuanaithe.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do shláinte agus folláine ár bpobail Ollscoile agus na sochaí i gcoitinne a chosaint agus a fheabhsú trí dhaoine a chumasú lán a gcumais a bhaint amach. Leagtar amach i gCairt Okanagan 2015 ról agus freagracht an Ardoideachais i gcur chun cinn na Sláinte i ndáil le hidirspleáchas sláinte an duine agus fholláine an phláinéid. Mar eagraíocht a shínigh an Chairt um Champas Sláintiúil Ardoideachais ó Éirinn, gabhaimid orainn féin ‘cur chuige campais uile a ghlacadh i leith timpeallacht foghlama agus cultúr eagraíochtúil a chruthú’ chun sláinte agus folláine a chinntiú laistigh dár bpobal. Gabhann OT Baile Átha Cliath air féin obair ar fud na hollscoile trí líonra oscailte, cuimsitheach agus rannpháirtíoch daoine chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt agus cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um OT Baile Átha Cliath Sláintiúil, le tacaíocht ó chur chuige na Dea-Chomharsan. Ag obair dúinn i ndlúthchomhar le taighdeoirí OT Baile Átha Cliath, forbróimid beartais agus cleachtais chun feabhas a chur ar ár dtimpeallachtaí campais, agus gníomhaíocht fhisiciúil á cur chun cinn, deireadh á chur le húsáid tobac, agus pobail á nascadh, chun eitic cúraim agus comhbhá a chothú chun dea-mheabhairshláinte a chosaint.

Agus í ina láthair foghlama agus oibre do bhreis agus 35,000 duine, aithníonn OT Baile Átha Cliath cé chomh luachmhar agus atá sé tacú le sláinte agus folláine trí chabhrú lenár gcampais teacht chun bheith ina gCathracha agus ina bPobail atá Inbhuanaithe agus Inchónaithe. Mar chuid dár ngealltanas comhshaoil go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa Scóip 3, méadóidh OT Baile Átha Cliath a rannpháirtíocht trí thionscnaimh oideachais agus thaighde an Champais Ghlais agus na Saotharlainne Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta lena dtacaítear le geallsealbhóirí pobail campais réitigh inbhuanaithe áitiúla a fhorbairt agus a sholáthar. Oibreoimid i gcomhar le húsáideoirí campas agus leis an lucht déanta beartas chun a chinntiú go mbeidh ár gcampais inrochtana agus lánchuimsitheach do gach duine agus chun turais a dhéanamh atá inbhuanaithe, sláintiúil agus cothrom. Tríd an gClár ‘Taisteal Níos Cliste do Champais’ de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, tabharfaidh OT Baile Átha Cliath spreagadh agus tacaíocht dár ndaoine chun turais taistil inbhuanaithe agus gníomhaigh a thógáil chuig campais, amach as campais agus idir campais.





12 Rialachas

12.1 Comhlacht Ceannais

Cúlra Reachtach

Tá Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, mar bhonn agus thaca ag bunú ollscoileanna teicneolaíochta agus síníodh ina dhlí é an 19 Márta 2018. Le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, a tosaíodh an 10 Samhain 2022, leasaíodh roinnt forálacha d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018.

Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) le hOrdú ón Aire faoi alt 36 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta (Uimhir 3 de 2018), agus le hIonstraim Reachtúil (Uimhir 437 de 2018) ar lá ceaptha an 1 Eanáir 2019. Faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, arna leasú, ceanglaítear ar an Ollscoil Comhlacht Ceannais a bheith aici chun feidhmeanna na hOllscoile faoin Acht a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is é an Comhlacht Ceannais an t-údarás atá bunaithe le dlí chun an Ollscoil a rialú. Leagtar ról agus dualgais an Chomhlachta Ceannais amach faoi alt 11 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta.

Ní mór don Chomhlacht Ceannais oibriú de réir Sceideal 1 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, leasaíodh alt 12 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta chun a fhoráil go mbeadh 19 gcomhalta ar an gComhlacht Ceannais, ina mbeadh an Cathaoirleach, an tUachtarán, naonúr comhaltaí seachtracha, cúigear comhaltaí inmheánacha agus triúr ionadaithe d’Aontas na Mac Léinn. Comhlíonann comhaltaí an Chomhlachta Ceannais ról thábhachtacha i ndáil le treo, straitéis agus rialachas corparáideach na hOllscoile. Glacann na comhaltaí freagracht chomhchoiteann as inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hOllscoile,

ag obair dóibh i gcomhar le Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais, leis an Uachtarán agus le Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile chun a chinntiú go ndéantar an Ollscoil a bhainistiú agus a fhorbairt i gcomhréir le paraiméadair dhlíthiúla agus bheartais agus le caighdeáin dea-chleachtais a bhfuil glacadh leo.

Comhaltas an Chomhlachta Ceannais

Ní rachaidh téarma oifige aon chomhalta den Chomhlacht Ceannais (seachas an tUachtarán) thar cheithre bliana agus ní fhéadfaidh comhalta den sórt sin fónamh ar feadh níos mó ná dhá théarma oifige as a chéile. Bhí roinnt athruithe ar Chomhaltas an Chomhlachta Ceannais sa bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024, mar a léirítear ar leathanach X.

Coistí an Chomhlachta Ceannais

Chun cabhrú leis an gComhlacht Ceannais a fheidhmeanna a chomhlíonadh sa bhliain 2024, tháinig na Buancoistí seo a leanas le chéile: an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca; an Coiste Airgeadais agus Maoine; an Coiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe; agus an Roghchoiste. Is comhalta de bhrí oifige den Choiste Airgeadais agus Maoine agus den Choiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe é an tUachtarán.

Bunaíodh dhá Choiste shealadacha eile le linn na bliana 2024, ba iad sin Coiste Alt 64/Ardú, chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Chomhlacht Ceannais maidir le comhlíonadh a dhualgas faoi alt 64 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, agus Coiste Roghnúcháin an Uachtaráin, chun an tUachtarán nua a earcú tar éis don Ollamh FitzPatrick éirí as le linn na bliana.

Comhlíonadh an Chóid
Cleachtais do Rialachas Com-
hlachtaí Stáit

Tá rithábhacht ag baint le córas rialachais láidir chun go mbeidh an Ollscoil in ann feidhmiú go héifeachtach agus chun go mbeidh an Comhlacht Ceannais in ann a fhreagrachtaí a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le trédhearcacht agus le cuntasacht. Ghlac an Comhlacht Ceannais an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (“an Cód”).

Tá freagracht ar an gComhlacht Ceannais as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a cheadú agus as tuairim a thabhairt i dtaobh an measann sé gur léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais na hOllscoile iad na ráitis airgeadais agus i dtaobh staid airgeadais na hOllscoile ag deireadh na bliana. Tá freagracht ar an gComhlacht Ceannais as a chinntiú go ndéantar nochtadh tráthuil cruinn don Aire ar gach ní ábhartha a bhaineann leis an Ollscoil, lena n-áirítear comhthéacs gnó, feidhmíocht airgeadais, staid airgeadais agus rialachas na hOllscoile.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis na míreanna comhlíonta seo a leanas ón gCód:

i. Shínigh Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais agus Uachtarán na hOllscoile Comhaontú Formhaoirseachta leis an ÚAO ina leagtar amach an creat leathan rialachais agus cuntasachta agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn leis an gcaidreamh idir an ÚAO agus an Ollscoil; tá an reachtaíocht iomchuí, ciorcláin ón Rialtas (i gcás gurb infheidhme), agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, mar atá leagtha amach i reachtanna, i gcairteacha, in airteagail agus in ionstraimí rialachais, go háirithe iad siúd lena mbunaítear an ÚAO agus an Ollscoil, mar bhonn agus thaca aige sin.

- ii. Cheadaigh an Comhlacht Ceannais cláir agus buiséid bhliantúla na hOllscoile, lena áiríodh anailís ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an mbuiséad.
- iii. Déantar athbhreithniú inmheánach ar éifeachtacht an Chomhlachta Ceannais gach bliain; sa bhliain 2024, rinneadh é sin mar athbhreithniú rialachais a cuireadh faoi bhráid an ÚAO i mí na Bealtaine 2024, mar chuid d’Athbhreithniú Alt 64. Déantar meastóireacht sheachtrach uair amháin ar a laghad gach ceithre bliana.
- iv. Tagann an Comhlacht Ceannais le chéile ar bhonn sách tráthrialta chun a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus tá sceideal nithe aige atá forchoimeáda go sonrach dó lena gcinneadh. Tháinig an Comhlacht Ceannais le chéile 14 huair sa bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024. Áiríodh leis sin seacht gcrúinniú rialta agus seacht gcrúinniú speisialta a tionóladh mar chuid de phróiseas Alt 64.
- v. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile seacht n-uaire sa bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.
- vi. Foilsíonn an Ollscoil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais uathí laistigh de mhí amháin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais a chríochnú.
- vii. Tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanann an Comhlacht Ceannais measúnú ar phríomhrioscaí na hOllscoile, lena n-áirítear tuairisc ar na rioscaí sin, i gcás gurb iomchuí, agus bearta maolaithe gaolmhara.
- viii. Leanann an Ollscoil de chloí leis na gnéithe iomchuí uile den Chód Caiteachais Phoiblí.

Comhaltas an Chomhlachta Ceannais, 2024 (an 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024)

	COMHALTA DEN CHOMHLACHT CEANNAIS	CATAGÓIR	DÁTA CEAPACHÁIN
1a	David FitzPatrick ¹⁹	Uachtarán	1 Eanáir 2019
1b	John Moran	Uachtarán Eatramhach	28 Márta 2024
2	Michael Carr	Ball Foirne	15 Eanáir 2019
3	Charles Larkin (Cathaoirleach)	Comhalta Seachtrach	1 Iúil 2019
4	Aileen O’Toole	Comhalta Seachtrach	1 Iúil 2019
5	Pamela Kelly	Ball Foirne	1 Iúil 2019
6	Norah Burns	Comhalta Seachtrach	23 Meitheamh 2021
7	Catherine Clune Mulvaney	Comhalta Seachtrach	23 Meitheamh 2021
8	Conor O’Donovan	Comhalta Seachtrach	23 Meitheamh 2021
9	Eamon Maher	Ball Foirne	1 Iúil 2021
10	Brian Jordan ²⁰	Aontas na Mac Léinn	1 Iúil 2022
10b	Shauna O’Toole	Aontas na Mac Léinn	1 Iúil 2024
11	Louise Kavanagh ²¹	Aontas na Mac Léinn	1 Iúil 2022
11b	Princewill Aguele	Aontas na Mac Léinn	28 Lúnasa 2024
12	Nekesa Khisa ²²	Aontas na Mac Léinn	1 Iúil 2023
12b	Avice Meya	Aontas na Mac Léinn	21 Feabhra 2024
13	Mary Cooke	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
14	Michael Gately	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
15	William Johnston	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
16	Eoin O’Shea	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
17	Sally Anne Sherry	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023
18	Bob Ó Mharcú	Ball Foirne	29 Samhain 2023
19	Leslie Shoemaker	Ball Foirne	29 Samhain 2023



19 D’éirigh David FitzPatrick as an 31 Bealtaine 2024.
20 Tháinig téarma Brian Jordan, ionadaí d’Aontas na Mac Léinn, chun deiridh an 30 Meitheamh 2024
21 Tháinig téarma Louise Kavanagh, ionadaí d’Aontas na Mac Léinn, chun deiridh an 30 Meitheamh 2024
22 D’éirigh Nekesa Khisa, ionadaí d’Aontas na Mac Léinn, as an 3 Eanáir 2024

12.2 An Chomhairle Acadúil

Is é feidhm na Comhairle Acadúla ná gnóthaí acadúla na hollscoile teicneolaíochta a rialú, lena n-áirítear curaclam na hOllscoile, agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthraíonn an Ollscoil, agus aird á tabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil. Is baill foirne acadúla iad formhór chomhaltaí na Comhairle Acadúla, a chuimsíonn freisin roinnt baill foirne seirbhísí gairmiúla agus roinnt comhaltaí is mic léinn. Tá an comhaltas don bhliain 2024 tugtha thíos.

Comhaltas na Comhairle Acadúla, 2024 (an 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024)

Ainm	Ról
David Fitzpatrick *	Uachtarán na hOllscoile (Cathaoirleach)
John Doran *	Uachtarán na hOllscoile (Eatramhach) (Cathaoirleach)
Mary Meaney	Comhalta de bhrí oifige (Cláraitheoir)
Dominic Dillane	Acadóir
Kevin Bryne	Acadóir
Chris Hills	Acadóir
Clare Eriksson	Acadóir
Gemma Kinsella	Acadóir
Mary Lennon	Acadóir
Anna Cruickshank	Acadóir
Wil Peters	Acadóir
Chris Ó'Rálaigh	Acadóir
Con Kennedy	Acadóir
Ann Curran	Acadóir
Pilar Molina	Acadóir
Nikolaos Valantasis Kanellos	Acadóir
Amanda Dixon	Acadóir
Ruth Casey	Acadóir
Helen O'Brien Gately	Acadóir
Joe Condon	Acadóir
Michael Collins	Acadóir
Gary Clynch	Acadóir
Tania Malik	Acadóir
Aidan Kenny	Acadóir
Tim McNulty	Acadóir
Tony Grennan	Acadóir
Zeinab Bei	Acadóir
Mark McGrath	Acadóir
Adrienne Fleming	Acadóir
Claire Wynne	Acadóir
Catriona Barrett	Acadóir
Jennifer Manning *	Acadóir
Amit Jaiswal	Acadóir
Bob Ó Mhircú	Seirbhísí Bainistíochta agus Tacaíochta Gairmiúla
Rachel O'Connor	Seirbhísí Bainistíochta agus Tacaíochta Gairmiúla
Allison Kavanagh	Seirbhísí Bainistíochta agus Tacaíochta Gairmiúla
Orla McDonagh	Comhalta de bhrí oifige
Eoin Langan	Comhalta de bhrí oifige
Pramod Pathak	Comhalta de bhrí oifige
James Curtin *	Comhalta de bhrí oifige
Thomas Stone	Comhalta de bhrí oifige
Brendan Jennings	Comhalta de bhrí oifige
Brian Bowe	Comhalta de bhrí oifige

Jennifer Farrell	Comhalta de bhrí oifige
Mairead Murphy	Comhalta de bhrí oifige
Shauna O'Toole	Ionadaí Mac Léinn
Avice Meya	Ionadaí Mac Léinn
Princewill Aquele	Ionadaí Mac Léinn
Peter McCann	Ionadaí Mac Léinn
Sheran Bahadir	Ionadaí Mac Léinn
Jessica Gallagher	Ionadaí Mac Léinn
Liam Cosgrove *	Ionadaí Mac Léinn
Brian Jordan *	Ionadaí Mac Léinn

* Níor mhair an bhallraíocht don bhliain ar fad.



12.3 Ráitis Airgeadais

Tuairiscíodh easnamh oibriúcháin €8.4 milliún i Ráitis Airgeadais OT Baile Átha Cliath don bhliain 2022/23. Gan míreanna neamhairgid a áireamh, amhail dímhéas agus amúchadh deontas caipitil iarchurtha, ba é €2.8 milliún an t-easnamh oibriúcháin. Tá obair ar siúl chun na Ráitis Airgeadais don bhliain 2023/24 a thabhairt chun críche, ach táthar ag súil le heasnamh freisin.

Le linn na bliana 2024, dhréachtaigh an Ollscoil Plean Téarnaimh Airgeadais chun airgeadas na hinstitiúide a chur ar bhonn inbhuanaithe an athuair. Ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas leis an bPlean agus tá sé á chur chun feidhme anois.

Tá na ráitis airgeadais iomlána ar fáil ar [shuíomh Gréasáin](#) OT Baile Átha Cliath.

12.4 An Dualgas Earnála Poiblí – Acht na dTeangacha Oifigiúla

Is é an phríomhaidhm atá le [hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003](#) fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus caighdeán níos airde seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chinntiú. Tá oibleagáidí ar OT Baile Átha Cliath mar chomhlacht earnála poiblí ina leith sin. Sa bhliain 2024, thug OT Baile Átha Cliath aghaidh ar ghearán amháin ar tharraing Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) aird na hOllscoile air maidir le neamhchomhlíonadh oibleagáidí Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhaineann le comharthaíocht.

I mí Aibreáin 2025, cuirfidh OT Baile Átha Cliath an tuarascáil bhliantúil fógraíochta uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2023 isteach tríd an tairseach arna forbairt ag OCT.

Tá OT Baile Átha Cliath ag tacú go gníomhach le scileanna Gaeilge i measc na foirne agus na mac léinn a fheabhsú trí chúrsaí Gaeilge a thairiscint ar leibhéil éagsúla. Tá Oifigeach Gaeilge na hOllscoile ag éascú na gcúrsaí sin. Sa bhliain 2024, ghlac thart ar 180 duine páirt i ranganna Gaeilge.

12.5 An Dualgas Earnála Poiblí – Comhionannas agus Cearta an Duine

Tá oibleagáidí agus freagrachtaí ar leith ar OT Baile Átha Cliath, mar eagraíocht Earnála Poiblí, chun idirdhealú a chosc agus chun a chinntiú go n-urramaítear cearta an duine atá ag gach duine. Leis [an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014](#), leagtar amach gur gá d’eagraíochtaí earnála poiblí an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus córa dá foireann agus do na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag a gcomhaltaí, a bhfoireann agus na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint, agus cuirtear cosc leis [na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015](#), ar idirdhealú a dhéanamh ar naoi bhforas dhifriúla, lena n-áirítear inscne, míchumas, cine agus eitneacht agus stádas teaghlaigh. Treoraítear OT Baile Átha Cliath freisin leis na [hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018](#), le [hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018](#), agus le [hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022](#).

Rochtain agus Oideachas

Leagadh amach é seo roimhe seo i rannán 10, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú – Ráiteas agus an Dualgas Earnála Poiblí.

Cuireann an Ollscoil feasacht agus tuiscint chun cinn ar cheithre ghné an idirdhealaithe, eadhon, idirdhealú stairiúil, idirdhealú struchtúrach, idirdhealú institiúideach agus idirdhealú aonair, d’fhonn tacú le cultúr feabhsaithe comhionannais, measa agus cothroime, áit a seastar go gníomhach le cearta an duine atá ag gach duine.

Rún Straitéiseach na hOllscoile

Sa bhliain 2024, lean an Ollscoil d’obair a dhéanamh ar na spriocanna dá cuid atá leagtha amach sa Rún Straitéiseach 2030, áit a bhfuil comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar chuspóir straitéiseach ina n-aithneofar an Ollscoil mar eiseamláir i gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, áit a mbeidh daoine bródúil as a bheith mar chuid de phobal nasctha agus a gcruthóidh a gcuid buanna, inniúlachtaí agus gastachta fíorthionchar ar an ardán domhanda. Tugtar gealltanais sa Phlean Straitéiseach 2024-2028 go gcuirfear chun feidhme an raon iomlán pleananna comhionannais arna bhforbairt ag an Roinn Oideachais agus ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), lena n-áirítear an Creat um Thoilíú in Institiúidí Ardoideachais, Plean Forfheidhmithe an ÚAO um

Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais 2022-2024, Prionsabail Frithchinióchais an ÚAO d’Institiúidí Ardoideachais, agus Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Chomhionannas Cine 2022-2024. Rinneadh na cuspóirí sin a leabú isteach in obair na hOllscoile tuilleadh trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta a chruthú, ionas gur féidir tomhas agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar an rath.

12.6 An Dualgas Earnála Poiblí – Gníomhú ar son na hAeráide

Ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí leis an bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide faisnéis bhliantúil a thuairisciú ar na príomhréimsí atá leagtha amach i dTábla 9. Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar fáil sa leagan is déanaí den [Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó OT Baile Átha Cliath](#).

Tábla 8: Tuairisciú OT Baile Átha Cliath de réir an tSainordaithe Náisiúnta

Réimse Tuairiscithe	An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide
Astaíochtaí gás ceaptha teasa	Leathanach 13, Rannán 1.2b – Ár Spriocanna
Cur Chun Feidhme an tSainordaithe	Leathanaigh 11-17, Rannán 1.2b – Forbhreathnú ar an gCur i gCrích
Gníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta	Leathanaigh 14-15, Rannán 1.2b.iii – Ár Modh Oibre, Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Inbhuanaithe
Comhlíonadh Chiorclán 1/2020: Nósanna imeachta maidir leis na hastaíochtaí a bhaineann le hAerthaisteal a chúiteamh	Leathanach 16, Rannán 1.2b.iii – Ár Modh Oibre, Astaíochtaí a Bhaineann le hAerthaisteal
Tuarascáil ar an mbonnlíne Úsáide Páipéir, ar an sprioc laghdúcháin, ar ghníomhartha chun spriocanna a laghdú agus ar an dul chun cinn	Leathanach 69, Rannán 4.8 – Páipéar
Pleananna agus Píblíne Tionscadal go 2030	Leathanaigh 46-47, Rannán 3.1g – Gníomhartha atá beartaithe chun Spriocanna Carbóin a Bhaineann le Fuinneamh a Bhaint Amach Leathanaigh 60-62, Rannán 3.2f – Gníomhartha atá Beartaithe chun Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh a Bhaint Amach



R: strategy@tudublin.ie

G: tudublin.ie



**mar a dtagann an fhoghlaim agus
an fíorshaol le chéile**